

Siollabas Ardleibhéal 1 (C1)



**Ionad na dTeangacha,
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad**

Clár	lch
1. Réamhrá.....	3
2. Cad é atá i gceist le hArdleibhéal 1 (C1)?	4
2.1 Cur síos ginearálta ar Ardleibhéal 1 (C1).....	4
2.2 Téamaí agus stór focal.....	5
2.3 Feidhmeanna	8
3. Comhairle maidir le clár teagaisc a chur le chéile	8
4. An fheasacht teanga agus an próiseas foghlama teanga	9
4.1 Ginearálta	9
4.2 Ról an mhúinteora	10
5. Na scileanna	12
6. Cluastuiscint	12
6.1 Ginearálta	12
6.2 Cé chomh maith?	12
6.3 Cineálacha téacsanna éisteachta	13
6.4 <i>Scenarios</i> , téacsanna agus tascanna	13
6.5 Strateisí le cuidiú le foghlaimoirí agus iad ag éisteacht le téacsanna	17
6.6 Treoracha don mhúinteoir le cuidiú le foghlaimoirí agus iad ag éisteacht	19
7. Labhairt	20
7.1 Ginearálta	20
7.2 Cé chomh maith?	20
7.3 Feidhmeanna	21
7.4 Cúrsaí foghraíochta: comhairle ghinearálta	22
7.4.1 Tionchar an Bhéarla	23
7.4.2 Béim	24
7.4.3 Canúintí	24
7.5 <i>Scenarios</i>	25
7.6 Straitéisí le cuidiú le foghlaimoirí agus iad ag labhairt na teanga	32
7.7 Treoracha don mhúinteoir le cuidiú le foghlaimoirí agus iad ag labhairt na teanga	33
8. Scríbhneoireacht	34
8.1 Ginearálta	34
8.2 Cé chomh maith?	34
8.3 Feidhmeanna	35

8.4	Samplaí	35
8.5	Mílitríú	41
8.6	Roinnt focal a mhílitrítear go minic	43
8.7	‘Idirtheanga’ sa Ghaeilge scríofa	45
8.8	Caighdeán vs canúint	46
8.9	Straitéisí le cuidiú le foghlaimoirí agus iad ag scríobh	46
8.10	Treoracha don mhúinteoir le cuidiú le foghlaimoirí agus iad ag scríobh.....	47
9.	Léamhthuisceint	49
9.1	Ginearálta	49
9.2	Cé chomh maith?	49
9.3	Cineálacha téacsanna	49
9.4	Samplaí	50
9.5	Straitéisí le cuidiú le foghlaimoirí agus iad ag léamh	56
9.6	Treoracha don mhúinteoir le cuidiú le foghlaimoirí agus iad ag léamh	57
10.	Cultúr na Gaeilge	58
11.	An ghramadach agus cúrsaí cruinnis	59
11.1	Ginearálta	59
11.2	Struchtúir ar leith	60
12.	Cumas séimeantach	62
12.1	Ciall focal	62
12.2	Scileanna eile	63
13	Foclóirí agus saothair thagartha eile a cheadú	65
13.1	Ginearálta	65
13.2	<i>Foclóir Gaeilge–Béarla, Ó Dónaill (1977)</i>	65
13.3	<i>New English–Irish Dictionary & English–Irish Dictionary, de Bhaldráithe (1959)</i>	66
13.4	An bunachar téarmaíochta www.focal.ie	67
13.5	An suíomh gréasáin www.logainm.ie	68
13.6	Graiméir Ghaeilge	68
13.7	Litreoirí Gaeilge	69
14.	Teanga na hacadúlachta	69
15.	Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1)	73
16.	<i>Aguisín 1</i> Téamaí	74
17.	<i>Aguisín 2</i> Téacsanna léamhthuisceana	79
18.	<i>Aguisín 3</i> Gluais de na príomhthéarmaí	88

1. Réamhrá

- Tá cuntas sa siollabas seo ar an chumas teanga ba chóir a bheith ag foghlaimoirí sula dtabharfaidh siad faoi Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1).
- Murab ionann agus siollabais TEG go dtí seo, ní thugtar liostaí cuimsitheacha de na téamaí, de na feidhmeanna, den fhoclóir ná den ghramadach atá le múineadh ag Ardleibhéal 1 (C1). Tá riachtanais fhoghlaimoirí ag an leibhéal seo róleathan, ró-ilchineálach le go mbeadh tairbhe ar bith ina leithéid de chur chuige saintreorach. Ina ionad sin is siollabas tuairisciúil é seo a chuireann síos ar na láidreachtaí agus ar na laigí a bhíonn ag foghlaimoirí sna scileanna éagsúla ag an leibhéal seo. Léirítear an leibhéal cumais le téacsanna agus le taifeadtaí samplacha agus le tráchtairacht ar na samplaí sin.
- Tugtar comhairle chuimsitheach do mhúinteoirí ar conas clár teagaisc a chur le chéile agus dul i mbun an teagaisc seachas na míreanna teagaisc féin a liostú go mion. Sainmhínítear ról an mhúinteora i dtaca le feasacht teanga na bhfoghlaimoirí a fhorbairt le go mbainfidh siad barr feabhais amach sa Ghaeilge.
- Is tógáil ar na heilimintí a bhí i Siollabais Bhonnleibhéal 1 (A1), Bhonnleibhéal 2 (A2), Meánleibhéal 1 (B1) agus i Siollabas Mheánleibhéal 2 (B2) atá sa siollabas seo. Tá an bhéim ar fhorbairt agus ar chothú na feasachta. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh na scileanna atá sealbhaithe ag foghlaimoirí ag na leibhéil eile a bhuanú agus a fhorbairt.
- Tá scrúduithe agus siollabais TEG ar fáil ag na leibhéil seo:

Siollabais TEG	Leibhéal Scrúdaithe
Bonnleibhéal 1 (A1)	Bonnleibhéal 1 (A1)
Bonnleibhéal 2 (A2)	Bonnleibhéal 2 (A2)
Meánleibhéal 1 (B1)	Meánleibhéal 1 (B1)
Meánleibhéal 2 (B2)	Meánleibhéal 2 (B2)
Ardleibhéal 1 (C1)	Ardleibhéal 1 (C1)
Ardleibhéal 2 (C2) á fhorbairt	Ardleibhéal 2 (C2) á fhorbairt

- Léiríonn an tábla thíos an chaoi a bhfuil siollabais agus scrúduithe Theastas Eorpach na Gaeilge bunaithe go ginearálta ar *The Common European Framework of Reference for Languages: Learning, teaching, assessment* (CEFR) a d'fhoilsigh Comhairle na hEorpa sa bhliain 2001.

Siollabais TEG agus Leibhéal Scrúdaithe	Leibhéal CEFR	Uaireanta staidéir/ foghlama*
Bonnleibhéal 1 (A1)	A1	80–100
Bonnleibhéal 2 (A2)	A2	+ 160–200
Meánleibhéal 1 (B1)	B1	+ 350–400
Meánleibhéal 2 (B2)	B2	+ 500–600
Ardleibhéal 1 (C1)	C1	+ 1000
Ardleibhéal 2 (C2) á fhorbairt	C2	+ 1500

* Níl anseo ach treoir.

Teastaíonn forbairt shuntasach ar scileanna teanga an fhoghlaimora ag Ardleibhéal 1(C1) i gcomparáid le Meánleibhéal 2 (B2). Beifear ag súil le feabhas nach beag i ngach ceann de na scileanna, feabhas nach féidir a bhaint amach gan seal fada staidéir agus cleachtaidh.

2. Cad é atá i gceist le hArdleibhéal 1 (C1)?

2.1 Cur síos ginearálta ar Ardleibhéal 1(C1)

- Tá neamhspleáchas suntasach in úsáid na teanga bainte amach ag foghlaimoirí ag Ardleibhéal 1 (C1) Is féidir leo iad féin a chur in iúl go líofa spontáineach. Tá stór focal leathan, fairsing acu. I gcás nach mbeadh focail nó frása faoi leith ar eolas acu is féidir leo sin a chúiteamh le malairt focal nó le timchaint éigin. Bíonn sruth cainte leo go héasca soiléir agus smacht acu, de ghnáth, ar phríomhstruchtúir na teanga.
- Ag Ardleibhéal 1 (C1) beifear ag súil leis na foghlaimoirí a bheith inniúil ar na spriocanna a leagadh síos do Mheánleibhéal 2 (B2) i dtaca le gach ceann de na réimsí a clúdaíodh. Chomh maith leis sin, beifear ag súil leis an fhoghlaimoir ag Ardleibhéal 1 (C1) a bheith in ann roinnt mhaith rudaí sa bhreis a dhéanamh, seachas mar a bhí ag Meánleibhéal 2 (B2). Beidh an forás sin le sonrú ar fheidhmiú foriomlán an fhoghlaimora ó thaobh líofachta, foclóra, cruinnis, scileanna gramadaí agus araile.
- Ba ghné thábhachtach de Mheánleibhéal 2 (B2) na foghlaimoirí a bheith solúbtha agus iad ag úsáid na teanga nó ag déileáil le deacrachtaí cumarsáide. Gné bhreise den tsolúbthacht sin ná go mbeifear ag súil leo a bheith in ann déileáil le hábhair agus téamaí atá taobh amuigh dá dtaithe agus dá réimse eolais féin. Gné lárnach eile d’Ardleibhéal 1 (C1) na foghlaimoirí a bheith níos spontáiní agus níos cruthaithí sa dóigh a n-úsáideann siad an teanga. Anois agus iad ag dul i dtreo na máistreachta, beidh siad muiníneach go leor le casadh a bhaint as an teanga agus gnéithe caolchúiseacha a thabhairt isteach, mar shampla, íoróin, greann, imeartas focal, infheiriú, dímhéas agus araile, agus na gnéithe sin a thuiscint i dtéacsanna nó i gcaint daoine eile.

- Beidh úsáid straitéisí cumarsáide fós tábhachtach ach is annamh a bheidh sé le sonrú ar fhoghlaimoírí ag Ardleibhéal 1 (C1) go bhfuil focail nó nathanna cainte á gcuardach acu.
- Beidh foghlaimoírí ag an leibhéal seo in ann feidhmiú i gcomhthéacsanna ina n-úsáidtear an Ghaeilge mar mheán cumarsáide ginearálta nó mar theanga oibre.
- I dtaca le stór focal de, beidh foghlaimoírí in ann déileáil le raon leathan focal, lena n-áirítear cora cainte agus leaganacha canúnacha agus nuathearmaí, fad is nach bhfuil siad sin róshainiúil nó rótheicniúil.

2.2 Téamaí agus stór focal

Sna siollabais go dtí seo roghnaíodh téamaí agus feidhmeanna de réir ár dtuisceana ar na dálaí agus na comhthéacsanna ina mbíonn foghlaimoírí ag feidhmiú agus de réir na riachtanas teanga is dócha a bheidh acu sna dálaí agus sna comhthéacsanna sin. Ní hamhlaidh atá an scéal ag Ardleibhéal 1 (C1), áfach, mar ní féidir a thuar cad iad na téamaí a bheidh úsáideach ag foghlaimoírí ardleibhéil.

Bíonn riachtanais ar leith dá gcuid féin ag foghlaimoírí ardleibhéil. Beidh cuid acu ag iarraidh dul i ngleic le téamaí úrnua ar fad, mar shampla, cúrsaí dlí, na heolaíochtaí nó cúrsaí scannánaíochta. Is dá bharr sin a socraíodh gan téamaí ar leith a leagan síos ag an leibhéal seo. Fághtar faoi mhúinteoirí, agus iad ag obair i bpáirt leis na foghlaimoírí, téamaí agus fothéamaí a roghnú de réir spriocanna agus riachtanais na bhfoghlaimoírí. Gach seans go mbeifear ag filleadh ar théamaí a clúdaíodh sna siollabais eile ach go mbeifear ag díriú ar ghnéithe nár pléadh go mion go dtí seo nó go mbeidh an plé ag leibhéal níos airde an iarraidh seo. Gheofar liosta cuimsitheach de théamaí agus d'fhothéamaí in *Aguisín 1: Téamaí*. Is le cuidiú le múinteoirí cúrsaí a phleanáil a chuirtear an liosta sin ar fáil agus níltear ag maíomh go gcaithfear gach uile thopaic a bheith mar chuid d'aon chúrsa.

Tá sé barrthábhachtach na foghlaimoírí a chur i ngleic le téamaí atá ábhartha dá riachtanais féin. Is é atá i gceist le 'hábharthacht' ná téamaí a bheith suimiúil agus úsáideach. Ba chóir go mbainfidís le comhthéacsanna ina n-úsáidfear an teanga agus go gcuirfidís ar chumas na bhfoghlaimoírí freastal ar ghnéithe riachtanacha den chumarsáid. Is fiú a mheabhrú nach leor na téamaí iontu féin. Caithfidh múinteoirí agus foghlaimoírí dul i ngleic leo chun ábhair inspéise a dhéanamh díobh, fócas ar leith a aimsiú nó iad a roinnt i bhfothéamaí. Tá sé riachtanach gnéithe de na téamaí ginearálta a fhorbairt chun freastal ar riachtanais agus ar ábhair spéise na bhfoghlaimoírí. Seo thíos roinnt samplaí a léiríonn conas a d'fhéadfaí a leithéid d'fhorbairt a dhéanamh:

Sampla 1

Cúrsaí Polaitíochta: Olltoghchán ag druidim linn

- Ag léamh agus ag obair ar alt nuachtáin faoi na ceisteanna is mó a bheidh á bplé le linn an fheachtais olltoghcháin.
- Ag déanamh staidéir ar ábhair thoghchánaíochta ar shuíomhanna gréasáin na bpáirtithe éagsúla.
- Ag scríobh litreach chuig iarrthóirí sa toghcheantar maidir le riachtanais áitiúla.
- Ag glacadh páirte i ndíospóireacht faoi na gealltanais a thug an Rialtas roimh an olltoghchán deireanach agus an méid a chuir siad i gcrích.
- Ag éisteacht le díospóireacht idir urlabhraithe na bpáirtithe móra agus ag tabhairt breithiúnais ar a bhfuil le rá acu.

Sampla 2

Caitheamh aimsire: Cúrsaí ealaíne

- Ag léamh agus ag obair ar alt tuairimíochta ina bpléitear cás na n-ealaíontóirí Éireannacha atá ag iarraidh slí bheatha lánaimseartha a bhaint as an ealaín.
- Ag breathnú agus ag obair ar mhír nuachta faoi thaispeántas saothar ealaíne ón Pholainn atá ar taispeáint i mBaile Átha Cliath.
- Ag déanamh plé ar na saothair ealaíne is mó a chuaigh i bhfeidhm ort féin agus ag déanamh liosta díbh.
- Ag éisteacht le mír raidió ina ndéantar léirmheas ar dhráma nua agus ag plé na dtuairimí a nochtar ina thaobh.

Sampla 3

Cúrsaí oibre agus fostaíochta: Ag lorg agus ag athrú poist

- Ag léamh ailt i nuachtán faoi chúrsaí eacnamaíochta agus cailteanas post i do cheantar féin.
- Ag cur le chéile liosta agus ag déanamh plé ar na féidearthachtaí maidir le breis fostaíochta a mhealladh chun an cheantair.
- Ag cur le chéile leagan Gaeilge de do CV féin agus ag cur comhairle ar dhaoine eile maidir lena CV siúd.
- Ag léamh leathanach na bhfolúntas i bhfoilseacháin Ghaeilge agus ar shuíomhanna Gréasáin agus ag déanamh plé le daoine eile faoi na poist a bheadh oiriúnach dóibh agus a mbeadh suim acu iontu.

Ba cheart réimse leathan téacsanna a chur faoi bhráid foghlaimeoirí ag an leibhéal seo agus na téacsanna sin a bheith in oiriúint d’aidhmeanna agus de spriocanna na foghlama. Tabhair faoi deara go gcuimsíonn an focal ‘téacs’ ábhair físe agus fuaime chomh maith le hábhair scríofa. Le linn dóibh a bheith ag plé le téacsanna den chineál thuas, bheadh na foghlaimeoirí i ngleic le raon leathan focal agus nathanna a bhaineann le téama ar leith. Is minic gur i gcúrsaí foclóra is soiléire a fheictear an forás nó an fhorbairt ó leibhéal go leibhéal. Féach thíos, mar shampla, na focail i Siollabas Mheánleibhéal 2 (B2) a bhaineann le cúrsaí toghcháin.

polaitíocht Teachta(í) Dála comhrialtas Tánaiste urlabhraí/urlabhraithe fothoghchán tromlach/móramh	páirtí polaitíochta Teachta Dála neamhspleách an freasúra Aire/Airí rialtais toghchán vóta a chaitheamh mionlach	ceannaire an pháirtí an Rialtas Taoiseach Aire/Airí stáit olltoghchán dáilcheantar
---	--	---

Bheadh an foclóir thuas rótheoranta don phlé ag Ardleibhéal 1 (C1). Is féidir go mbeadh feidhm leis na focail agus na frásaí sa liosta thíos in aon phlé ar chúrsaí toghcháin i measc foghlaimeoirí ag Ardleibhéal 1 (C1). Theastódh na focail seo, b’fhéidir, le clár faisnéise teilifíse a thuiscint nó alt nuachtáin a léamh nó toradh toghcháin a phlé le cairde/comhghleacaithe.

feisire parlaiminte reifreann calaois toghcháin síntiús polaitiúil athchomhaireamh craoladh páirtí polaitíochta vóta singil neamhaistrithe	vóta millte slógadh páipéar ballóide ainmniúchán vóta bailí cuóta pobalbhreith	ball tofa vótáil leictreonach farasbarr both vótála canbhásáil toghcheantar ionadaíocht chionmhar
--	--	---

Chun cuidiú le múinteoirí na cúrsaí teagaisc atá acu a phleanáil tá liosta de na príomhthéamaí agus d’fhothéamaí, atá bunaithe ar an méid atá sa *CEFR* (2001) le fáil in *Aguisín 1: Téamaí*.

2.3 Feidhmeanna

Tá raon leathan feidhmeanna i gceist ag Ardleibhéal 1 (C1) chomh maith. Clúdaítear cuid mhaith de na feidhmeanna sna siollabais eile ach go bhfuiltear ag súil le foghlaimoirí ag Ardleibhéal 1 (C1) feidhmiú ag leibhéal níos airde fós. I measc na bhfeidhmeanna is tábhachtaí tá:

- cur síos ar rudaí
- cuireadh a thabhairt
- gar, eolas agus araile a iarraidh
- dearcadh agus tuairimí a léiriú
- rudaí a chur i gcomparáid nó i gcodarsnacht
- gearán a dhéanamh
- míniú a thabhairt
- pointe a forbairt
- rudaí a mheas
- comhairle a chur ar dhaoine
- beart, tuairim, nós agus araile a chosaint

Chomh maith le forbairt a dhéanamh ó Mheánleibhéal 2 (B2), beidh foghlaimoirí ag Ardleibhéal 1 (C1) in ann déileáil le feidhmeanna úrnua nár clúdaíodh sna siollabais go dtí seo. Mar shampla:

- hipitéis nó ‘cur i gcás’
- áitiú
- cur in ord tosaíochta
- achoimriú
- dealú, mórphointí argóna a dhealú ó mhionphointí
- idirbheartú
- leideanna indíreacha a thabhairt agus a thuiscint
- cumarsáid a dhéanamh go caolchúiseach, mar shampla íoróin nó searbhas a léiriú
- spochadh as duine

3. Comhairle maidir le clár teagaisc a chur le chéile

Dar linne gurb iad na daoine atá i mbun an clár teagaisc a dhearadh is fearr atá in ann anailís a dhéanamh maidir leis an teanga atá riachtanach dá bhfoghlaimoirí féin. Le linn do chúrsa a bheith á dhearadh acu, ba chóir do mhúinteoirí agus do dhearthóirí cúrsa **anailís ar riachtanais** (*needs analysis*) a dhéanamh. Chuige sin, moltar leas a bhaint as an liosta ceisteanna seo thíos ón *CEFR* (2001). Ach oiread leis an chuid eile den cháipéis sin, ní sraith orduithe atá sa liosta ceisteanna ná níltear ag maíomh go gcaithfear freastal ar gach uile phointe ann. Má mheasann múinteoirí nó dearthóirí cúrsa go bhfuil gnéithe ann nach mbaineann go dlúth lena gcás féin ní gá dóibh iad a chur san áireamh. Moltar, áfach, go ndéanfadh múinteoirí agus dearthóirí cúrsa a machnamh ar gach ceist sula ndéantar a leithéid de chinneadh.

- An eol dúinn na fearainn (pearsanta, poiblí, gairmiúil, oideachais) nó na comhthéacsanna ina mbeidh na foghlaimeoirí ag gníomhú? Cad iad na rólanna a bheidh le himirt acu?
- Cén cineál daoine a mbeidh siad ag déileáil leo?
- Cad iad na caidrimh phearsanta nó ghairmiúla a bheidh acu agus cén fráma institiúideach a bheidh i gceist (cara, duine de do lucht aitheantais, duine den lucht féachana/éisteachta, fostóir, fostaí, comhghleacaí oibre, custaiméir, múinteoir, duine de lucht an ranga)?
- Cad iad na tascanna a bheidh le cur i gcrích ag an fhoghlaimeoir sna fearainn phearsanta, phoiblí, ghairmiúla agus/nó oideachais?
- Cad iad na téamaí a gcaithfidh siad a bheith in ann déileáil leo?
- An mbeidh orthu labhairt, nó díreach éisteacht nó léamh ar mhaithe le tuiscint? An mbeidh téacsanna le scríobh acu agus, má bhíonn, cén cineál téacsanna a bheidh ann?
- Cad é leis a mbeidh siad ag éisteacht nó cén cineál rudaí a bheidh á léamh acu?
- Cad iad na dálaí ina mbeidh siad ag feidhmiú?
- Cén t-eolas ginearálta nó cén saineolas ar chultúr na Gaeilge a bheidh de dhíth orthu?
- Cad iad na scileanna a chaithfear a fhorbairt?
- Mura féidir a thuar cad iad na comhthéacsanna ina n-úsáidfidh na foghlaimeoirí an teanga, conas is fearr iad a ullmhú chun an teanga a úsáid le haghaidh cumarsáide gan am agus fuinneamh a chur amú ar chomhthéacsanna nach mbaineann le hábhar?
- Cén chaoi is fearr a rachaidh an teagasc/cúrsa chun sochair dóibh ina saol gairmiúil amach anseo?

Ar ndóigh, nílimidne in ann na ceisteanna sin a fhreagairt gan eolas againn ar aidhmeanna na gcúrsaí ná ar na riachtanais iomadúla a bhíonn ag foghlaimeoirí ardleibhéil. Ní féidir na ceisteanna a fhreagairt gan lántuiscint ar na cúinsí foghlama/teagaisc agus, thar gach rud eile, gan eolas ar riachtanais, ar spreagadh, ar thréithe agus ar acmhainní na bhfoghlaimeoirí agus na bpáirtithe eile. Go deimhin, is mar gheall ar an éagsúlacht as cuimse sin i measc na bhfoghlaimeoirí is gá raon leathan cúrsaí a chur ar fáil. Tá tuilleadh eolais ar conas anailís ar riachtanais a dhéanamh le fáil sa leabhar *Syllabus Design* le David Nunan, Oxford University Press, 1988: 75–84. Is fiú a mheabhrú go mbíonn riachtanais ar leith acu siúd atá ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge i suíomh acadúil nó ar shainchúrsa éigin (mar shampla, cúrsa Gaeilge do dhlíodóirí). Sna cúrsaí sin, caithfear freastal ar spriocanna acadúla agus gairmiúla chomh maith leis na riachtanais agus na hábhair spéise a thuairiscíonn na foghlaimeoirí féin.

4. An fheasacht teanga agus an próiseas foghlama teanga

4.1 Ginearálta

- Is maith is eol do mhúinteoirí nach ionann mar a éiríonn le gach foghlaimeoir atá ag iarraidh teanga a fhoghlaim. Tá a lán rudaí ann a mbíonn tionchar acu ar rath

na foghlama, mar shampla, cúlra an fhoghlaim, pearsantacht, aois, spreagadh agus araile.

- Tá an-bhéim á cur ar fheasacht teanga sa teangeolaíocht fheidhmeach le roinnt blianta anuas. Baineann an fheasacht teanga leis an tuiscint atá ag foghlaimoirí ar an phróiseas foghlama teanga agus an machnamh a dhéanann siad faoin chaoi a bhfeidhmíonn an teanga. Dá mhéad machnamh a dhéanann siad fúthu féin mar fhoghlaimoirí, faoi na buanna agus na laigí atá acu agus faoi na straitéisí a mbaineann siad úsáid astu, is amhlaidh is fearr a éireoidh leo agus iad i mbun foghlama.
- Is ionann feasacht teanga a fhorbairt agus cuidiú le foghlaimoirí tarraingt go lán-chomhfhiosach ar cibé eolas atá acu ar an teanga cheana féin agus iarracht a dhéanamh tógáil air sin. Is iomaí eispéireas foghlama a bhíonn ag foghlaimoirí i rith a saoil. Bíonn scileanna agus acmhainní acu dá bharr sin a chuidíonn leo dul i mbun na foghlama. Is féidir, mar shampla, leas a bhaint as na cosúlachtaí agus contrárthachtaí idir an Ghaeilge agus an Béarla, nó idir an Ghaeilge agus teangacha eile a bheadh ar eolas an fhoghlaimora. Is féidir cuidiú le foghlaimoirí Gaeilge leas a bhaint as na heispéiris a bhí acu agus iad ag foghlaim teanga(cha) eile. Is mar sin is fearr a bhaintear leas as an fheasacht mheitheangeolaíoch. Ba chóir an cur chuige oideolaíoch sin a fhorbairt chun fiosracht i leith na Gaeilge agus chultúr na Gaeilge a spreagadh agus chun cur le féinmhuinín agus le straitéisí an fhoghlaimora i dtaca le foghlaim na teanga, anailís a dhéanamh uirthi agus gnéithe den teanga a thabhairt faoi deara.

4.2 Ról an mhúinteora

- Caithfidh na múinteoirí féin an tábacht a bhaineann le feasacht teanga a thuiscint agus eolas a chur ar na bealaí is fearr le cuidiú lena gcuid foghlaimoirí.
- Le linn an teagaisc ba chóir do mhúinteoirí díriú ar bhonn leanúnach ar ghnéithe éagsúla den fheasacht teanga agus go háirithe ar úsáid straitéisí foghlama agus cumarsáide. Is féidir úsáid a bhaint as téacsanna oiriúnacha, idir théacsanna scríofa, théacsanna éisteachta, agus téacsanna físe, chun na foghlaimoirí a spreagadh chun machnaimh ar na hábhair seo. Sa siollabas seo, tugtar neart samplaí de conas an fheasacht teanga a fhí isteach sa teagasc. Is é aidhm an chuir chuige seo ná cuidiú leis an phróiseas sealbhaithe teanga trí dheiseanna a chur ar fáil do na foghlaimoirí bearnaí ina gcuid eolais féin a aithint, go háirithe sa labhairt agus sa scríobh.
- Ba chóir na foghlaimoirí a ghríosú chun labhairt agus chun machnamh a dhéanamh i dtaobh a gcuspóirí foghlama féin agus i dtaobh chuspóirí ginearálta an teagaisc. Déantar sin chun iad a spreagadh tuilleadh agus chun go nglacfaidh siad tuilleadh freagrachta chucu féin. Lena rá ar bhealach eile, ba chóir do na múinteoirí iad a threorú le go bhfoghlaimoidh siad conas foghlaim.

- Is fearr go mór labhairt leis na foghlaimeoirí **le linn** dóibh a bheith ag déanamh tascanna seachas caint theibí a thabhairt mar gheall ar straitéisí agus a bheith ag súil leo na straitéisí sin a úsáid ar an dóigh cheart ag an am ceart. Má labhraítear leo le linn na hoibre is féidir tabhairt orthu a machnamh a dhéanamh faoi na fadhbanna ar leith a bhíonn acu.
- Is é an múinteoir atá lárnach sa teagasc traidisiúnta. Is eisean nó ise a chuireann ceisteanna ar na foghlaimeoirí agus is minic nach mbíonn de chuspóir leis na ceisteanna sin ach deimhniú a fháil ó na foghlaimeoirí go bhfuil struchtúir nó pointí áirithe gramadaí ar eolas acu. Go rómhínic, ní léir don mhúinteoir (ná do na foghlaimeoirí) an leas is féidir a bhaint as ceisteanna a spreagann idirghníomhaíocht cheart. Ba chóir spás a bheith ann i gcomhair ceisteanna atá dírithe ar an phróiseas foghlama agus a spreagann na foghlaimeoirí chun anailís a dhéanamh ar conas a théann siad i mbun tascanna, na teicnící a úsáideann siad agus cé chomh héifeachtach agus a bhíonn na teicnící sin. Sampla de sin is ea a leithéid seo de cheist a chur: ‘Cad é a dhéanann tú má bhíonn tú ag léamh agus go dtagann tú ar fhocal nach dtuigeann tú?’
- Is fiú go mór foghlaimeoirí a chur ag obair i ngrúpaí beaga chun tasc a chur i gcrích i bpáirt le chéile. Is mar sin is fearr a fhoghlaimíonn siad teicnící ceisteoireachta a chuideoidh leo agus iad ag déanamh réidh i gcomhair an taisc. Cuideoidh sé leo monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanann siad agus toradh a gcuid oibre a mheas. Is trí chomhrá lena gcomhghleacaithe a aithneoidh siad an úsáid a bhaineann siad féin as straitéisí agus cibé bearnaí a bheadh ina gcuid eolais féin. Ní hionann an cur chuige a bhíonn ag aon bheirt fhoghlaimeoirí le linn dóibh bheith ag déanamh obair ghrúpa. Ní bhaintear an leas céanna as straitéisí ach oiread. Bíonn tuiscint an-soiléir ag foghlaimeoirí áirithe ar conas a úsáideann siad straitéisí ach is i nghan fhios dóibh féin a úsáideann foghlaimeoirí eile cibé straitéisí atá acu. Is é an buntáiste is mó a bhaineann le foghlaimeoirí a chur ag obair i bpáirt le chéile ná go ligeann dóibh tacú le chéile faoi stiúir an mhúinteora. Is mór is fiú an tacaíocht a fhaightear ó fhoghlaimeoirí a bhfuil tuiscint acu ar conas a fhoghlaimíonn siad agus a bhíonn in ann déileáil le deacrachtaí.
- Tá an fheasacht teanga ina cuid riachtanach den **fhoghlaim féinriartha**. De réir mar a chuirtear le feasacht teanga na bhfoghlaimeoirí is amhlaidh a bhíonn siad in ann níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama féin seachas a bheith ag brath go huile is go hiomlán ar thacaíocht agus ar stiúir an mhúinteora. Sin ráite, ba cheart cuimhneamh go bhfuil áit thábhachtach ag múinteoirí go fóill sa rang teanga. Níl sé i gceist go ndéanfaí imeallú ar an ról atá ag múinteoirí ach go mbeadh a gcuid oibre dírithe ar chabhrú le foghlaimeoirí agus iad i mbun foghlama. Agus iad ag iarraidh na foghlaimeoirí a chur i dtreo na foghlama féinriartha, ba cheart do mhúinteoirí díriú ar na rudaí seo a leanas:
 1. Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar na foghlaimeoirí chun teacht ar thuiscint ar na straitéisí a úsáideann siad nó nach n-úsáideann siad agus iad i ngleic le tascanna agus gníomhaíochtaí éagsúla.

2. Ba chóir don mhúinteoir, i bpáirt leis na foghlaimeoirí, anailís a dhéanamh ar na straitéisí a úsáideadh chun tasc/gníomhaíocht a chur i gcrích go héifeachtach. Mar shampla, gan éirí as an léitheoireacht má thagann focail agus frásaí nua aníos sa téacs, ach nóta a dhéanamh díobh agus iad a lorg san fhoclóir níos faide anonn. Cuideoidh plé ar straitéisí mar seo le foghlaimeoirí eile nach mbaineann leas as a leithéid agus nár smaoinigh ar a leithéid a úsáid cheana.
3. Gníomhaíochtaí/tascanna eile a mholadh a thabharfadh deis d'fhoghlaimeoirí na straitéisí a úsáid.

5. Na scileanna

Ar ndóigh, níl sé i gceist go ndéanfaí na scileanna teanga a mhúineadh neamhspleách ar a chéile. Ag brath ar aidhmeanna an chúrsa teagaisc, agus ar spriocanna na bhfoghlaimeoirí, molaimid gur cheart cur chuige comhtháite a úsáid sa seomra ranga agus úsáid a bhaint as réimse leathan de théacsanna éisteachta, físe agus léitheoireachta.

6. Cluastuiscint

6.1 Ginearálta

Tá foghlaimeoirí ag Ardleibhéal 1 (C1) in ann caint fhada a thuiscint gan mórán dua, lena n-áirítear fógraí, teachtaireachtaí, teoracha taifeadta, léachtaí, díospóireachtaí, formhór na gclár raidió/teilifíse agus ábhair eile atá coitianta sa saol sóisialta, acadúil agus gairmiúil. Tá siad in ann comhrá agus plé idir tríú páirtithe a thuiscint fad is nach mbíonn an chaint thar a bheith canúnach, sainiúil, teicniúil nó an-tapa.

6.2 Cé chomh maith?

In ann píosa fada cainte a thuiscint fiú mura mbíonn struchtúr soiléir air agus fiú má chuirtear pointí áirithe in iúl go hindíreach, caolchúiseach, gan iad a rá glan amach. In ann caint atá casta ó thaobh na hargóna agus ó thaobh na teanga de a thuiscint faoi thopaicí teibí agus nithiúla fiú má bhaineann an chaint sin le réimsí nach bhfuil saineolas acu orthu. In ann raon leathan de nathanna agus de chora cainte a thuiscint agus difríochtaí réime a thabhairt faoi deara.

Is féidir go lorgófar soiléiriú faoi chora cainte éagoitianta nó má bhíonn an chaint róthapa nó thar a bheith canúnach nó mura mbíonn urlabhra shoiléir ag na cainteoirí. Cuirfear isteach ar an tuiscint má bhíonn torann ard sa chúlra agus má bhíonn an chaint féin an-trína chéile ó thaobh struchtúir de. Beidh deacrachtaí tuisceana ann i gcás droch-chaiighdeán fuaimne i dteachtaireachtaí agus i bhfógraí poiblí. Níltear ag súil go dtuigfear gach focal i gcaint theicniúil ná i gcaint a bhaineann le topaicí nach bhfuil aon saineolas ag an fhoghlaimeoir orthu (mar shampla, an béarlagaire a bhaineann leis an dlí, an teicneolaíocht faisnéise nó an diagacht). Mar sin féin, tuigfear brí ginearálta na cainte

agus beifear in ann úsáid a bhaint as comhthéacs na cainte le buille faoi thuairim a thabhairt faoi bhrí focal agus frásaí nua nach dtuigtear go hiomlán.

6.3 Cineálacha téacsanna éisteachta

Ba cheart go mbeadh an foghlaimeoir in ann réimse leathan de chineálacha éagsúla téacsanna a láimhseáil ag an leibhéal seo. Ba cheart go mbeadh éagsúlacht sa chineál dioscúrsa a chuirfear faoi bhráid foghlaimeoirí. Mar shampla:

- (1) Téacsanna éisteachta ó na meáin chraolta (cláir, fógraí, amhráin, tráchttaireacht spóirt, drámaí, scannáin, réamhaisnéis na haimsire, ábhair ón Ghréasán agus araile).
- (2) Téacsanna éisteachta ón fhearann phoiblí agus ón fhearann phearsanta (comhráite, comhráite gutháin, scéalta grinn, léachtaí, cruinnithe, díospóireachtaí, agallaimh agus araile).
- (3) Téacsanna éisteachta a bhaineann le cúrsaí siamsaíochta (drámaí, scannáin, léamh filíochta, ceolchoirmeacha, DVDanna, dlúthdhioscaí agus araile).

6.4 *Scenarios*, téacsanna agus tascanna

Léiríonn *scenarios* na comhthéacsanna sin ina mbeidh ar na foghlaimeoirí an teanga a labhairt nó éisteacht léi. Ba cheart úsáid a bhaint as réimse leathan *scenarios* ina léirítear cineálacha éagsúla dioscúrsa. Mar atá ráite thuas, ba cheart riachtanais na bhfoghlaimeoirí a chur san áireamh maidir leis na fearainn lena mbaineann na téacsanna atá le húsáid. Is iad na príomhfhearainn atá i gceist ná an fearann pearsanta, an fearann poiblí, an fearann gairmiúil agus an fearann oideachais. Gach seans go mbeidh níos mó ná fearann amháin i gceist le roinnt de na téacsanna. Agus téacsanna éisteachta agus físe á roghnú ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar thábhacht na réime a léiriú d'fhoghlaimeoirí. Ní mar a chéile, mar shampla, an réim a bheadh in úsáid ag beirt chairde ag ól tae le chéile sa chaifé agus beirt pholaiteoirí i mbun díospóireachta faoi thorthaí toghcháin. Ba cheart aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar na slite éagsúla atá ann le rudaí tábhachtacha mar seo a leanas a dhéanamh:

- Friotal cuí a úsáid nuair atá daoine á gcur in aithne dá chéile i suíomhanna éagsúla (foirmiúil – neamhfhoirmiúil).
- Seal a ghlacadh i gcomhrá mar is cuí.
- Ag athrú ábhar an chomhrá go dtí ábhar ar mian leat féin a bheith ag caint faoi.
- Ag léiriú amhrais faoin méid a dúirt duine eile.
- Ag ceartú/ag easaontú le daoine ar bhealach a oireann don ócáid (mar shampla, go múinte, go hioróna, go tarcaisneach agus araile).
- Drochscéal a thabhairt do dhuine ar bhealach cuí.
- Ag cur mothúcháin in iúl ar bhealach cuí (áthas, brón, míshásamh, naimhdeas, comhbhá agus araile).
- Slán a fhágáil/deireadh a chur le comhrá mar is cuí don ócáid.

Má dhírítear aird na bhfoghlaimeoirí ar ghnéithe mar seo i dtéacsanna éisteachta beidh sé níos éasca dóibh féin úsáid a bhaint as na cleasa céanna agus iad féin i mbun cumarsáide. Féach **7.5 Scenarios** thíos.

Níl sna téacsanna seo thíos ach samplaí. Beidh ar fhoghlaimeoirí agus ar mhúinteoirí téacsanna éisteachta agus físe a aimsiú agus tascanna agus *scenarios* a chruthú agus a chur le chéile atá ag teacht leis na spriocanna agus na riachtanais atá acu féin.

Sampla 1

Teideal/foinse: Clár as an tsraith *Cois Cuain*, a craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, 17 Meán Fómhair, 2007.

Cineál cláir: Dráma raidió atá suite i nGaeltacht Thír Chonaill.

Scenario: Aighneas idir beirt bhan, duine acu ag iarraidh ar an bhean eile aire a thabhairt dá leanbh le linn di féin bheith ag an ghruagaire.

Tascanna samplacha: Caithfidh an t-éisteoir comhrá anamúil idir cainteoirí dúchais a thuiscint agus tuairisc a thabhairt ar na gnéithe seo a leanas den fheasacht teanga ann:

- Eochairfhocail a aimsiú a shoiléiríonn cad é atá ag tarlú sa chlár áirithe seo (mar shampla *crèche*, *buidéal*, *clúidíní* a thugann le fios go bhfuil aire le tabhairt do leanbh óg).
- Samplaí d'íoróin a aimsiú sa chlár (mar shampla *ag tarraingt a pháighe* a chur i gcodarsnacht le *ag obair*).
- Rudaí áirithe nach ndeirtear glan amach ach a dtugtar leid ina dtaobh (mar shampla *ag cur rudaí i bhfolach...* i.e. ag goid).
- Liosta a dhéanamh de chora cainte agus de nathanna éagoitianta (mar shampla *nár aifrí Dia ort é*, *ag síneadh do lámh* agus araile).
- An úsáid a bhaintear as leaganacha canúna (mar shampla *fá dtaobh dó*, *pilleann*, *leabharthaí* agus araile).
- An úsáid a bhaintear as focail iasachta ón Bhéarla (mar shampla *an till a chuntas*, *tá cheek oraibh* agus araile).

Is féidir éisteacht leis an mhír [anseo](#).

Sampla 2

Teideal/foinse: Mír as an chlár *An Teach Glas*, a craoladh ar TG4, 3 Feabhra, 2008 (14.37–17.46).

Cineál cláir: Clár faisnéise faoi chúrsaí comhshaoil.

Scenario: Míniú ar chuspóirí an fheachtais *The Power of One* agus conas an méid fuinnimh a úsáidtear sa teach a laghdú.

Tascanna samplacha: Na foghlaimeoirí agus an múinteoir ag plé na rudaí a dhéanann siad féin le fuinneamh a shábháil sa bhaile. Breathnaíonn siad ar an mhír le heolas a fháil faoin fheachtas *The Power of One*.

- Liosta a thabhairt do na foghlaimeoirí d’eochairfhocail Bhéarla a bhaineann le cúrsaí fuinnimh. Agus iad ag éisteacht leis an mhír, beidh orthu na leaganacha Gaeilge a aimsiú.
- Plé na dhéanamh ar na seifteanna a luaitear sa chlár le fuinneamh a shábháil (mar shampla an teas a ísliú).
- Nóta a dhéanamh den úsáid a bhaintear as focail Bhéarla le linn na tuairisce agus an úsáid sin a phlé.
- Plé a dhéanamh ar an cheist seo: ‘An mbeadh spéis acu féin a bheith páirteach in *The Power of One*’.
- Breis eolais faoin fheachtas a aimsiú ó fhoinsí eile agus a chur i láthair an ranga.

(Beifear in ann éisteacht leis an mhír *anseo* go luath).

Sampla 3

Teideal/foinse: Agallamh beirte le Ann-Marie Ní Dhúda agus Áine Mhic Gearailt ón chlár *Oideas agus Oidhreacht* a craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ar 8 Deireadh Fómhair 2007 (5.19–9.52).

Cineál cláir: Clár cultúir agus léinn.

Scenario: Agallamh beirte faoi chúrsaí toghchánaíochta: ‘An Polaiteoir agus Bean an Tí’.

Tascanna samplacha: Saibhriú teanga. Caithfidh foghlaimeoirí éisteacht leis an agallamh agus leaganacha atá ar comhchiall leis na leaganacha seo thíos a aimsiú agus a phlé leis na daoine eile sa rang. Seo a leanas roinnt samplaí ón agallamh beirte:

- Tá fáilte romhat (*Is é do bheatha*).
- Gach uile dhuine (*Gach mac máthar*).
- Faoi dheifir (*Ar séirse*).
- Gan aird ar aon duine (*Gan beann ar éinne*).
- Níl mé soineanta (*Ní haon leanbh ó aréir mé*).
- Daoine saibhre (*Lucht rachmais*).
- Caint amaideach (*Brille bhreaille*).
- Mórchúiseach, bródúil (*Torpach, tiarpach*).

- Tá siad go léir mar a chéile (*Is long den adhmaid céanna iad*).
- Bua a fháil (*An svae a thabhairt*).
- Dallamullóg a chur ar dhuine (*An dubh a chur ina bhán ar dhuine*).

Is féidir éisteacht leis an mhír [anseo](#).

Sampla 4

Teideal/foinse: Agallamh le Pádraic Ó Gaora ón chlár raidió *Agallamh ón Ard-Chathair*, a craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Cineál cláir: Clár comhrá agus beathaisnéise.

Scenario: Déanann Pádraic Ó Gaora cur síos ar fadhbanna a bhí aige le canúint agus caighdeán nuair a thosaigh sé ag obair le RTÉ.

Tascanna samplacha: Ardrang nó rang fochéime ina bpléitear an teannas idir canúint agus caighdeán.

1. Caithfidh na foghlaimeoirí éisteacht leis an agallamh, féachaint cad iad na hargóintí a luaitear (a) Ar son cloí le canúint Ghaeltachta (b) Cloí leis an Chaighdeán Oifigiúil.
2. Achoimre a dhéanamh ar na príomhphointí a luaitear le linn na míre seo.
3. Cé aige a bhfuil an ceart: Pádraic, atá i bhfabhar ‘caighdeán urlabhra’ a bheith ar an nuacht Ghaeilge chomh maith leis an nuacht Bhéarla, nó an t-agallóir a deir gur ‘dheas an chanúint a chloisteáil’?

Is féidir éisteacht leis an mhír [anseo](#).

6.5 Straitéisí le cuidiú le foghlaimeoirí agus iad ag éisteacht le téacsanna

Ar ndóigh, braitheann na straitéisí ar an chineál téacs atá in úsáid agus an cineál taisc atá le cur i gcrích ag an fhoghlaimoír. Ba cheart don fhoghlaimoír aird a thabhairt ar na rudaí seo a leanas:

- (1) **Sula n-éistean siad leis an téacs** ba cheart d’fhoghlaimoírí a machnamh a dhéanamh faoi fhormáid agus faoi chuspóir cibé cineál téacs a bheadh ann, mar shampla tuairisc nuachta, léacht, óráid, díospóireacht nó tráchttaireacht. Beidh saintréithe ag baint le gach uile théacs. Sula n-éistean siad leis an téacs ba chóir do na foghlaimoírí an méid atá ar eolas acu faoin chineál téacs agus faoi thopaic an téacs a thabhairt chun cuimhne. Cén t-eolas atá acu faoin topaic cheana féin? Cad iad na focail agus na frásaí is dócha a bheidh le cloisteáil ann?
- (2) Maidir leis na **daoine atá sa téacs**, ba cheart do na foghlaimoírí smaoineamh faoi cé hriad na cainteoirí, an bhfuil aithne acu ar a chéile, cén caidreamh atá eatarthu, an bhfuil an stádas céanna acu, cén meon nó dearcadh a nochtann siad i leith a chéile?

(3) Ba cheart d'fhoghlaimoirí a bheith cinnte ***cén áidhm atá acu*** agus iad ag éisteacht leis an téacs áirithe seo. An gcaithfidh siad:

- Éirim an téacs éisteachta a thabhairt leo.
- Eolas nó mionsonraí faoi leith a aimsiú sa téacs.
- Tuiscint mhaith a fháil ar an téacs iomlán.
- Inchiall (*implication*), leideanna, leathfhocail a aimsiú agus a thuiscint.

(4) ***Le linn dóibh*** a bheith ag obair ar thasc éisteachta, bheadh sé ina chabhair d'fhoghlaimoirí úsáid a bhaint as straitéisí mar seo a leanas:

- (i) Na príomheilimintí sa téacs éisteachta a aimsiú
- (ii) Comhthéacs agus infheiriú a úsáid chun an tuiscint a éascú.
- (iii) Le linn dóibh bheith ag amharc ar mhír físe, leas a bhaint as cibé leideanna físe a bheadh ann chun an tuiscint a éascú (mar shampla léarscáileanna, pictiúir, íomhánna sa chúla agus araile).
- (iv) Eochairfhrásaí a aithint, mar shampla *ach ar an lámh eile, ar an chéad dul síos, os a choinne sin...*
- (v) Monatóireacht a dhéanamh ar conas a dhéileáilann siad le deacrachtaí. Cad é a dhéanann siad nuair a thagann focal nó frása chun cinn nach dtuigeann siad? An mbaineann siad leas as cuid ar bith de na straitéisí seo a leanas?

- É a chur i gcomparáid lena leithéid chéanna d'fhocail nó de fhrásaí i dteangacha eile atá acu.
- A n-eolas ar litriú na Gaeilge a úsáid chun buille faoi thuairim a thabhairt ar conas an focal/frása a litriú.
- É a sheiceáil i bhfoclóir clóite nó ar líne.
- Comhthéacs/ton an téacs a úsáid chun an chiall a fhuascailt.
- Cabhair a lorg ó fhoghlaimoir eile nó ón mhúinteoir.
- Nóta a dhéanamh de agus é a sheiceáil ar ball.

Ba cheart d'fhoghlaimoirí an cur chuige atá acu a phlé leis an mhúinteoir agus le foghlaimoirí eile. An bhfuil aon straitéisí eile a mholtar a cheapann siad a bheadh úsáideach dóibh féin?

Le linn dóibh a bheith páirteach i gcomhrá is féidir le foghlaimoirí ceisteanna a chur chun soiléiriú a lorg nó chun an chiall a dheimhniú. Ba chóir cuidiú leis na foghlaimoirí leideanna neamhbhriathartha a thuiscint mar shampla, aghaidh duine, sméideadh nó croitheadh cinn, gothaí, ton na cainte agus araile.

(5) ***I ndiaidh an tasc éisteachta*** a dhéanamh ba cheart d'fhoghlaimoirí smaoiniamh ar cad is féidir leo a dhéanamh chun na rudaí nua a d'fhoghlaim siad a chleachtadh agus a choinneáil i gcuimhne. D'fhéadfaidís, mar shampla, nóta a dhéanamh d'aon leagan cainte nach raibh ar eolas acu agus iarracht a dhéanamh na leaganacha úra sin a fhí isteach i gcomhráite s'acu féin chomh minic agus is féidir.

6.6 Treoracha don mhúinteoir le cuidiú le foghlaimeoirí agus iad ag éisteacht

- (1) Ba cheart na foghlaimeoirí a bheith páirteach i **roghnú na dtéacsanna** éisteachta agus físe ach tá sé de dhualgas ar an mhúinteoir a chinntiú go gcuirtear go leor téacsanna faoina mbráid a thagann le cibé riachtanais ghairmiúla nó oideachais atá acu.
- (2) Moltar go gcuirfí réimse leathan de chineálacha téacsanna i láthair na bhfoghlaimeoirí ag an leibhéal seo chun iad a ullmhú le dul i ngleic le haon rud a d'fhéadfaidís a chloisteáil sa ghnáthshaol. Mar sin ba cheart na rudaí seo a leanas a chur san áireamh:
 - Éagsúlacht canúintí.
 - Éagsúlacht réime (ó chaint fhoirmiúil go caint neamhfhoirmiúil).
 - Caint sciobtha.
 - Cainteoirí soiléire agus cainteoirí nach bhfuil chomh soiléir céanna.
 - Bíonn sé níos fusa comhrá a thuiscint nuair nach mbíonn páirteach ann ach fear amháin agus bean amháin. Ba chóir, ag an leibhéal seo, dúshlán na bhfoghlaimeoirí a thabhairt ó am go ham agus téacsanna a úsáid ina bhfuil roinnt fear agus/nó roinnt ban le cloisteáil iontu.
- (3) Moltar go mbeadh éagsúlacht agus dúshlán sa **chineál taisc** a bheadh le dhéanamh ag na foghlaimeoirí agus iad ag obair ar an téacs. Déan iarracht tascanna a chruthú atá réalaíoch agus ciallmhar agus a thugann sairse d'fhoghlaimeoirí a léirmhíniú pearsanta féin a sholáthar chun gur féidir leo dul i ngleic leis an tasc ar a mbealach féin.
- (4) Úsáid a bhaint as meascán de chineálacha tascanna ina mbeidh an foghlaimeoir ag obair go haonarach, i bpáirt le foghlaimeoir eile agus i ngrúpaí.
- (5) Más é an múinteoir a roghnaigh an téacs, ba cheart go dtabharfaí **réamheolas** do na foghlaimeoirí maidir leis an chineál téacs atá ann agus maidir leis an ábhar a bheidh faoi chaibidil. Is féidir, mar shampla, tascanna réamhéisteachta a úsáid. Cabhraíonn sé seo le cibé eolas atá ag an fhoghlaimeoir ar an ábhar cheana féin a thabhairt chun cuimhne agus an saghas teanga is dócha a bheidh á húsáid a thuar.
- (6) Níl sé inmholta go mbeadh tascanna dírithe ar ionchur ná ar fhoclóir atá ar eolas ag foghlaimeoirí cheana. Ba chóir dúshlán áirithe a bheith ann gan lagmhisneach a chur orthu. Is fiú cuimhneamh gur minic a bhíonn foghlaimeoirí róghafa ag iarraidh tuiscint fhoirfe iomlán a bheith acu ar théacs éisteachta. Is fiú a mhíniú dóibh go bhfuil straitéisí eile ann, mar shampla leanúint orthu ag éisteacht fiú má bhíonn focail nó frásaí ann nach dtuigeann siad. Léirigh dóibh gur fearr díriú ar an méid a thuigeann siad, seachas a bheith buartha faoin méid nach dtuigeann siad.
- (7) Déan iarracht na foghlaimeoirí a spreagadh chun go mbeidh siad níos solúbtha maidir leis na straitéisí a úsáideann siad nuair a bhíonn deacrachtaí tuisceana acu.
- (8) Ní mholtar do mhúinteoirí na cineálacha straitéise atá ann a 'theagasc' ná a mhíniú do na foghlaimeoirí. Ní hé ról an mhúinteora straitéisí a bhrú ar fhoghlaimeoirí. Is é is mian linn ná go mbainfeadh foghlaimeoirí triail astu ar a gconlán féin. Is lena leithéid

sin de chleachtadh a thagann tuiscint chuig foghlaimeoirí ar na straitéisí is fearr a oireann dóibh féin agus atá oiriúnach do thascanna ar leith.

7. An labhairt

7.1 Ginearálta

Tá an foghlaimeoir in ann páirt ghníomhach a ghlacadh i ngnáth-chomhrá nó i gcaint fhoirmiúil (mar shampla, léacht, díospóireacht, agallamh agus araile). In ann ábhair chasta theibí a phlé le duine/daoine eile, cainteoirí dúchais san áireamh, fad is nach mbíonn an plé thar a bheith canúnach, sainiúil, teicniúil nó róthapa. In ann tuairimí agus smaointe a chur in iúl nó a chosaint agus pointí/argóintí daoine eile a fhreagairt.

7.2 Cé chomh maith?

In ann labhairt faoi réimse leathan topaicí go cruinn líofa spontáineach, ar shlí nach gcuireann dua ar bith ar éisteoirí. Bíonn tionchar áirithe ag an mháthairtheanga ar chaint an fhoghlaimeora i dtaca le foghraíocht agus rithim na cainte. Déantar botúin ghramadaí sa chaint, go háirithe nuair a bhíonn an cainteoir faoi bhrú nó ag caint go tapa nó go hanamúil. Ní chomhlíontar gach riail a bhaineann le gnéithe casta den ghramadach, mar shampla an séimhiú, lagiolraí, an clásal coibhneasta agus araile. Corruair, úsáidtear focail agus frásaí sa chiall mhícheart. D'fhéadfadh cuid den mhíchruinneas sin a bheith an-bhunúsach, mar shampla *Tá an charr páirceáilte ag barr an tsráid*. Ach is **meancóga** a dhéantar de bharr brú nó easpa cúraim a bheidh ina leithéid de mhíchruinneas bunúsach. Ní **earráidí** iad a dhéantar ar bhonn leanúnach de bharr aineolais ar fhoclóir nó ar an ghramadach bhunúsach.

Is fíorannamh nach mbíonn caint an fhoghlaimeora ag Ardleibhéal 1 (C1) intuigthe ag cainteoirí dúchais agus cainteoirí oilte eile. Bíonn an foghlaimeoir in ann ton cainte oiriúnach a úsáid chun mothúcháin agus smaointe a chur in iúl, mar shampla ionadh, comhbhá, dímhéas, íoróin agus araile. Is annamh a bhíonn moill ar an chaint ná go mbíonn sé le haithint ar an chainteoir go bhfuil an focal nó an frása cuí á lorg aige/aici. Tá straitéisí ar eolas aige/aici chun soiléiriú a lorg, déileáil le daoine a bhriseann isteach ar an chaint agus araile. In ann píosaí fada cainte a dhéanamh i gcomhthéacs foirmiúil nó neamhfhoirmiúil. In ann imeacht go spontáineach ó théacs/nótaí ullmhaithe agus tógáil ar phointí inspéise a ardaítear le linn an chomhrá.

7.3 Feidhmeanna

Sna siollabais go dtí seo ba i gcomhthéacs na dtéamaí éagsúla a cuireadh na feidhmeanna i láthair. Ní féidir an cur chuige sin a úsáid sa siollabas seo ach ní hionann sin agus a rá nach bhfuil máistreacht ar raon leathan feidhmeanna barrthábhachtach ag Ardleibhéal 1 (C1). Cuireadh go leor feidhmeanna i láthair na bhfoghlaimeoirí i siollabais eile (Bonnleibhéal 1(A1) – Meánleibhéal 2 (B2)), ach táthar ag súil go mbeidh siad ag tógáil ar an ábhar sin ag an leibhéal seo. Mar shampla, más gearán atá á dhéanamh acu, níor chóir go mbeadh an cainteoir ag brath ar fhrásaí simplí ar nós *Ní maith liom...* ach go mbeadh roghanna oiriúnacha ar a dtoil acu. Féach na samplaí thíos, a chloíonn le téama na polaitíochta:

- Rudaí a chur i gcomparáid nó i gcodarsnacht
Is mó i bhfad an fonn atá ar an fhreasúra labhairt faoi chúrsaí sláinte agus is léir go síleann siad go meallfaidh siad an-chuid vótaí.
- Gearán a dhéanamh
Gheall siad grián agus gealach dúinn agus iad ag canbhásáil ach féach anois an bhail atá ar an gheilleagar.
- Dearcadh agus tuairimí a léiriú
Ní féidir a shéanadh ach go bhfuil borradh faoin earnáil teicneolaíochta le tamall.
- Rudaí a mheas
Tá sé ar chainteoir chomh spreagúil is a chuala tú riamh.
- Hipitéis nó ‘cur i gcás’
Abair anois, dá mbeadh bunaitheoirí an pháirtí fós beo, cad é an dearcadh a bheadh acu maidir leis seo?
- Beart, tuairim, nós agus araile a chosaint
Is éard atá á mhaíomh agam nach bhfuil an dara rogha againn ach gearradh siar ar chaiteachas poiblí.
- Áitiú
Nach léir duit gur do leas na tíre leanúnachas a bheith sa Rialtas agus ligean dóibh an obair a chríochnú.
- Cur in ord tosaíochta
Poist a chruthú – sin an cúram is práinní atá ar an Rialtas seo.
- Achoimriú
Dífhostaíocht, stailceanna agus imirce – sin agaibh i mbeagán focal scéal na hÉireann go dtí deireadh na n-ochtóidí.

- Comhairle a chur ar dhuine
Ní fearr rud a dhéanfá ná d'ainm a chur ar chlár na vótóirí go luath.
- Cur síos ar rudaí
Tá ag éirí leis an fhreasúra coinneáil bord ar bord leis an Rialtas, de réir an tsuirbhé is déanaí.
- Pointe a fhorbairt
Caithfimid scoileanna nua a thógáil le freastal ar an mhéadú atá tagtha ar an daonra. Caithfimid sin a dhéanamh ar son na bpáistí. Rud eile de – is í an infheistíocht sin sna scoileanna a chuireann fostaithe oilte ar fáil.
- Spochadh as duine
Tá tú ar ais ag bualadh ar na doirse arís. Caithfidh go bhfuil toghchán eile ar na bacáin.
- Leideanna indíreacha a thabhairt
Sílím gurbh fíú do mhuintir na háite seo vótáil do dhream s'againne an babhta seo, go háirithe iad sin atá buartha faoin otharlann.
- Cumarsáid a dhéanamh go caolchúiseach, mar shampla íoróin, searbhas agus araile a léiriú
Cad a déarfá le do Rialtas breá anois, tusa a bhí ag iarraidh orainn vótáil dóibh.

Tabhair faoi deara go bhfuil feidhmeanna sa liosta thuas nár tugadh i siollabas ar bith eile go dtí seo, mar atá hipitéis, rudaí a chur in ord tosaíochta, achoimriú agus áitiú. Tá feidhmeanna eile tábhachtach ag an leibhéal seo chomh maith, mar shampla, idirbheartú agus mórphointí agus mionphointí argóna a dhealú ó chéile. Is feidhmeanna dúshlánacha iad seo ar fad a léiríonn an fhorbairt teanga atá riachtanach ag Ardleibhéal 1 (C1).

7.4 Cúrsaí foghraíochta: comhairle ghinearálta

Áit imeallach a bhíonn ag teagasc na foghraíochta ina lán ranganna teanga inniu. Maíonn a lán múinteoirí nach mbíonn an t-am acu plé le cúrsaí foghraíochta toisc iad a bheith gafa le teagasc na gramadaí. Tá amhras áirithe ann faoi cé chomh héifeachtach is a bhíonn teagasc foirmiúil san fhoghraíocht. Maítear gur trí éisteacht agus labhairt a bhainfidh na foghlaimeoirí eolas amach ar chóras fuaimeanna na sprioctheanga. Is fíor go bhfuil a leithéid de chleachtadh riachtanach ach níor cheart an foghlaimeoir a fhágáil gan treoir sa ghné ríthábhachtach seo den sealbhú teanga. Níltear ag maíomh gur cheart seisiúin fhada a chaitheamh ag déanamh staidéar foirmiúil ar chóras fuaimeanna na Gaeilge. Ina ionad sin, moltar an cur chuige a luadh i Siollabas Mheánleibhéal 2 (B2), i.e. an fhoghraíocht a fhí isteach sa ghnáth-theagasc agus aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú go mion is go minic ar fhuaimniú, ar bhéim agus ar thuin chainte (*intonation*), go háirithe nuair a bhíonn difríocht shuntasach idir nós na Gaeilge agus nós an Bhéarla.

D'fhéadfadh teagasc na foghraíochta doicheadall áirithe a chur ar fhoghlaimoirí, go háirithe ar Éireannaigh a mheasann go bhfuil 'blas cainte' Gaeltachta á bhrú orthu agus go bhfuiltear ag fáil lochta ar a gcuid cainte féin. Nach Éireannaigh siadsan ach oiread le muintir na Gaeltachta? Is gné thábhachtach den **fheasacht teanga** béim a chur ar na pointí seo a leanas:

- Gur **fuaim** ar leith atá i gceist, seachas 'blas cainte' réigiúnach.
- Gur minic a theastaíonn difear caolchúiseach fuaim chun difear céille a thabhairt slán, mar a léirítear le mionphéirí ar nós *seo/seó*. Caithfear a léiriú do na foghlaimoirí go mbíonn an **tuisint** ag brath ar na gnéithe seo a thabhairt slán ina gcuid cainte féin.
- Go mbíonn tionchar ag máthairtheanga an fhoghlaimora ar an Ghaeilge labhartha chomh maith leis an Ghaeilge scríofa. Aithníonn foghlaimoirí gur cheart idirtheanga sa teanga scríofa a sheachaint, oiread agus is féidir sin. Caithfidh siad bheith chomh haireach céanna sa chaint.
- Ba chóir samplaí de thionchar an Bhéarla a sholáthar agus a phlé (féach **7.4.1 Tionchar an Bhéarla** thíos). Conas a chuireann an tionchar sin as don tuiscint agus don chumarsáid?

7.4.1 Tionchar an Bhéarla

Is é an Béarla máthairtheanga fhormhór mór na bhfoghlaimoirí. Ba chóir a n-aird a dhíriú ar thionchar chóras fuaim an Bhéarla ar Ghaeilge an fhoghlaimora. Seo thíos roinnt samplaí a léiríonn an tionchar sin*.

- An fhuaim a fhaightear i dtús focal mar *church*, *cheap* agus araile a chur in ionad /t'/ na Gaeilge, mar shampla *teach*, *teo* agus araile.
- An fhuaim a fhaightear i dtús focal mar *jest*, *job* a chur in ionad /d'/ na Gaeilge *deas*, *deontas* agus araile.
- An fhuaim /k/ a fhaightear i bhfocail mar *cat*, *kerb* a chur in ionad /x/ na Gaeilge *amach*, *chaith* agus araile.

Is iad na fuaim consain is mó a chothaíonn deacrachtaí d'fhoghlaimoirí Gaeilge, toisc iad a bheith níos líonmhaire ná fuaim consain an Bhéarla. Is beag nach bhfuil dhá oiread fuaim consain sa Ghaeilge, mar gheall ar chaoile agus leithne a bheith ann. Agus iad ag dul i ngleic le fuaim na Gaeilge is cabhair d'fhoghlaimoirí tuiscint a bheith acu ar na coincheapa seo a leanas:

- Na baill urlabhra, i.e. an carball, an coguas, na fiacla, na liopaí, an teanga.
- Suíomh na mball urlabhra le linn d'fhuaim ar leith a bheith á cruthú, mar shampla chun an fhuaim /t'/ a dhéanamh teagmhaíonn barr na teanga le droim an charbaill díreach taobh thiar de na fiacla.

- Go bhfuil na consain rangaithe i ngrúpaí de chonsain homorgánacha, mar shampla p, b & m (caol agus leathan); t, d & n (caol agus leathan); c, g & ng (caol agus leathan) agus araile. Is mar a chéile a bhíonn suíomh na mball urlabhra le linn do na fuaimeanna i ngach grúpa a bheith á ndéanamh.

B'fhearr gan an t-eolas sin a chur i láthair na bhfoghlaimoirí in aon seisiún amháin, ná dul isteach go rómhion i dteoiric agus i dtéarmaíocht na foghraíochta. Is leor a mhíniú dóibh conas fuaim ar leith a dhéanamh, an chaoi a ndéantar an fhuaim sin a thaispeáint agus iarraidh orthu féin aithris ort. Míniú dóibh ansin go bhfuil grúpa d'fhuaimneanna eile ann a deirtear ar an bhealach cheannann chéanna.

* Is fíor, ar ndóigh, go bhfuil difríochtaí caolchúiseacha idir fuaimníú /t/ agus araile ó chanúint go canúint. Seans go mbeadh an gnáthfhuaimníú le hathrú beagán le freastal ar chóras fuaimeanna canúna ar leith. Féach chomh maith **7.4.3 Canúintí**.

7.4.2 Béim

Ag Ardleibhéal 1 (C1) beidh an foghlaimoir in ann béim nó treise a leagan ar fhocail ar leith san abairt de réir dhúchas na Gaeilge, mar shampla:

- *Míreanna treise*: ‘An é seo do theachsa?’ seachas ‘An é seo **do** teach?’
- *Clásal copaire*: ‘An amárach atá Diarmaid ag imeacht?’ seachas ‘An bhfuil Diarmaid ag imeacht **amárach**?’

Ba chóir do mhúinteoirí na pointí seo a theagasc agus aird na bhfoghlaimoirí a dhíriú orthu le linn gníomhaíochtaí éisteachta, iarraidh orthu féin samplaí a aithris agus araile. Is féidir gníomhaíochtaí léitheoireachta agus deachtaithe a úsáid chun gnéithe den fhoghraíocht a léiriú. Cuir i gcás gur mian leat a léiriú dóibh go mbíonn an forainm gairid, neamhaiceanta le linn dó bheith ina chuspóir. Is féidir neart samplaí a fhí isteach sa téacs atá le deachtú, mar shampla *Is cuimhin liom go maith an áit inar tógadh mé*. Is féidir aird na bhfoghlaimoirí a dhíriú ar an pointe sin: ‘An dtugann sibh faoi deara go bhfuil an *mé* sin gairid, cé go bhfuil síneadh fada air sa scríobh?’

7.4.3 Canúintí

Ó tharla nár glacadh le lárchanúint sa Ghaeilge go dtí seo, is nós le foghlaimoirí canúint amháin a roghnú agus tús áite a thabhairt don chanúint sin ina gcuid cainte. Níltear ag maíomh gur chóir d'fhoghlaimoirí canúint ‘íonghlan’ amháin a chleachtadh. Ní dócha go bhfuil sé indéanta ag foghlaimoirí teacht slán ar thionchar ó na canúintí eile, fiú dá mba mhian leo é sin a dhéanamh. Ach is nádúrtha agus is soiléire an chaint a chloíonn *mórán mór* le ceann amháin de na canúintí réigiúnacha seachas caint ina mbíonn meascán fuaimeanna as gach cearn den tír.

Ba chóir go mbeadh an foghlaimoir ag Ardleibhéal 1 (C1) in ann gnéithe foghraíochta a bhaineann lena rogha canúint a aithint agus a úsáid **go comhleanúnach**. Arís, níltear ag moladh aonad ar leith den chúrsa teanga a thabhairt suas don ghné seo, ach díreach aird

na bhfoghlaimoírí a dhíriú ar shamplaí de réir mar a thagann siad aníos agus míniú/soiléiriú a thabhairt ar fhoghraíocht na canúna ó am go ham. Beidh míthuiscintí ann ar chóir iad a cheartú. Is féidir, mar shampla, go ndéanadh na foghlaimoírí rócheartú nó róghinearálú agus iad ag iarraidh aithris ar fhuaimneanna na canúna. Is leor trí shampla chun sin a léiriú.

1. I nGaeilge Dhún na nGall, in aimsirí áirithe, cloistear fuaim /t/ sa chríoch *-adh* nuair a thagann an briathar roimh cheann ar bith de na forainmneacha *sé, sí* nó *siad*: ‘Sin an rud a deir *hit* (deireadh) sé féin i gcónaí’, ‘Dúirt sí go gcuir *hit* (go gcuirfeadh) sí scairt agus í sa bhaile’ agus araile. Cloiseann foghlaimoírí an /t/ sin agus cuireann siad ag deireadh an bhriathair **i gcónaí** é, mar shampla ‘Ní bheadh a fhios agat cad é dhéan *hit* (dhéanadh) Peadar.’ Caithfear a léiriú dóibh nach bhfuaimnítear an /t/ ach i suíomh ar leith.
2. Is gnách le muintir Chonamara an t-aiceann a chur ar an chéad siolla d’fhocail ilsíollacha. Cloiseann foghlaimoírí sin ach ní léir dóibh go bhfuil eisceachtaí ann, mar shampla *tobac, cairdín, tornapa* agus araile. Féach *An Teanga Bheo, Gaeilge Chonamara* le Séamas Ó Murchú, ITÉ, 1998: 7.
3. Fuaim *ig* a bhíonn ag deireadh focail dar críoch *-igh* agus *-idh* i gcanúintí na Mumhan. Seans go ndéanadh foghlaimoír an fhuaim chéanna den chríoch *aí*, mar shampla, *éadaig leapa (recte éadaí leapa)*.

7.5 Scenarios

Léiríonn *scenarios* na comhthéacsanna sin ina mbeidh ar na foghlaimoírí an teanga a úsáid. Ar ndóigh, beidh riachtanais na bhfoghlaimoírí le cur san áireamh agus *scenarios* nó tascanna cainte á réiteach. Cad iad na fearainn ar gá freastal orthu (pearsanta, poiblí, gairmiúil, oideachais)? Ag an leibhéal seo beidh na foghlaimoírí níos eolaí ar ghnéithe caolchúiseacha, mar shampla réim agus an tábhacht atá le béim agus ton cainte. Beidh an tuiscint sin le sonrú ina gcuid iarrachtaí féin cumarsáid a dhéanamh.

I ngach ceann de na samplaí thíos, tugtar *scenario* agus script a léiríonn cad é mar a rachadh foghlaimoírí ag Ardleibhéal 1 (C1) i ngleic leis na dúshlán chumarsáide atá ann. Chun go bhféadfaí an ghné lárnach sin a léiriú go soiléir, socraíodh cainteoirí ardchumais a úsáid le haghaidh na dtaifeadtaí. Dá bharr sin, ní léiríonn na samplaí na fadhbanna foghraíochta, foclóra agus gramadaí a gcuirtear síos orthu sa siollabas seo. Is féidir éisteacht le gach sampla ach clliceáil ar an nasc.

Sampla 1: Cad é mar atá d'athair?

Scenario: Comhrá idir cairde. Tá Cathal ag ól caife agus ag comhrá le beirt dá chuid cairde, Muiris agus Tomás. Cuimhníonn sé go raibh coinne ospidéal ag athair Mhuiris.

Fearann: Príobháideach.

Scileanna agus straitéisí: Nathanna a aimsiú chun fiafraí faoi shláinte duine, inní a chur in iúl, deis mhachnaimh a fháil, easaontú le duine faoi ábhar cigilteach gan cur isteach air, an príomhphointe a fhreagairt, dearcadh a chuirtear i leith an chainteora a shéanadh, sampla a bhaineann le hábhar a chur ar fáil, an ton cainte a bheith oiriúnach don chaint.

Ba mhaith le Cathal a fháil amach cén toradh a bhí ar an choinne ospidéal. Roghnaíonn sé nath oiriúnach. Ton neamhbhuartha fiafraitheach ar a chuid cainte.

Cathal: ***Cad é mar atá d'athair, a Mhuiris, nó cad é mar a d'éirigh leis san ospidéal?***

Muiris: Ó ná bí ag caint liom faoi sin. B'fhéarr dó gan dul ann riamh. Ní dhearna sé ach tuilleadh inní a chur air.

Cuireann Cathal iontas/buairt in iúl le nath oiriúnach.

Cathal: ***Ó, ní maith liom sin a chluinstin. Cad é a tharla?***

Muiris: Bhuel, dúirt siad leis go gcaithfeadh sé dul faoi scian, ach ní hé sin is measa. D'ordaigh siad dó éirí as na toitíní agus meáchan a chailleadh nó ní bhfaighidh sé obráid choíche.

Tomás: Th'anam ón diabhal! Nach bhfuil sé sin uafásach? A rá le seandúine go bhfuil obráid ag teastáil uaidh agus a rá leis ansin nach bhfaighidh sé é! An gcuálaís a leithéid riamh, a Chathail?

Roghnaíonn Cathal nath éigin a thabharfaidh deis mhachnaimh dó.

Cathal: ***Hmm... ó an fear bocht...***

Creideann Cathal féin go bhfuil an ceart ag dochtúirí cóir leighis a shéanadh ar dhaoine nach dtugann aire dá sláinte. Caithfidh sé focail a aimsiú chun sin a rá gan athair Mhuiris a lochtú.

Cathal: ***Ach ní dócha go ndéarfadh na dochtúirí rud mar sin gan cúis mhaith a bheith leis. Agus cá bhfios nach rud maith atá ann? Nach minic a dúirt sé féin go raibh sé ag iarraidh stad de na toitíní?***

Muiris: Dhera seafóid, a Chathail! Is iad na toitíní an t-aon phléisiúr atá aige, agus ní raibh sé róthrom orthu riamh. Céard a déarfá thusa dá n-ordódh an dochtúir duit gan an oiread caife a ól? Agus nach bhfuil sé de cheart aige obráid a fháil, i ndiaidh dó cáin a íoc ar feadh a shaoil?

Cuireadh tuairimí i leith Chathail nach bhfuil aige agus caithfidh sé focail a aimsiú chun é a féin a chosaint. Tá Muiris ag éirí tógtha agus caithfidh Cathal focail a aimsiú le é a shuaimhniú.

Cathal: *Á anois, ní hé sin atá i gceist agam, a Mhuiris. Níl baint dá laghad ag airgead leis an scéal.*

Tugann Cathal sampla oiriúnach chun tacú lena thuairimí.

Cathal: *Níl ann ach go bhfuil mé ag cuimhneamh ar mo sheanathair féin. Bhí seisean anonn go maith i mblianta nuair a d'éirigh sé as na toitíní agus deireadh sé i gcónaí go raibh saol eile ar fad aige ansin.*

Is féidir éisteacht leis an chomhrá [anseo](#).

Sampla 2: Ardú céime?

Scenario: Comhrá idir beirt.

Tá **Pól Ó Meara** ina bhainisteoir i ngníomhaireacht eastáit i gCorcaigh. Tá fo-oifig nua le hoscailt i gcathair na Gaillimhe. Tá duine cumasach le taithí le ceapadh i bpost an bhainisteora san oifig nua. Tá stiúrthóirí an chomhlachta ag cur brú ar Phól an post a thairiscint do **Mháire Ní Dhrisceoil** atá ina leasbhainisteoir in oifig s'aigsean. Socraíonn Pól cruinniú léi ina oifig. Níl Máire ag iarraidh glacadh leis an tairiscint a fhaigheann sí ach níl sí ag iarraidh oic a chur ar a bainisteoir.

Fearann: Gairmiúil.

Scileanna agus straitéisí: Nathanna oiriúnacha don chomhthéacs a aimsiú chun daoine a chur ar a suaimhneas, inní a chur in iúl go leathmhagúil, duine a mholadh gan a bheith plámásach, glacadh go fonnmhar le tairiscint, faoiseamh a léiriú, déileáil le míthuiscint, míshástacht a léiriú, labhairt go bagrach, easaontú ar bhealach réasúnta, cur i gcoinne argóintí go mífhoighneach.

Tá Pól ag iarraidh Máire a chur ar a suaimhneas.

Pól: Fáilte romhat a Mháire. Anois, bí i do shuí. Nach raibh an trácht go dona ar maidin ach feicim nár chuir sé moill ar bith ortsa, bail ó Dhia ort!

Tá beagán inní ar Mháire faoi ábhar an chruinnithe ach ní mian léi sin a rá amach díreach. Deir sí i modh grinn é.

Máire: Ó nuair a ghlaonn an *boss* isteach san oifig thú b'fhearr duit gan a bheith deireanach! Cad atá ar siúl in aon chor nó an bhfuil sé ar intinn agat bata agus bóthar a thabhairt dom?

Tá Pól ag iarraidh a léiriú do Mháire go bhfuil meas ar a cuid oibre. Níl sé ag iarraidh bheith plámásach, ach friotal gairmiúil a úsáid.

Pól: A mhalairt ar fad atá fíor. Ba mhór an caillteanas don chomhlacht seo do leithéid a chailliúint. Is chuige seo atá mé.... Tá an-spéis ag stiúrthóirí an chomhlachta ionat, an-mhuinín freisin, ní miste dom a rá. Níl tú anseo ach le trí bliana ach is iontach an dul chun cinn atá déanta agat. An cheist atá agam ort ná an bhfuil tú ullamh dul céim níos faide fós?

Teastaíonn ó Mháire glacadh leis an chuireadh seo, agus freagra fuinniúil, dearfach a thabhairt.

Máire: Go deimhin, is mé atá ullamh, agus tá mé thar a bheith sásta go bhfuil an deis sin agam. Tá cúis agam a bheith buíoch den chomhlacht seo, agus díot féin ar ndóigh. Ach anois tá mé réidh tabhairt faoi pé dúshlán nua atá agaibh dom.

Tá faoiseamh ar Phól faoi seo. Ní chaithfidh sé an t-ardú céime a áiteamh uirthi.

Pól: Is maith sin! Is maith a bhí a fhios agam nach bhfágfá i bponc mé. Tá an mianach

ceart ionat gan dabht. Nach bhfuil an t-ádh dearg ar fhoireann na hoifige nua i nGaillimh — bainisteoir chomh héirimiúil leatsa a bheith i gceannas orthu.

Tá ionadh an domhain ar Mháire (shíl sí gur Pól a rachadh go Gaillimh agus go bhfaigheadh sise post an bhainisteora in oifig Chorcaí).

Máire: Á, is deas uait sin a rá, a Phóil ach...oifig na Gaillimhe? Is mór an onóir dom é ach...ní raibh mé ag súil leis sin. Beidh orm mo mhachnamh a dhéanamh air sin.

Léiríonn Pól a mhíshástacht le Máire. Labhraíonn sé go bagrach léi.

Pól: Ní tráth machnaimh é, a bhean chóir. Táimse ag rá leat go bhfuil daoine eile sa gcomhlacht nach mbeadh leath chomh drogallach leat. Ardú tuarastail! Oifig de do chuid féin! Gluaisteán de chuid an chomhlachta! An gá dom leanúint orm nó nach léir duit do leas féin?

Níor mhaith le Máire titim amach le Pól. Míníonn sí, go han-réasúnta ar fad, na cúiseanna atá aici gan dul go Gaillimh.

Máire: Ní bhréagnóinn focal ar bith de sin, a Phóil. Ach níl ceangal ar dhaoine eile mar atá ormsa. Cuimhnigh anois go bhfuil páistí ar scoil agam anseo. Cuimhnigh freisin ar mo mháthair. Bíonn sí ag brath orainn, agus cén comhlúadar a bheadh aici dá mbeinnse le dul siar go Gaillimh?

Cuireann Pól i gcoinne na gcúiseanna atá luaite ag Máire. Tá mífhoighne le brath ar a chuid cainte.

Pól: An bhfuil tú cinnte nach ag lorg leithscéalta atá tú? Measaim go bhfuil scoileanna i nGaillimh chomh maith céanna le Corcaigh. Agus maidir le do mháthair, ní bheifeá míle míle ar shiúl uaithi. Níl cúis ar bith nach gcaithfeá deireadh na seachtaine anseo i gCorcaigh, agus corróiche eile lena chois sin.

Déanann Máire cosaint láidir muiníneach ar an méid atá ráite aici.

Máire: I gcead duit, a Phóil, ní leithscéalta ar bith na rudaí a luaigh mé. Tá cúiseanna fóna agam gan glacadh leis an bpost. Níl mé chun mo bheirt mhac a scaradh óna gcuid cairde beaga agus níl mé chun mo mháthair féin a fhágáil ina haonar – bean chomh haosta léi. Ní féidir liom dul go Gaillimh. Sin agat a bhun is a bharr.

Cuireann Pól deireadh leis an chomhrá ar bhealach a léiríonn go bhfuil sé míshásta. Tá sé fuar agus beagáinín bagrach i leith Mháire.

Pól: Feicim nach bhfuil aon mhaith a bheith ag caint leat. Do chomhairle féin, más ea, ach beidh orm tuairisc faoi seo a chur i láthair na stiúrthóirí. Fágfaimid an scéal mar atá sé, go fóilleach.

Is féidir éisteacht leis an chomhrá [anseo](#).

Sampla 3: Cead taistil?

Scenario: Comhrá idir athair (Barry) agus mac (Eoin) faoi thuras is mian le hEoin a thabhairt ar an Astráil lena chairde. Beidh iasacht airgid agus cead a athar de dhíth air. An mbeidh sin le fáil nó an mbeidh siad in ann teacht ar chomhréiteach?

Fearann: Pearsanta.

Scileanna agus straitéisí: Deis chomhrá a lorg, a mhíniú go bhfuil deifir ort, spéis nó amhras a chur in iúl, tuairim duine a lorg, cur i gcoinne argóintí, cur isteach ar chaint duine agus leithscéal a ghabháil as sin, réiteach a mholadh ar fhadhb, ceist chigilteach a sheachaint, clú duine a chosaint, hipitéis nó cur i gcás, comparáid a dhéanamh, comhréiteach a mholadh.

Tá Eoin ag iarraidh deis chomhrá lena athair.

Eoin: Hi a Dheaid. An bhfuil soicind agat nó an bhfuil tú gnóthach?

Míníonn an t-athair go bhfuil deifir áirithe air.

Barry: Beidh mé ag imeacht i gceann bomaite, ach abair leat.

Labhraíonn Eoin lena athair faoi thuras atá beartaithe.

Eoin: Maith go leor. Bhuel, is é an rud atá ann ... Tá a fhios agat an dóigh a bhfuil na scrúduithe thart? Tá scaifte de na leids ag dul chun na hAstráile i mí Iúil agus thug siad cuireadh domsa dul leo.

Cuireann an t-athair idir spéis agus amhras in iúl.

Barry: Ó, ar thug anois? Cén áit san Astráil a bhí ar intinn acu?

Tugann Eoin tuilleadh eolais agus lorgaíonn tuairim a athar.

Eoin: Á, Sydney, creidim, ar feadh seachtaine agus ansin turas thart ar an chósta ar feadh coicíse nó mar sin. Labhair mé le Mám faoi seo agus dúirt sí gurbh fhearr dom labhairt leatsa. Cad é do bharúil, a Dheaid?

Noctann an t-athair amhras faoi chúrsaí airgid.

Barry: Leis an bhainisteoir bainc ab fhearr duit labhairt, maise. Níl post samhraidh féin agat.

Cuireann Eoin i gcoinne argóintí a athar.

Eoin: Bhí eagla orm go ndéarfá sin. Ach ní bheadh sé millteanach daor. Ag stopadh i mbrú óige a bheadh muid agus...

Gabhann an t-athair a leithscéal tar éis dó cur isteach ar chuid cainte Eoin.

Barry: Agus cé a dhíolfaidh as an turas eitleáin? Ach fan... Níor chóir dom briseadh

isteach ort mar sin. Lean ort ansin.

Molann Eoin réiteach ar na deacrachtaí airgid atá aige.

Eoin: Bhuel tá mí idir seo agus mí Iúil agus b'fhéidir go dtiocfadh liom cúpla euro a shaothrú idir an dá linn. Bheadh ort le hiasacht a thabhairt dom ach níl sé leath chomh daor agus atá tú ag déanamh amach.

Léiríonn an t-athair drochamhras faoi dhuine den chuideachta.

Barry: Le fírinne, ní hé an costas is mó atá ag cur inní orm, ach na daoine a bheas i do chuideachta. An mbeidh Tomás libh, mar shampla?

Seachnaíonn Eoin ceist a athar.

Eoin: Á, ceathrar ar fad a bheas ann. Níl aithne agat ar an chuid is mó acu.

Míníonn an t-athair cén fáth a bhfuil amhras air faoi Thomás.

Barry: Tá seanaithe agam ar Thomás, maise, agus is cuimhin liom dul go stáisiún na nGardaí an oíche sin le sibh a bhailiú. Do bharúil an mbeidh póilíní na hAstráile chomh foighdeach céanna le déagóirí ólta?

Cosnaíonn Eoin a chara.

Eoin: Is fada ó tharla sé sin, a Dheaid. Nach Tomás a fuair na pointí is airde i mbliana? Tháinig ciall chugainn uilig ó shin.

Léiríonn an t-athair inní faoi rudaí a d'fhéadfadh tarlú.

Barry: Níl mé ag rá nár tháinig. Ach níl dúil agam sa chuideachta sin agus, cuir i gcás dá dtarlódh a dhath thall ansin, cad é mar a thiocfadh liom tarrtháil a thabhairt ort agus tú ar an taobh eile den domhan?

Cuireann Eoin a chás féin i gcomparáid le cás a dhearthár.

Eoin: Ach thug tú cead do Joe dul go Bangkok ina dhiaidh sin.

Molann an t-athair comhréiteach.

Barry: Thug, mar bhí baint aige sin leis an chúrsa turasóireachta úd a bhí á dhéanamh aige. Éist, níl mé ag iarraidh tú fanacht anseo ar feadh an tsamhraidh agus pus ort. Cad chuige nach rachfá chun na Fraince nó go Ceanada nó tír ina dtig leat do chuid Fraincise a chleachtadh? Is sásta a dhíolfainn as turas a rachadh chun sochair duit. Agus dá mbeadh do dheirfiúr leat anois, bheadh sin...

Léiríonn Eoin amhras faoin chomhréiteach ach ní dhiúltaíonn dó glan amach.

Eoin: Hmm...níl a fhios agam. Ní hé sin an rud a bhí ar intinn agam. Ach éist, labhróidh mé leis na leids go bhfeice mé.

Is féidir éisteacht leis an chomhrá [anseo](#). (Ar fáil go luath).

7.6 Straitéisí le cuidiú le foghlaimeoirí agus iad ag labhairt na teanga

(1) Bainfidh na foghlaimeoirí úsáid as straitéisí éagsúla agus iad i mbun cumarsáide.

Beidh na straitéisí sin ag brath ar chúinsí mar seo a leanas:

- An bhfuil aithne acu ar an duine/daoine eile?
- An bhfuil stádas níos airde ag duine amháin ná an duine eile? Mar shampla, bainisteoir ag caint le fostaí, grúpa cairde ag caint, mac léinn ag déanamh cur i láthair dá chomhscoláirí agus araile.
- An bhfuil gaol oscailte cairdiúil idir na páirtithe nó an bhfuil a mhalairt fíor?
- An bhfuil lucht éisteachta ann nó an bhfuil aon duine ag cúléisteacht?
- An mbeidh an t-am acu an bhfuil le rá acu a ullmhú nó an gcaithfidh siad labhairt as a seasamh?

(2) Ag brath ar an chineál taisc atá i gceist, ba cheart d'fhoghlaimeoirí straitéisí mar seo a leanas a úsáid:

- (a) Ba chóir go mbeadh na foghlaimeoirí in ann an rud atá le rá acu a phleanáil sa dóigh is go mbeidh siad ag tarraingt ar a láidreachtaí féin agus le go dtiocfaidh siad slán ar cibé laigí atá acu.
- (b) Ba chóir go mbeadh na foghlaimeoirí in ann timchaint agus parafrása a úsáid go héifeachtach chun bearnaí foclóra agus struchtúir a líonadh.
- (c) Má thagann deacracht nó fadhb chumarsáide aníos, is tábhachtach go mbeadh na foghlaimeoirí in ann 'dul siar' agus malairt focal a aimsiú chun iad féin a chur in iúl gan cur isteach go rómhór ar shruth na cainte.
- (d) Beidh foghlaimeoirí in ann frása oiriúnach a roghnú ó raon frásaí atá ar a dtoil acu. Cuirfidh siad tús oiriúnach lena gcuid cainte chun cead cainte a fháil nó aird na n-éisteoirí a tharraingt orthu féin. Beidh siad in ann frásaí a úsáid a thugann am agus deis mhachnaimh dóibh gan aird na n-éisteoirí a chailleadh.
- (e) Beidh na foghlaimeoirí in ann straitéisí a úsáid chun tuiscint na n-éisteoirí a éascú. I measc na straitéisí sin, tá béim a chur ar eochairfhocail, malairt focal a aimsiú agus a chinntiú go dtuigeann na héisteoirí cad é atáthar ag rá.
- (f) Ba chóir don fhoghlaimeoir gach aiseolas a fhaightear ón mhúinteoir nó ó lucht an ranga a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar na botúin a dhéanann sé/sí go rialta agus iarracht chomhfhiosach a dhéanamh gan na botúin sin a dhéanamh feasta.

7.7 Treoracha don mhúinteoir le cuidiú le foghlaimeoirí agus iad ag labhairt na teanga

- (1) Bain úsáid as raon leathan d'ábhair ionchuir a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar ábhair spéise na bhfoghlaimeoirí. Ansin, is féidir tascanna labhartha oiriúnacha a chur le chéile bunaithe ar na hábhair sin.
- (2) Ba chóir tascanna labhartha a chruthú atá réalaíoch, ciallmhar agus a thugann deis d'foghlaimeoirí a scileanna cumarsáide a fhorbairt. Más foghlaimeoirí fásta i gclár oideachais d'aoisigh atá i gceist b'fhiú go mór *scenarios* a úsáid a bhaineann lena saol oibre, nó le saol scoile a gcuid páistí nó le gnáthimeachtaí an lae, ar nós na siopadóireachta, caithimh aimsire agus araile. Ar an lámh eile, bhainfeadh mic léinn tríú leibhéal sochar as tascanna cumarsáideacha a bhaineann le saol na hollscoile/an choláiste, a gcuid léachtóirí, lucht an chúrsa, an fhoireann acadúil is riaracháin agus araile.
- (3) Déan iarracht agus roinnt tascanna a bheith ann atá dírithe ar líofacht a fhorbairt agus tascanna eile ina gcuirtear béim ar chruinneas teanga.
- (4) Bíonn plé agus díospóireachtaí an-éifeachtach mar thascanna cainte ag an leibhéal seo. Is fearr a éiríonn lena leithéid má bhíonn struchtúr ceart air agus má bhíonn tasc ar leith le cur i gcrích ag na foghlaimeoirí. Tá sé tábhachtach gníomhaíochtaí a dhéanamh sula dtosaíonn an plé féin. Is féidir na gníomhaíochtaí a úsáid chun tacaíocht a chur ar fáil do fhoghlaimeoirí, mar shampla súil siar ar fhoclóir an ábhair, téacs a bhaineann le hábhar a léamh nó éisteacht lena leithéid. Má bhíonn struchtúr ceart ar an phlé/díospóireacht, beidh deiseanna ag na foghlaimeoirí raon leathan de na feidhmeanna atá riachtanach don leibhéal seo a chleachtadh (hipitéis, áitiú, achoimriú agus cur in ord tosaíochta).
- (5) Rud eile a d'fhéadfadh cuidiú le foghlaimeoirí chun scileanna riachtanacha cumarsáide a shealbhú agus a fhorbairt ná cur i láthair a ullmhú agus a dhéanamh. Ní gan dua a dhéantar a leithéid agus caithfear tacaíocht agus misneach a thabhairt do na foghlaimeoirí sna chéad iarrachtaí a dhéanann siad. Comhairligh dóibh topaic a roghnú a bhfuil eolas acu air agus leas a bhaint as an fhriotal fhoirmleach a bhaineann leis. De réir mar a éiríonn na foghlaimeoirí níos muiníní, agus de réir mar a éiríonn siad níos cruthaithí maidir le húsáid na teanga, is féidir laghdú ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil agus topaicí níos casta agus níos dúshlánaí a thabhairt isteach. Cabhraíonn cur i láthair leis na foghlaimeoirí struchtúr a chur ar dhioscúrsa trí leas a bhaint as frásaí mar seo a leanas: 'Sa chaint seo ba mhaith liom díriú ar...', 'Anois breathnóidh mé ar...' agus 'Is dóigh liom gurb é an rud is mó a gcaithfear béim a chur air ná...'
- (6) Ba chóir cineálacha éagsúla tascanna a thabhairt do na foghlaimeoirí sa chaoi is go mbíonn siad páirteach i ngníomhaíochtaí beirte agus i ngníomhaíochtaí grúpa. Cabhraíonn sin leo idirghníomhú go héifeachtach lena bpáirtithe, mar shampla ligean

dá chéile seal a ghlacadh nó tús a chur leis an phlé nó freagra oiriúnach a thabhairt ar chaint agus ar cheisteanna a bpáirtithe.

- (7) Tá sé barrthábhachtach aiseolas a thabhairt do na foghlaimeoirí. Bíonn an t-aiseolas sin riachtanach ní amháin sna tascanna sin ina gcuirtear béim ar chruinneas gramadaí ach freisin sna tascanna sin ina dtagann réim, ton cainte agus gnéithe caolchúiseacha eile den chumarsáid i gceist. Ba chóir tascanna éisteachta a úsáid le difríochtaí a léiriú idir caint na bhfoghlaimeoirí agus an chaint a bhíonn ag cainteoirí níos oilte sna comhthéacsanna céanna. Chomh maith leis sin, is fiú samplaí lochtacha a chur faoina mbráid agus iarraidh ar na foghlaimeoirí a machnamh a dhéanamh ar na lochtanna atá orthu agus smaoinemh ar bhealaí le feabhas a chur orthu.
- (8) Déan iarracht na foghlaimeoirí a spreagadh chun leas a bhaint as gach deis a bhíonn acu an teanga a labhairt taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga.

8. Scríbhneoireacht

8.1 Ginearálta

Beidh foghlaimeoirí ag Ardleibhéal 1 (C1) in ann raon leathan de chineálacha téacsanna a scríobh, lena n-áirítear na téacsanna a luaitear i Siollabas Mheánleibhéal 2 (B2). Beidh forbairt le haithint ar a scileanna scríbhneoireachta. Ní bheifear ag brath, mar shampla, ar na topaicí a bheith intuartha nó bainteach lena gcuid oibre/réimse eolais féin. Beidh na foghlaimeoirí solúbtha, cruthaitheach go leor le scríobh go héifeachtach faoi thopaicí nach bhfuil seanchleachtadh acu orthu, fad is nach bhfuil na topaicí sin róshainiúil ná rótheicniúil.

Anuas ar na téacsanna atá liostaithe i Siollabas Mheánleibhéal 2 (B2), beidh téacsanna atá níos casta agus, ar uairibh, níos faide. I measc na dtéacsanna sin tá:

Lámhleabhair/bileoga treorach	Fógráin
Ailt d'irisí, nuachtáin	Tuairisc nó cur síos ar phost
Meamraim	Ábhair theagaisc
Miontráchtas ollscoile	Miontuairiscí
Scríbhneoireachta chruthaitheach	

8.2 Cé chomh maith?

Beidh réimse leathan de nathanna, de chora cainte, de nascfhocail agus de théarmaí coitianta ar a dtail ag na foghlaimeoirí. Beidh siad in ann leas a bhaint as struchtúir ghramadaí agus cleasa comhréire éagsúla chun doiléire agus débhríocht a sheachaint agus an téacs a choimeád ó bheith leamh, athráiteach. Beidh soiléire, saibhreas agus nádúrthacht sa stíl scríbhneoireachta. Beidh tionchar na máthairtheanga le sonrú in amanna ach is annamh a bheidh sé chomh tromchúiseach sin agus gur dheacair do léitheoirí an téacs a thuiscint. Beidh an téacs cruinn, den chuid is mó, ó thaobh na

gramadaí agus an litrithe de. Beidh míchruinneas i gcónaí ann i dtaca leis na pointí a liostaítear faoi **11.2 Struchtúir ar leith** agus **8.5 Mílitriú**. Beidh éiginnteacht ann faoi leaganacha caighdeánacha seachas leaganacha canúnacha. Féach **8.8 Caighdeán vs canúint**.

Agus sin ráite, beidh an foghlaimeoir in ann déileáil le formhór na gceisteanna gramadaí agus litrithe a bheadh le réiteach acu le linn na scríbhneoireachta trí na foinsí tagartha a cheadú go héifeachtach (mar shampla, foclóirí, graiméir agus araile). Léireofar tuiscint ar an réim atá oiriúnach don seánra téacs agus don chomhthéacs sóisialta. Beidh an foghlaimeoir in ann cruthaitheacht agus caolchúis a léiriú, de réir mar is cuí, agus friotal aeistéitiúil a úsáid chomh maith le friotal atá follasach nó litriúil, mar shampla imeartas focal, sofhriotal (*euphemism*), leathfhocail, meafair agus araile.

8.3 Feidhmeanna

Tá roinnt feidhmeanna de chuid Ardleibhéal 1 (C1) luaite cheana féin i siollabais eile de chuid TEG, mar shampla rudaí a chur i gcomparáid/i gcontrárthacht, gearán a dhéanamh agus dearcadh nó tuairimí a chur in iúl. Beifear ag súil le foghlaimeoirí ag Ardleibhéal 1 (C1) na feidhmeanna sin a láimhseáil ag leibhéal níos airde ná riamh ó thaobh saibhreas focal, cruinneas gramadaí agus araile. Tá feidhmeanna eile ann nár luadh riamh go dtí seo, mar shampla hipitéis, rudaí a chur in ord tosaíochta, achoimriú, mórphointí agus mionphointí argóna a dhealú ó chéile, leideanna indíreacha a thabhairt agus rudaí caolchúiseacha a chur in iúl, mar shampla íoróin agus searbhas. Is feidhmeanna iad sin a bhíonn riachtanach sa scríbhneoireacht a dhéantar san fhearann acadúil agus san fhearann ghairmiúil. Agus iad ag socrú tascanna scríbhneoireachta i bpáirt leis na foghlaimeoirí, ba chóir do mhúinteoirí a fháil amach cad iad na fearainn ina mbeidh ar na foghlaimeoirí an teanga a scríobh, agus cad iad na tascanna is fearr a oireann dá riachtanais.

8.4 Samplaí

Bheifí ag súil ag an leibhéal seo go mbeadh foghlaimeoirí in ann réimse leathan de chineálacha éagsúla tascanna scríbhneoireachta a chur i gcrích. Ar ndóigh, beidh na cineálacha tascanna scríbhneoireachta in aon chúrsa teanga ag teacht le riachtanais agus spriocanna foghlama an fhoghlaimeora. Tá trí shampla thíos a bhaineann le fearainn agus le hábhair éagsúla. Leanann tráchttaireacht gach ceann de na samplaí ina léirítear an leibhéal cumais a bhfuiltear ag súil leis ag Ardleibhéal 1 (C1).

Sampla 1

Tasc: Ríomhphost ó mhac léinn chuig a stiúrthóir léinn, ag plé ábhar a thráchtais.

Fearann: Oideachasúil.

A Ollaimh, a chara

Beatha agus sláinte. Go raibh maith agat i dtosach as casadh liom agus m'ábhar tráchtais a phlé liom. Chuir tú comhairle mhaith orm agus tá mé an-bhuíoch duit ¹. Tá mé ag iarraidh, mar is eol duit, tráchtas a dhéanamh faoi bhéaloideas mo cheantair féin, an méad ²atá le fáil i mBailiúchán na Scol ³. Shíl mé go raibh an t-eolas sa chnuasach tábhachtach. ⁴ agus admhaím go raibh díoma ⁵ orm nuair a dúirt tú nach fiú a bheith leis. ⁶ Dúirt tú gur beag an t-ábhar ⁷ a bailíodh i mo cheantar féin (ón chuimhne atá agat féin air, toisc an Ghaeilge a bheith lag an t-am sin agus an pharóiste ⁸ a bheith bánuithe ⁹ ag an imirce). Bhí an ceart ar fad agat. Tá an t-ábhar scaipthe, scáinte ¹⁰ go leor, agus ní hí an chuid is fearr den Ghaeilge atá ann ¹¹, dár ¹² liomsa.

Ach ní hé sin deireadh an scéil. Fuair mé amach go raibh sagart san áit fiche bliain nó mar sin roimhe ¹³. Fear mór de chuid Chonradh na Gaeilge a bhí ann agus bhí aithne aige ar na cainteoirí ab fhearr sa pharóiste. Bhailigh sé scéalta agus amhráin agus chuir sé isteach ar chomórtais an Oireachtais ¹⁴. Tá na leabhair nótaí i Leabharlann Dheoise Rátha Both ¹⁵. Ar mhiste leat dá n-iarraíonn ort litir a scríobh le go ligfear isteach sa leabharlann mé? Léifidh mé na leabhair nótaí agus cuirfidh mé cuntas chugat ar an stuif ¹⁶ atá ann. Má shíleann tú go bhfuil go leor ábhair ann b'fhéidir go dtabharfá cead dom tabhairt faoi mar ábhar tráchtais. Tá a fhios agam go bhfuil mé beagáinín déanach ag déanamh socrú leat. Níl ann ach gur mhaith liom an tráchtas is fearr is féidir a dhéanamh. Ar mhiste leat dáta eile a mholadh chun gur féidir linn seo ar fad a phlé.

Le meas,
Seán Mac Mathúna

Tráchtairacht ar an téacs

Téacs dea-scríofa atá ann, den chineál a mbeifeá ag súil leis ag Ardleibhéal 1 (C1). Tá **saibhreas focal** ann agus, tríd is tríd, úsáidtear focail agus frásaí ar bhealach nach sáraíonn réim an téacs. Tá sofhriotal agus íoróin sna leaganacha faoi nótaí 6 agus 11 a léiríonn go bhfuil gné aeistéitiúil ag baint leis an téacs seo, seachas eolas lom a sholáthar. Sampla eile de sin an uaim cheolmhar i nóta 10, a léiríonn go bhfuil ciútaí stíle a bhaineann leis an Ghaeilge scríofa ar a dtoil ag an scríbhneoir.

Tá roinnt **focal mílitrithe** ann ach níl aon rud ann a bheadh ina údar le débhríocht thromchúiseach. Féach, mar shampla, nóta 1. Is é an réamhfhocal *de* a theastaíonn, agus ní hé *do*: *an-bhuíoch díot*. Meancóga simplí atá i gcuid acu, mar shampla gan síneadh fada a chur ar an litir dheireanach den fhocal *díomá* (nóta 5). Seans gur earráidí níos tromchúisí atá sna samplaí *méad* (nóta 2) agus *dár* (nóta 12). Is cosúil go bhfuil an scríbhneoir i ndiaidh focail éagsúla a ionannú nó a mheascadh le chéile. *Méid* agus *dar* ba cheart a bheith ann agus tá ciall eile ar fad leis na focail a úsáideadh. Is é atá san fhocal *dár*, mar shampla, ná na réamhfhocail *de* nó *do* + an aidiacht shealbhach *ár*. Maidir le *bánuithe* (nóta 9) is *bánaithe* ba chóir a bheith ann. Níl aon difear fuaime idir an dá leagan ach is minic a bhíonn miondifear céille ag brath ar na rialacha litrithe a thabhairt slán, mar shampla *halla scrúduithe* (*examinations hall*) vs *halla scrúdaithe* (*examination hall*).

Tá roinnt laigí ar an téacs ó thaobh **cúrsaí stíle** de. Is le briathar a thosaíonn formhór na n-abairtí, rud nach bhfuil mícheart ach a éiríonn an-learnh i ndiaidh tamaill. Níor mhiste clásal copaile a úsáid thall is abhus chun brí a chur sna habairtí, mar shampla *Comhairle mhaith a chuir tú orm...* Caithfidh an chopail a úsáid chun teacht slán ar an débhríocht i nóta 4: an é go bhfuil an t-eolas tábhachtach le fáil sa chnuasach nó an amhlaidh atá an t-eolas i gcnuasach tábhachtach éigin? Níl an débhríocht chomh tromchúiseach sin ar fad, mar tá comhthéacs ann a chabhraíonn leis an léitheoir. Mar sin féin ba dheise go mór: *Eolas tábhachtach atá sa chnuasach...* Is ait leis an léitheoir an abairt faoi nóta 13, abairt a bhfuil focal nó dhó ar lár inti, dar leat. Tá cáiliú éigin le déanamh ar an réamhfocal *roimh*, mar shampla *roimh Bhailiúchán na Scol*. Ó thaobh na **réime** de, seans go bhféadfaí focal níos fearr ná *stuif* a roghnú (nóta 16).

Tá an teannas idir leaganacha canúnacha agus leaganacha caighdeánacha le brath ar nóta 8 chomh maith. Is leagan malartach é an *pharóiste*. Firinsneach atá an focal de réir an chaighdeáin. Ní miste sin i dtéacs neamhoifigiúil ach ní fios go bhfuil an scríbhneoir ar an eolas faoin inscne chaighdeánach, sa chaoi is go bhféadfaí é a leasú i ndioscúrsa oifigiúil/leathoifigiúil.

Tá **débhríocht comhréire** faoi nóta 14 i.e. *he disrupted/upset the Oireachtas competitions*. Ní débhríocht thromchúiseach é agus b'fhurasta é a leigheas le forainm: *chuir sé iad isteach*. Seans gurb í an aimsir ghnáthchaite ba chóir a úsáid, ach níl sé sin cinnte ón chomhthéacs. I gcás nóta 7 b'fhearr *ba bheag ábhar* a scríobh. Ní hé go raibh an t-ábhar féin *beag* ar shlí ar bith.

Tagann pointí thar a bheith caolchúiseach i gceist i nótaí 3 agus 15. Is é a bhí in *Bailiúchán na Scol* ná scéim inar cuireadh páistí scoile na tíre ag bailiú béaloidis. Seans gur iontach linn inniu an ginideach iolra *scol* ach is rócheartú a bheadh ann ainm na scéime a athrú. Mar an gcéanna leis an aonad céille *Leabharlann Dheoise Rátha Both*. Séimhítear *deoise* i ndiaidh *leabharlann* toisc gur ainmfhocal cinnte é a cháilíonn an t-ainm dílis *Ráth Bhoth*. Cealaítear an séimhiú ar *Bhoth* de réir seanriail a bhaineann le logainmneacha, i.e. nach séimhítear i ndiaidh focail sa ghinideach a chríochnaíonn le *guta*, mar shampla *chun an tSratha Báin*. Gach seans nach bhfuil na mionrialacha sin ar eolas ag an scríbhneoir ach gur chóipeáil sé ainm na leabharlainne ó shuíomh gréasáin nó foinse éigin eile. Ach is scil ann féin leaganacha atá casta ó thaobh na gramadaí a scríobh amach gan iad a rócheartú nó botúin úrnua a thabhairt isteach.

Sampla 2

Tasc: Léirmheas ar an scannán Éireannach, *Kings* le haghaidh iris ollscoile.

Fearann: Pearsanta/poiblí.

Shíl mé go mbainfinn an-taitneamh as *Kings*, an scannán is déanaí le Tom Collins, stiúrthóir a dtaitníonn a shaothar liom de ghnáth¹. Ní mar a shíltear bítear, áfach, agus tá faitíos orm gur deis amú atá san iarracht seo. Deirim ‘deis amú’ mar tá an t-ábhar fíorshuimiúil. Scéal atá ann faoi scata fear² as Conamara a chaith a saol ag sclábhaíocht i gcathair Londain³. Tá sé thar am go ndéanfaí plé⁴ ar shaol na n-imirceoirí⁵ seo a rinne íobairtí móra le hairgead a chur againn⁶ sa bhaile anseo in Éirinn. Ba iad a gcuid ‘litreacha abhaile’ a choinnigh greim inár mbéal sula raibh Tíogar Ceilteach ar bith ann. Tá scéal spéisiúil le hinsint faoi uaigneas agus faoi éadóchas na n-imirceach ach, faraor, is scéal é atá fós le hinsint.⁷

Dúirt mo chara liom, leathbhealaigh⁸ tríd an scannán ‘Níl sé cosúil le scannán ar chor ar bith!’ Tuigim an rud a bhí i gceist aici. Titeann cuid mhór den scéal amach i dtithe tábhairne dorcha, agus chuir an obair cheamara clár teilifíse i gcuimhne dom. Ní hiontas ar bith é sin mar tá an script bunaithe ar dhráma stáitse, *Kings of the Kilburn Highroad* ag Jimmy Murphy.⁹ Dráma Béarla a bhí ann, agus spreagann sin ceist eile: cén fáth ar tugadh an Ghaeilge isteach sa scéal? Is iomaí rud a chaithfidh stiúrthóir a dhéanamh chun dóthain airgid a fháil chun scannán a dhéanamh.¹⁰ Is dócha go raibh cúrsaí maoinithe i gceist nuair a rinneadh an cinneadh scannán dátheangach a dhéanamh.¹¹ Is dána domsa bheith ag fáil locht ar Ghaeilge dhaoine¹² eile ach bhí sé deacair dom cuid de na haisteoirí a leanúint.¹³ Éiríonn go maith le Colm Meaney, ach is Béarla is mó a labhraíonn sé siúd. Go deimhin, tá briathar sean-Bhéarla amháin a bhfuil sé an-cheanúil air!¹⁴ Deis amú, mar a dúirt mé cheanna,¹⁵ ach mholfaínn do dhaoine é a fheiceáil agus a mbreithiúnas féin a thabhairt air.

Tráchttaireacht

Tá fad maith sna habairtí, agus slacht ar na nascfhocail agus na míreanna coibhneasta a theastaíonn chun clásail a fhí isteach ina chéile (nóta 1). Is maith mar a úsáideadh an briathar cúnta *déan* chun teacht slán ar an abairt chiotach *saol na n-imirceoirí seo a rinne íobairtí móra le hairgead a chur againn sa bhaile anseo in Éirinn a phlé* (nóta 4).

Ní botúin fhollasacha iad na **botúin ghramadaí** agus ní údar míthuisceana ná débhríochta iad, mar shampla *i gcathair Londan* ba chóir a scríobh seachas *i gcathair Londain* (nóta 3) agus is séimhiú lochtach an séimhiú san aonad *Gaeilge dhaoine* (nóta 12). Róghinearálú ar rialacha an tséimhithe tar éis ainmfhocail bhaininscigh is cúis leis. Is dhá fhocal ar leith iad *leath bealaigh* agus ní comhfhocal (nóta 8). Féach chomh maith go dtugtar roinnt rialacha casta gramadaí slán, mar shampla an ginideach iolra san aonad *scata fear* (nóta 2). Mílitrítear an focal *cheana* (nóta 15).

Tá **tionchar an Bhéarla** le sonrú ar *bhí sé deacair dom cuid de na haisteoirí a leanúint* (nóta 13). Is dócha gur *to follow some of the actors* a bhí ar intinn an scríbhneora.

D'fhéadfaí feabhas a chur ar úsáid na réamhfhocail chomh maith (nótaí 6 agus 9). Tá *airgead a chur chugainn* níos cruinne ná *airgead a chur againn*, cé nach dtugtar an difear slán i ngach aon chanúint. B'fhearr le *Jimmy Murphy* ná *ag Jimmy Murphy*.

Ó **thaobh na stíle** de, is é an trua nár aimsíodh malairt friotail seachas an briathar *déan* a úsáid arís is arís eile (nótaí 10 agus 11). Bíodh sin mar atá, is caolchúiseach mar a thugtar breithiúnas diúltach ar an scannán (nóta 7) agus mar a thugtar rabhadh do dhaoine faoin droch-chaint ann (nóta 14). Tá míleanúnachas foclóra ann idir *imirceoirí* (nóta 5) agus an leagan caighdeánach *imircigh* a úsáidtear níos faide anonn.

Sampla 3

Tasc: Iarrtar ar an Oifigeach Gaeilge i gcomhairle contae tuairisc ar phost (*job description*) a scríobh i nGaeilge. Beidh an t-eolas seo le fáil ag iarrthóirí a lorgaíonn an leagan Gaeilge.

Fearann: Gairmiúil.

COMHAIRLE CONTAE¹ MHUINEACHÁIN — OIFIGEACH CLÉIREACHAIS SONRAÍ AN PHOIST²

Is post buan lánaimseartha é seo a bhfuil cearta pinsin ag baint leis.³ Bíonn ar gach oifigeach de chuid Chomhairle Chontae⁴ Mhuineacháin atá i dteideal pinsin⁵ 1.5% dá thuarastal⁶ a íoc i gcomhair ranníocaíochtaí aoisliúntais de réir na Scéime Pinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanáí (Rialtas Áitiúil).

TUARASTAL:

An scála tuarastail le haghaidh oifigeach cléireachais: €23,232 - €24,324- €25,411 - €26,502 - €27,595- €28,684 - €29,772 - €30,857 - €31,950- €33,037- €34,130 – €36,189 LSI 1 - €37,650.

DUALGAIS:

Beidh obair riaracháin agus/nó rúnaíochta le déanamh ag an té a cheapfar⁷ de réir mar a shocraíonn oifigigh an údaráis áitiúil ó am go chéile. B'fhéidir go mbeidh air/uirthi⁸ feidhmiú in ionad oifigigh eile.

SLÁINTE:

Sula gceapfar sa phost é/i,⁹ beidh ar an iarrthóir a roghnófar dul faoi scrúdú míochaine¹⁰ ag dochtúir láncháilithe a ainmneoidh an t-údarás áitiúil.

AOIS SCOIR:

Ní ligtear d'fhostaithe dul ar scor go mbeidh siad ar a laghad 65 bliain d'aois¹¹.

CÓNAÍ:

Beidh an té a cheapfar ina c(h)ónaí¹² sa cheantar ina bhfuil a gcuid dualgas¹³ le cur i gcrích, nó tamall réasúnta ar shiúl ón gceantar sin.

Níl sa jabthuaisc¹⁴ seo ach cuntas ar phost faoi leith. Gheofar tuilleadh eolais faoi chleachtas fostaíochta na Comhairle san fhoilseachán dar teideal *Lámhleabhar 2008*. Cuirfear cóip den *Lámhleabhar*, agus gach litríocht ábhartha¹⁵ eile, ar fáil ar iarratas.

Tráchttaireacht

Tá na **téarmaí** riaracháin cruinn den chuid is mó. B'fhéidir gur cheadaigh an scríbhneoir roinnt fógraí folúntais i nGaeilge nó gur lorgaíodh téarmaí áirithe ar www.focal.ie, mar shampla *Spouses' and Children's' Contributory Pension Scheme (Local Government)*. Seachnaítear cuid den idirtheanga is coitianta ina leithéid seo de théacs, mar shampla is

fearr go mór *an té a cheapfar* (nóta 7) ná leaganacha ar nós *an t-iarrthóir rathúil* a tháinig chugainn glan díreach ón Bhéarla *the successful candidate*.

I gcás nó dhó moltar roinnt leaganacha éagsúla ar www.focal.ie agus is cosúil go raibh éiginnteacht ar an scríbhneoir faoin leagan ab fhearr a úsáid. *Sonraí an phoist* a thugtar ar *job description* (nóta 2) chomh maith le *jabthuaisc* (nóta 14). I gcás *pensionable* úsáidtear athleaganacha fada in áit an téarma ghonta *inphinsin: post... a bhfuil cearta pinsin ag baint leis* (nóta 3) agus *gach oifigeach ...atá i dteideal pinsin* (nóta 5). Ach léiríonn an scríbhneoir an neamhspleáchas agus an tsolúbthacht is dual d'fhoghlaimoirí ag Ardleibhéal 1 (C1). *Scrúdú dochtúra* a mholtar le haghaidh *medical examination* ar www.focal.ie, www.achmainn.ie agus sna foclóirí. *Scrúdú míochaine* atá sa téacs Gaeilge seo (nóta 10), leagan a sheachnaíonn an t-athrá ar an fhocal *dochtúir (scrúdú dochtúra ag dochtúir)*.

Tá éiginnteacht le brath **sa ghramadach** chomh maith. Tugtar *Comhairle Contae Mhuineacháin* sa cheannteideal (nóta 1) ach séimhítear *contae* tar éis an ainmfhocail bhaininscigh *comhairle* níos faide anonn (nótaí 4).

Tá an téacs beagnach foirfe maidir le litriú de. Is féidir gur úsáid an t-údar ceann de na litreoirí Gaeilge a phléitear faoi **13.7 Litreoirí Gaeilge**.

Foinse eile mhíréire ná cúrsaí **inscne**. Déantar iarracht anseo is ansiúd (nótaí 8, 9 agus 12) an forainm baininsneach a úsáid chomh maith leis an fhorainm fhirinsneach, ach níl leanúnachas ar bith ann. Tá míréir ann maidir le pearsa chomh maith. Féach nóta 13, ina n-úsáidtear an tríú pearsa uatha (*an té a cheapfar*) agus an tríú pearsa iolra (*a gcuid dualgas*) ag tagairt don aon phearsa amháin.

Bíodh is nach **aistriúchán** díreach ón Bhéarla atá sa téacs seo, is cosúil go raibh an scríbhneoir ag tarraingt ar fhoinsé eolais i mBéarla. Tá lorg an Bhéarla le feiceáil ar an eolas ag deireadh an téacs (nóta 15). Is léir gur ón Bhéarla *relevant literature* a fuarthas *litríocht ábhartha*. Is dócha gur *eolas* nó *sonraí* a leithéid a déarfaí i nGaeilge.

Bíodh sin mar atá, éiríonn leis an scríbhneoir dul na Gaeilge a chur ar an eolas a tugadh dó/di i mBéarla agus an idirtheanga a sheachaint den chuid is mó. Féach, mar shampla, an t-eolas faoi aois scoir (nóta 11). Is dócha gur *minimum retirement age is 65* nó a leithéid a bhí sa Bhéarla. Is maith mar a seachnaíodh leaganacha dothuigthe ar nós *íosaois scoir* nó *aois íosta scoir*.

8.5 Mílitríú

Chomh maith leis na meancóga a dhéantar trí neamhchúram nó trí dheifir, mílitrítear focail Ghaeilge:

- Faoi thionchar an Bhéarla.
- Faoi thionchar canúna.
- Faoi thionchar an tseanlitrithe a bhí i réim sular caighdeánaíodh litriú na Gaeilge.

Mílitríú faoi thionchar an Bhéarla

Is minic gur faoi thionchar an Béarla a chuirtear córas litrithe na Gaeilge as a riocht, go háirithe sna focail a tugadh ar iasacht uaidh. Is dócha gur ar mhaithe le fuaimniú an fhocail Bhéarla *launch* a thabhairt slán a chuirtear síneadh fada ar chéad siolla an fhocail *lainseáil* (*línseáil leabhair*). Is faoi thionchar *comma* an Bhéarla a scríobhtar *comóg* in áit *camóg*.

Mílitríú faoi thionchar canúna

Ní leaganacha malartacha atá i gceist anseo in aon chor (mar shampla *dhom* nó *domh*), ach earráidí a dhéantar faoi thionchar fhoghraíocht na canúna. Ní féidir cuntas iomlán a thabhairt anseo ach sampla nó dhó a lua. I gcuid de na canúintí, fuaimnítear an chríoch *-(a)ithe* ar nós *-(a)í*, sa dóigh is nach mbíonn aon difear idir focail mar *coisí* agus *coisithe* sa teanga labhartha. Is ionann fuaimniú, i gcanúintí áirithe, do na focail seo ar fad:

- Ceannaí (ainmfhocal uatha, *merchant*)
- Ceannaithe (ainmfhocal iolra, *merchants*)
- Ceannaigh (briathar, *buy*)
- Ceannaithe (aidiacht bhriathartha, *bought*).

Is dá bharr seo a dhéantar botúin litrithe ar nós *Tá Críostaí roinnte ina bProtastúnaithe agus ina gCaitlicí* nó *Ba ag na ceannaí saibhre a bhíodh na tithe ab fhearr*. Bíonn rócheartú i gceist chomh maith. Cuirtear *-(a)ithe* le leaganacha iolra a chríochnaíonn le *-(a)í* ó cheart, mar shampla *sonraithe* in áit *sonraí*.

Bíonn deacrachtaí ar leith le gach canúint. I gCúige Uladh is fuaim *ú* a bhíonn ar na deirí *-(e)adh*, agus *-(e)amh*, sa chaoi is nach mbíonn aon difear idir leithéidí *stiúradh* agus *stiúró* sa Ghaeilge labhartha.

Is minic fosta na hUltaigh agus na Connachtaigh i gcás idir dhá chomhairle faoi shínte fada i siollaí neamhaiceanta. Toisc go mbíonn an bhéim ar an chéad siolla, de ghnáth, ní go róshoiléir a chloistear gutaí fada i siollaí eile. Bíonn rócheartú ann chomh maith agus cuirtear síneadh fada ar an dara nó ar an tríú siolla nuair nach dteastaíonn sé in aon chor, mar shampla *athbheochán* (recte *athbheochan*), *córás* (recte *córas*), *príomhá* (recte *príomha*) agus araile.

Mílitríú faoi thionchar an tseanlitrithe

Sampla maith de mhílitríú faoi thionchar an tseanlitrithe is ea *acmhainn*. Is iomaí leagan den fhocal ann: *achmhainn*, *acmhúinn* agus tuilleadh nach iad. Tá lorg an tseanlitrithe ar an dara leagan sin. Níl mórán de dhifear fuaimne idir gutaí gairide i siollaí neamhaiceanta agus ba mhíoch iad á malartú ar a chéile fiú san aon téacs amháin, mar shampla *teach Éamuinn*, *teach Éamainn* nó *teach Éamoinn*. Réitíodh cuid mhór de na deacrachtaí le foilsíú *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil* sa bhliain

1947, agus le foilsiú EID agus FGB. Bíodh sin mar atá, ní thar oíche a chuaigh an litriú nua i gcion ar lucht na Gaeilge. Is sa seanlitríú a scríobhadh mórshaothair na n-údar Gaeltachta, agus is beag atheagrán leasaithe de na saothair sin a foilsíodh riamh. Tagaimid go léir faoi anáil an tseanlitríthe, agus ní amháin na daoine a bhí ar scoil sna caogaidí agus sna seascaidí.

An iarsma is feiceálaí den seanlitríú ná síneadh fada a chur le *a* roimh *rd*, *rl*, *rn* agus *rr* ag deireadh focail: *árd* (recte *ard*), *thárta* (recte *tharla*), *bárr* (recte *barr*). Is minic a dhéantar amhlaidh le *o* agus *eo*: *órd* (recte *ord*), *stiúideo* (recte *stiúideo*).

8.6 Roinnt focal a mhílitritear go minic

Tá liosta cuimsitheach d'fhocail a mhílitritear go minic ar leathanach 10 den fhoilseachán *Treoracha d'Aistritheoirí* a d'fhoilsigh an Gúm agus ar féidir é a íoslódáil ó <http://www.gaeilge.ie/dynamic/file/Treoracha%20dAistritheoiri.pdf>.

Acmhainn	Dothuigthe	Nollaig
Adamh	Dramhaíl	Oidhreacht
Aerfort	Dréimire	Oigheann
Ainbhios	Dúluachair	Oineach
Airteagal	Éagórach	Oснаíl
Áitiúil	Éagumas	Paisinéir
Anaithnid	Éidreoir	Parthas
Anraith	Éigiallta	Praghas
Aontíos	Fadaraíonach	Praghsanna
Bráthair	Fadhb	Praiticiúil
Breáthacht	Faghairt	Rabharta
Breatnach	Faillitheach	Réchúiseach
Buaileadh	Farasbarr	Reifreann
Bualadh	Feadaíl	Rince
Buíochas	Flichshneachta	Romainis
Caoithiúil	Foirceann	Rómainis
Carghas	Fulaingím	Rómáinis
Cathartha	Gangaid	Sáimhe
Ceanntitir	Graosta	Saghas
Circeoil	Grinneall	Saghsanna
Clóbhuailim	Imeagla	Samhlaíocht
Codladh	Imeall	Saothraí
Coimhthíoch	Imreoir	Scáfar
Coitianta	Inmhaite	Sciúird
Croithim	Inneall	Sealúchas
Croíúil	Innealtóir	Searbhas
Cuibheasach	Inniúlacht	Snaidhmim
Cumannachas	Ionchoisne	Sócmhainn
Cúnamh	Laofheoil	Sonra
Daonlathach	Leanbaíocht	Spéir
Daonnaí	Leasiníon	Spiaire
Deabhadh	Loighciúil	Straidhn
Deartháir	Loighic	Taibhseach
Deirfiúr	Máguaird	Tairbhiúil
Díograis	Maoithneach	Tapa
Diomaíoch	Meirfean	Teagmhaím
Diomúch	Míbhúíoch	Toirbhirt
Dochloíte	Modhúil	Uafás
Dochtúir	Muilleoir	Umhlaíocht
Dofheicthe	Naíchóiste	Urchóid

B'fhurasta cur leis an liosta thuas, mar shampla *cruthaíoch* (recte *cruthaitheach*), *ónórach* (recte *onórach*), *píonós* (recte *pionós*), *treallamh* (recte *trealamh*).

Bheifí ag súil, ag Ardleibhéal 1 (C1), go mbeadh a machnamh déanta ag na foghlaimeoirí ar litriú na Gaeilge agus ar na botúin is coitianta a dhéanann siad féin. Ba chóir don mhúinteoir na foghlaimeoirí a chur ag smaoinemh faoi chúrsaí litrithe le go bhfeicfidh siad patrúin agus go n-aithneoidh siad conas a léirítear fuaimeanna na teanga i gcóras

litrithe na Nua-Ghaeilge. Is fiú aird a tharraingt ar litriú neamhghnách, mar shampla ‘An bhfeiceann sibh an *ó* ar an fhocal *easpórtáil* ansin? Tá sin an-aisteach, mar ní bhíonn síneadh fada ar a leithéid sin de ghnáth.’ Níor mhiste, gan duine ar bith a ainmniú ná a náiriú, cuid de na botúin a dhéanann siad féin a lua agus iad a phlé, mar shampla ‘An bhfuil *dár liomsa* ceart, meas sibh? Cén fáth a bhfuil sé mícheart?’ nó ‘Tá *ós coinne* mícheart, ach an síleann sibh go mbeadh *ós* ceart go leor i gcomhthéacs eile?’ Féach chomh maith **13.7 Litreoirí Gaeilge**.

8.7 ‘Idirtheanga’ sa Ghaeilge scríofa

Bíonn blas an **aistriúcháin** ar a lán scríbhinní Gaeilge, fiú nuair nach aistriúcháin iad sa chiall is cruinne den fhocal. Is i mBéarla, nó i dteangacha eile, a chuireann an foghlaimeoir eolas ar phróisis agus ar choincheapa de ghnáth. Nuair is mian le duine tagairt do na próisis agus do na coincheapa sin i nGaeilge caithfear friotal oiriúnach a aimsiú sa teanga sin — próiseas atá cosúil le haistriúchán. Ní focail ná téarmaí amháin a chothaíonn deacrachtaí don fhoghlaimoir. Teipeann orthu, ó am go ham, comhréir na Gaeilge a thabhairt slán ó róthionchar na teanga eile. Is minic a lochtaítear foghlaimeoirí Gaeilge as a bheith ‘ag smaoinemh i mBéarla’ agus as rud a dtugtar ‘béarlachas’ air. Maítear sin dóibh sa chaint, de ghnáth, ach bítear ag súil le caighdeán níos airde sa teanga scríofa. Ach ní hionadh ar bith é go mbíonn foghlaimeoirí ag brath ar struchtúir atá inghlactha ina dteanga dhúchais féin, go háirithe nuair nach bhfuil struchtúir na sprioctheanga ar a dtoil acu fós. Níl sé ach nádúrtha go mbeadh méid áirithe ‘idirtheanga’ le brath ar iarrachtaí na bhfoghlaimeoirí, mar atá sna samplaí thíos:

- (1) Tagann sí as Sligeach. (*She comes from Sligo*).
- (2) An bhfuil aithne agat ar an fhear leis an fhéasóg? (... *the man with the beard*)
- (3) Beidh faoiseamh orm nuair a fhaighim an t-airgead. (*when I get the money*)

Is cuid thábhachtach den fheasacht teanga foghlaimeoirí a chur ag smaoinemh faoi róthionchar a dteanga dúchais ar an Ghaeilge. Cén fáth nach bhfuil leagan áirithe inghlactha? An bhfuil aon débhríocht sna samplaí thuas mar shampla?¹ Cad é mar a thiocfadh an débhríocht sin a chur ar ceal? An féidir tuilleadh samplaí den struchtúr *fear na féasóige* a chur ar fáil? (*bean na gruaige fada, fear an ghiotáir*). An féidir an t-iomrall aimsire i sampla (3) a mhíniú? Ní bheifear in ann idirtheanga a leigheas go dtí go mbeifear in ann í a aithint.

Is fiú a rá go bhféadfaí go mbeadh téacsanna gairide le haistriú ó Bhéarla go Gaeilge ag foghlaimeoirí Ardleibhéal 1 (C1), go háirithe san fhearann ghairmiúil.

¹ I gcás (1) b’fhearr an chopail *is* a úsáid seachas an aimsir ghnáthlathreach den bhriathar: *Is as Sligeach í*. Maidir le (2) is é *fear na féasóige* ab fhearr a rá i nGaeilge, ar eagla go dtabharfaí le fios go raibh féasóg i seilbh an duine. Tá iomrall aimsire i (3) mar ní oireann an aimsir ghnáthlathreach do rud nár tharla fós. An aimsir fháistineach a theastaíonn: *nuair a gheobhaidh mé an t-airgead*.

8.8 Caighdeán vs canúint

Ba chóir go mbeadh tuiscint ag foghlaimeoirí ag Ardleibhéal 1 (C1) ar an ghaol idir an caighdeán scríofa Gaeilge agus leaganacha a shamhlaítear le canúintí réigiúnacha ar leith mar shampla *Rinn' me teach domh fhéin; Do dheineas tig dhom féinig* agus araile. Níltear ag súil, ag an leibhéal seo, le máistreacht iomlán ar an chaighdeán scríofa. Beidh éiginnteacht ann i gcónaí faoi stádas leaganacha áirithe. Ach is cuid riachtanach den fheasacht teanga na pointí seo a leanas:

- Feidhm an chaighdeáin scríofa, i.e. chun leagan comhchoiteann den teanga scríofa a chur ar fáil.
- Caighdeán scríofa atá i gceist agus ní gá na rialacha a chur i bhfeidhm sa chaint.
- Na foilseacháin ina dtugtar eolas faoin chaighdeán scríofa sin agus conas iad a cheadú, i.e. *Foclóir Gaeilge–Béarla* le Niall Ó Dónaill, *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* agus araile. Féach **13. Foclóirí agus saothair thagartha a cheadú**.
- Na comhthéacsanna ina mbítear ag súil le scríbhneoirí cloí leis an chaighdeán scríofa, mar shampla téacsanna oifigiúla, téacsanna atá dírithe ar phobal léitheoireachta náisiúnta, téacsanna scoile agus araile.
- Coincheap an ‘leagain mhalartaigh’, i.e. tugtar leaganacha caighdeánacha in FGB i gcás go bhfuil **foirmeacha éagsúla den aon fhocal amháin** sna canúintí réigiúnacha. Is leaganacha den aon fhocal amháin iad *fata*, *préata* agus *práta*. Socraíodh gurb é *práta* an leagan caighdeánach agus gur leaganacha malartacha atá sna cinn eile. Ní hionann ‘míchaighdeánach’ agus ‘mícheart’.
- Tá focail ann a shamhlaítear le canúint réigiúnach ar leith *fóirsteanach* (Cúige Uladh) agus *feiliúnach* (Cúige Chonnacht). Bíodh is go bhfuil an chiall chéanna acu **is focail ar leith iad** agus tá an dá cheann lán chomh caighdeánach lena chéile. Níor cheart don fhoghlaimeoir éirí astu agus *oiriúnach* a scríobh ina n-áit. Is róchaighdeánú é sin.
- Na comhthéacsanna ina ligtear don scríbhneoir imeacht ón chaighdeán scríofa, mar shampla téacsanna neamhoifigiúla, an scríbhneoireacht chruthaitheach, dialanna, litreacha agus comhfhreagras pearsanta de gach cineál.

8.9 Straitéisí le cuidiú le foghlaimeoirí agus iad ag scríobh

- (1) Fiú sula dtosaíonn siad ag scríobh, ba chóir d’fhoghlaimeoirí tosú ag pleanáil i gcomhair an taise agus a machnamh a dhéanamh faoin spriocléitheoir agus faoin teachtaireacht is mian leo a chur in iúl. Nuair a bheidh an méid sin soiléir in aigne an fhoghlaimeora is féidir cinneadh a dhéanamh faoi chúrsaí réime agus stíle agus faoin fhormáid is oiriúnaí don chuspóir agus don lucht léitheoireachta. Seans go mbreacfar

síos achoimre ar na príomhsmaointe le linn chéim seo na pleanála, agus go lorgófar eolas sna foinsí tagartha ábhartha.

- (2) I ndiaidh dóibh an chéad dréacht a chur le chéile ba chóir do na foghlaimeoirí seal a chaitheamh ag machnamh air. Is féidir go mbeidh siad ag iarraidh leasuithe a dhéanamh, mar shampla struchtúr na habairte a athrú nó focail a mhalartú, leagan amach nó ábhar an téacs a athrú.
- (3) Ba chóir go dtuigfeadh na foghlaimeoirí go gcaithfear an dréacht deireanach den téacs scríofa a phrofáil go cúramach. Chun go mbeidh siad in ann cibé ceartúcháin is gá a dhéanamh beidh ar na foghlaimeoirí dul i ngleic le struchtúir ghramadaí, litriú, poncaíocht agus araile. Ba chóir go mbainfeadh na foghlaimeoirí leas as an aiseolas a thugann an múinteoir dóibh chun teacht ar thuiscint ar na botúin a dhéanann siad go rialta. Beidh siad in ann, ar an chaoi sin, monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid oibre scríofa agus iarracht a dhéanamh na botúin sin a sheachaint feasta. Ba chóir ag Ardleibhéal 1 (C1) go mbeadh tuiscint áirithe ag foghlaimeoirí ar na deacrachtaí a bhíonn acu i dtaca le scríobh na Gaeilge. D'fhéadfaí, mar shampla, go mbeadh a fhios acu féin go bhfuil claonadh acu leaganacha canúna a úsáid nach bhfuil oiriúnach do gach cineál téacs. Nuair is léir don fhoghlaimeoir féin deacrachtaí a bheith ann beidh sé/sí ábalta iarracht a dhéanamh iad a réiteach, sin nó struchtúir áirithe a sheachaint go dtí go mbeidh sé/sí in ann iad a úsáid.
- (4) Caithfidh foghlaimeoirí a fháil amach conas lántairbhe a bhaint as na háiseanna tagartha a chuideoidh leo an teanga a scríobh. Féach **13. Foclóirí agus saothair thagartha a cheadú**.
- (5) Tá sé tábhachtach a chur ar a súile do na foghlaimeoirí go gcaithfidh siad a bheith cúramach leanúnach agus iad ag scríobh na Gaeilge. Fadhbanna coitianta sa Ghaeilge scríofa is ea míleanúnachas agus easpa eolais ar na botúin is coitianta.

8.10 Treoracha don mhúinteoir le cuidiú le foghlaimeoirí agus iad ag scríobh

- (1) Caithfear na foghlaimeoirí a spreagadh chun scríbhneoireachta. Is deacair sin a dhéanamh, ar chúiseanna éagsúla. Bíonn an scríbhneoireacht deacair. Seans nach léir d'fhoghlaimeoirí go bhfuil an scríbhneoireacht chomh riachtanach ná chomh bunúsach le scileanna eile. Próiseas is ea an tasc scríbhneoireachta. Ní bhíonn toradh na hoibre le fáil 'lom láithreach' mar a bhíonn i gcás tascanna labhartha. Bíonn moill, dá bharr sin, ar an sult agus an sásamh a bhaintear as. B'fhearr, mar sin, go mbeadh spreagadh breise sa tasc scríbhneoireachta. Ba chóir, oiread agus is féidir, go mbeadh an tasc scríbhneoireachta dírithe ar phobal léitheoireachta éigin seachas a bheith ina 'thasc ar mhaithe le tasc ranga.' Níl cúis ar bith nach seolfaí cuid d'obair scríofa na bhfoghlaimeoirí (léirmheas ar scannán nó ar bhialann, litir faoi ábhar atá ag déanamh imní dóibh) chuig na nuachtáin Ghaeilge nó chuig ceann de na fóraim ríomhphoist nó nach bhfoilseofaí é ar cheann de na suíomhanna comhludair ar nós *Facebook*.
- (2) Caithfear tascanna scríbhneoireachta a chruthú de réir riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Más rang teanga ginearálta atá ann, caithfidh an múinteoir a fháil amach cad iad na

riachtanais sin. Más sa chóras oideachais nó i gcomhthéacs acadúil atá an teagasc á dhéanamh is cinnte go mbeidh ar na foghlaimeoirí dul i ngleic le léirmheasanna, aistí agus tionscadail taighde a scríobh.

- (3) Ba chóir na foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi na céimeanna éagsúla a bhaineann le tascanna scríbhneoireachta: pleanáil, leasú agus profú. Ba chóir tascanna a chruthú a thugann deis do na foghlaimeoirí na próisis sin a chleachtadh, sa dóigh is go mbeidh siad in ann iad a chur i bhfeidhm i ngach tasc scríbhneoireachta a bheidh le déanamh acu ina saol acadúil agus gairmiúil amach anseo.
- (4) Ba chóir, ag Ardleibhéal 1 (C1), tascanna scríbhneoireachta a leagan amach ina dteastaíonn freagraí fada, mionsonraithe. Cabhraíonn a leithéid de thascanna leis na foghlaimeoirí maidir le smaointe a fhorbairt agus samplaí a bhaineann le hábhar a chur ar fáil. Ina leithéid seo de thasc beidh níos mó le déanamh ag na foghlaimeoirí ná a bheith ag cur síos ar rudaí, nó ag cur tuairimí simplí in iúl. Is amhlaidh a bheidh feidhmeanna eile le comhlíonadh acu, mar shampla áitiú, cur in ord tosaíochta, hipitéis agus tuairimí/gníomhartha a chosaint. Tá na feidhmeanna seo ina gcomharthaí sóirt ar chumas an fhoghlaimeora ag Ardleibhéal 1 (C1).
- (5) Bíonn ról lárnach ag múinteoirí maidir leis na foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi bhotúin choitianta ghradaí a dhéanann siad. Cur amú ama, go minic, is ea ceartúcháin chuimsitheacha a scríobh taobh leis na botúin a dhéanann foghlaimeoirí san obair scríofa, go háirithe má bhaineann na botúin sin leis an aon chatagóir amháin, mar shampla séimhiú lochtach. Ba chóir tabhairt ar na foghlaimeoirí freagracht a ghlacadh as a gcuid botún féin agus na botúin sin a chur ina gceart. Is féidir le múinteoirí an próiseas sin a éascú trí líne a chur faoi bhotún ar bith a dhéanann an foghlaimeoir ar bhonn leanúnach. Is faoin fhoghlaimeoir atá sé beagán taighde a dhéanamh agus an fhadhb a réiteach. Tá níos mó seans go gcoinneoidh an foghlaimeoir cuimhne ar an phointe gradaí má bhíonn air/uirthi féin dul sa tóir ar an eolas.
- (6) Tá sé tábhachtach go ndéanfadh na foghlaimeoirí a gcuid oibre féin a leasú agus a phrofáil. Is mór mar a chuideoidh an obair sin leo teacht ar thuiscint ar a nósanna scríbhneoireachta. Seans, mar shampla, go n-aithneoidh siad go mbaineann siad an iomarca úsáide as focail agus as struchtúir áirithe. Ba chóir go mbeidís in ann focail chomhchiallacha a aimsiú agus stíl scríbhneoireachta níos solúbtha agus níos saibhre a chleachtadh.

9. Léamhthuiscint

9.1 Ginearálta

Bíonn foghlaimeoirí ag Ardleibhéal 1 (C1) in ann déileáil leis na gnáth-théacsanna Nua-Ghaeilge a bhíonn le léamh sa saol sóisialta, gairmiúil agus acadúil (mar shampla comhfhreagras, teoracha, ailt, tuairiscí, leabhair agus araile), fad is nach mbíonn siad thar a bheith canúnach, róshainiúil nó rótheicniúil. D'fhéadfadh na téacsanna sin a bheith fada, casta, teibí. Chomh maith le stór fairsing focal beidh na scileanna seo a leanas ag teastáil:

- Na foinsí tagartha (foclóirí, graiméir agus araile) cuí a aithint agus a úsáid go héifeachtach.
- Téacsanna fada casta a shracléamh agus eolas/pointí a bhaineann le hábhar a bhaint astu.
- Stíl agus luas na léitheoireachta a chur in oiriúint do chuspóirí éagsúla agus do théacsanna éagsúla, mar shampla, téacs a shracléamh le haghaidh pointí eolais nó grinnléitheoireacht a dhéanamh ar théacs liteartha nó ar théacs casta eile chun an chiall iomlán a fhuascailt.

9.2 Cé chomh maith?

In ann beagnach gach téacs Nua-Ghaeilge a thuiscint, ***fad is go mbíonn deis ann sleachta deacra a athléamh agus foclóirí, graiméir agus araile a cheadú.*** Beidh deacrachtaí ar leith ann le friotal atá an-chanúnach, le téarmaí nach n-aithnítear, le cora cainte éagoitianta agus le friotal atá 'seanda' nó a bhaineann le tréimhse eile den Nua-Ghaeilge. Fiú sa chás sin beidh tuiscint mhaith ghinearálta acu ar an téacs. Is féidir go mbeidh deacrachtaí acu le friotal atá thar a bheith teibí nó meafarach agus le tagairtí cultúrtha, mar shampla carachtair de chuid na litríochta, na staire agus araile. Beidh stór focal leathan ag an fhoghlaimeoir le haghaidh na léitheoireachta, agus eolas ar chomhréir na teanga. In ann friotal caolchúiseach nó aeistéitiúil a thuiscint chomh maith le friotal atá follasach nó litriúil. In ann tuairimí agus impleachtaí a aithint fiú nuair nach ndeirtear glan amach iad.

9.3 Cineálacha téacsanna

Ba chóir don mhúinteoir téacsanna a roghnú i bpáirt leis na foghlaimeoirí sa chaoi is go gcuirfead riachtanais agus réimsí spéise na bhfoghlaimeoirí san áireamh. Táthar ag súil, ag Ardleibhéal 1 (C1), go mbeidh an fhoghlaimeoir in ann réimse leathan téacsanna ina léirítear cineálacha difriúla dioscúrsa a láimhseáil go hábailta. Tá claonadh sa Ghaeilge samplaí den teanga thuairisciúil (mar shampla alt nuachtáin, cur síos ar eachtra) a chur faoi bhráid foghlaimeoirí agus neamart a dhéanamh sna cineálacha eile. Ba chóir raon leathan a úsáid mar seo a leanas:

(a) **Téacs ina dtugtar eolas.** Mar shampla:

- Alt nuachtáin ina dtugtar eolas faoi na hiarrthóirí a bheidh ag seasamh i dtoghcháin.
- Alt ón Ghréasán faoi thaispeántas ealaíne atá le hoscailt go luath.
- Litr ón scoil ag tabhairt eolais faoi thuras scoile.

(b) **Téacs ag áitiú ar dhaoine rud éigin a dhéanamh.** Mar shampla:

- Fógra atá ag iarraidh ort earra nó seirbhís éigin a cheannach.
- Ríomhphost ó chara ag iarraidh cur ina luí ort cén fáth ar cheart duit dul ar saoire léi.
- Bileog eolais faoi na rudaí ba chóir a dhéanamh le fuinneamh a spáráil.

(c) **Téacs ina dtugtar teagasc nó treoir éigin.** Mar shampla:

- Oideas cócaireachta.
- Alt ina dtugtar comhairle faoin bhealach is fearr le hullmhú do scrúdú cainte.
- Bileoga ina bhfuil treoracha maidir le córas measúnachta cúrsa léinn.
- Treoracha maidir le *Anois* nó bogearraí eile a chur ar do ríomhaire nó cuardach casta a dhéanamh ar shuíomh mar www.focal.ie.

(d) **Téacs tuairimíochta.** Mar shampla:

- Eagarfhocal i nuachtán.
- Léirmheas faoi dhráma in iris.
- Plé ar fhóram ríomhphoist.

(e) **Téacs ina dtugtar tuairisc nó cur síos.** Mar shampla:

- Sliocht as úrscéal nó gearrscéal ina ndéantar cur síos ar charachtair.
- Bróisiúr ina dtugtar tuairisc ar na háiseanna atá le fáil i gceantar faoi leith.
- Bileog ina mínítear do chearta mar chustaiméir.

9.4 Samplaí

Bheifí ag súil ag an leibhéal seo go mbeadh foghlaimeoirí in ann réimse leathan de chineálacha éagsúla tascanna léitheoireachta a dhéanamh. Ar ndóigh, beidh na cineálacha tascanna in aon chúrsa teanga ag teacht le riachtanais agus spriocanna foghlama an fhoghlaimora. Tá trí shampla thíos a bhaineann le fearainn agus le hábhair éagsúla.

Sampla 1

Teideal/foinse: *Cairt Cearta Teanga* a d'fhoilsigh Oifig an Choimisinéara Teanga. Féach <http://www.coimisineir.ie/downloads/cairt-cearta-teanga.pdf>. Tá an téacs le fáil in

Aguisín 2: Téacsanna léamhthuisceana chomh maith.

Fearann: Príobháideach/poiblí.

Scenario: Duine ar mian leis gearán a dhéanamh leis an Choimisinéir Teanga. Lorg sé leagan Gaeilge de dhoiciméad tábhachtach a d'eisigh gníomhaireacht rialtais ach bhí air fanacht mí go leith le é a fháil. Bhí an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí ón phobal istigh faoin am a bhfuair sé an leagan Gaeilge.

An tasc: Is mian leis an léitheoir gearán a dhéanamh leis an Choimisinéir Teanga ach caithfidh sé an téacs thuas a léamh, féachaint an bhfuil an gearán bailí.

Tráchttaireacht

Teastaíonn **scileanna agus straitéisí** éagsúla ón léitheoir chun an tasc a chur i gcrích. Caithfear **eochairfhocail** a aimsiú a léiríonn go bhfuil ábhar gearáin ann, mar shampla doiciméid a fháil 'go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla', 'doiciméid ina bhfuil tograí beartais phoiblí' agus araile. Ní téacs fada é seo ach is cinnte go bhfuil friotal dlíthiúil ann nach mbeadh taithí ag an ghnáthléitheoir air. Féach na téarmaí dlí agus na téarmaí teicniúla sa liosta thíos:

- achtacháin
- comhuaineach
- forálacha
- cora poist (*mail shots*)
- fógairtí béil

Seans go rachadh an léitheoir ag lorg sainmhínte ar na téarmaí sin. Gheofar cuid acu sna gnáthfhoclóirí ginearálta mar FGB ach ceapadh cuid acu tar éis fhoilsiú an fhoclóra sin. Bheadh ar an léitheoir leaganacha mar *cora poist* a lorg ar shuíomh gréasáin mar www.focal.ie Teastaíonn scileanna cuardaithe chun teacht ar shainmhíniú. Ní bhfaighfear aon chomhairle ar www.focal.ie má scríobhtar an t-ainmneach iolra *cora poist* sa bhosca cuardaigh. Theipfeadh mar an gcéanna ar aon leagan a mbeadh claochlú tosaigh nó infhilleadh air. Is é an t-ainmneach uatha *cora poist* a chaithfear a iontráil.

Tagann **réim** i gceist chomh maith. Cé go bhfuil an Chairt dírithe ar an ghnáthphobal tá ciútaí stíle ann a bhaineann le hardréim na teanga foirmiúla. Tá focail ann nach bhfuil ag teacht leis an ghnáthchaint ach atá le fáil in *Bunreacht na hÉireann* nó a bhíonn i ngnáthúsáid ag aistritheoirí Thithe an Oireachtais.

<i>An ghnáthchaint</i>	<i>An Ghaeilge fhoirmiúil</i>
Béarla	an Sacs-Bhéarla (An leagan den fhocal a úsáidtear in <i>Bunreacht na hÉireann</i>)
polasaí	beartas (Ní gnách, sa Ghaeilge fhoirmiúil, <i>polasaí</i> a úsáid ach amháin nuair atáthar ag trácht ar dhoiciméad tráchtála ar nós <i>insurance policy</i>)
	comhlacht (<i>Body</i> a thuigtear as an fhocal seo sa Ghaeilge fhoirmiúil, cé go samhlaítear ciall eile ar fad leis sa ghnáthchaint, i.e. <i>company</i> .)
	togra (<i>Proposal</i> a thuigtear as an fhocal seo sa Ghaeilge fhoirmiúil, cé go samhlaítear ciall eile ar fad leis sa ghnáthchaint, i.e. <i>project</i> .)

Is gné thábhachtach den fheasacht teanga foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi cheist seo na réime. Ní ceist téarmaíochta amháin atá ann, ach **ceist stíle**. Tá blas an oifigiúlachais ar an téacs seo a chuirfeadh iontas, b'fhéidir, ar léitheoirí nach bhfuil taithí acu ar a leithéid a léamh i nGaeilge. Féach, mar shampla, cé chomh hainmfhoclach is atá an téacs: 'Ceart go bhfiosródh an Coimisinéir Teanga gearán bailí faoi theip aon eagraíochtaí stáit cloí lena ndualgas...' Seans láidir go mbeadh tuilleadh briathra (nó briathra cúnata) i ngnáth-théacs Gaeilge, mar seo: 'Tá sé de cheart agat go ndéanfadh an Coimisinéir Teanga fiosrúchán faoi ghearán bailí i gcás go dteipfeadh ar aon eagraíocht stáit cloí lena dualgas...'

Gné eile den téacs a d'fhéadfaí iontas áirithe a chur ar léitheoirí ná cé chomh neamhphearsanta is atá sé. Ach oiread le doiciméad dlíthiúil de shaghas ar bith, baintear an-leas as an fhaí chéasta agus as an saorbhriathar. Is annamh a luaitear gníomhaí. Fágann sin blas aisteach ar abairtí mar 'Ceart fáil a bheith ar dhoiciméid...' agus 'féadfar socrú a dhéanamh le dlí'.

Sampla 2

Teideal/foinse: Rialacha agus Foirm Iarratais le haghaidh Chomórtais Scríbhneoireachta Oireachtas na Gaeilge. Féach: **Aguisín 2: Téacsanna léamhthuisceana** chomh maith.

Fearann: Príobháideach/poiblí.

Scenario: Duine ar mian leis aiste nó saothar eile a iontráil le haghaidh comórtais.

Tasc: Na rialacha a léamh agus a thuiscint chun a bheith cinnte den spriocdháta agus den táille iontrála, an leagan amach a theastaíonn maidir le spásáil, imill na leathanach agus araile, líon na n-iarrachtaí a nglacfar leo agus araile.

Tráchttaireacht

Teastaíonn **tuiscint chuimsitheach** ar an téacs d’fhonn an tasc a chomhlíonadh, na ceisteanna a fhreagairt agus cibé eolas breise a bhaineann le hábhar a aimsiú. Tá roinnt constaicí idir an léitheoir agus an tuiscint chuimsitheach sin, áfach. Tá **débhriocht** thromchúiseach sa cheathrú pointe urchair: ‘Ní foláir gach iarracht a chuirtear san iomaíocht a bheith úrnua agus gur saothar *bona fide* é de chuid iomaitheora nár ghnóthaigh duais cheana.’ Ní léir air sin cé acu (a) nach nglacfar le hiarrachtaí ó údair a ghnóthaigh duais cheana nó (b) nach nglacfar le saothair ar bronnadh duais orthu cheana. Tá tuilleadh eolais sa chéad pointe urchair eile, áit a ndeimhnítear ‘Ní bhronnfar duais ar shaothar a ghnóthaigh duais Oireachtais cheana...’ Tá sé tábhachtach, nuair a bhíonn a leithéid seo de dhébhriocht ann, soiléiriú a lorg ón chuid eile den téacs agus tuiscint fhoriomlán a fháil más féidir.

Scil thábhachtach eile ná sciorradh thar théarmaí neamhchoitianta agus thar bhotúin chló gan ligean dóibh cur as don léitheoireacht. Sampla de sin is ea an focal *táíocht* faoi pointe urchair 16: ‘nach bhfuil sárú ar chóipcheart ná aon táíocht déanta’. Ní ann don fhocal *táíocht* in aon fhoclóir ná liosta téarmaíochta ar líne. Sin ráite, tá comhthéacsú áirithe le fáil sa mhéid a thagann roimhe i dtaobh *sárú cóipchirt*. Fiú mura bhfuiltear iomlán cinnte dá chiall is féidir glacadh leis gur mí-ionracas nó bradaíl de chineál éigin atá i gceist.

Tá cúpla sampla eile ann nach bhfuil díreach chomh tromchúiseach le *táíocht*. Is féidir leis an léitheoir féin an ceartúchán a dhéanamh, más amhlaidh a thugtar an botún faoi deara in aon chor.

An leagan sa téacs	Ceartúchán/soiléiriú
Maidir le saothar ábhar atá foilsithe cheana...	Maidir le saothar/ábhar atá foilsithe cheana...
...le haghaidh léirithe i gcomhar an Oireachtais...	...le haghaidh léirithe i gcomhair an Oireachtais...

Tá roinnt abairtí casta ann agus gach seans go mbeadh ar an fhoghlaiméoir iad a léamh níos mó ná uair amháin chun na fochlásail a dhealú ó chéile agus an chiall a fhuascailt. Féach, mar shampla, pointe urchair 14:

I gcás iarracht liteartha go ndámhfar duais ina leith, bronnfar an duais sin ar an iomaitheoir ar an tuiscint go n-admhófar an duais sin ón Oireachtas go soiléir ar leathanach de pé foilseachán ar a bhfoilseofar ina dhiaidh sin é, mura bhfaightear cead a mhalairt a dhéanamh ó Choiste an Oireachtais.

Ba chóir go mbeadh foghlaiméoirí Ardleibhéal 1 (C1) in ann ciall an téacs seo a thabhairt leo ach leas a bhaint as scileanna den chineál a gcuirtear síos orthu faoi **9.5 Straitéisí le cuidiú le foghlaiméoirí agus iad ag léamh.**

Sampla 3

Teideal/foinse: Léirmheas le Gearóid Denvir ar an leabhar *Lámh Láidir* (Joe Steve Ó Neachtain, Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, 2005, *Feasta, Lúnasa, 2005*. Tá an t-alt le fáil in *Aguisín 2: Téacsanna léamhthuisceana*.

Fearann: Príobháideach/oideachas.

Scenario: Duine ar mian leis an t-úrscéal seo a léamh ach gur mhaith leis léirmheas a léamh faoi ar dtús. D'fhéadfadh sé ach oiread go mbeadh aiste le scríobh ar shaol agus ar shaothar Joe Steve Ó Neachtain.

Tasc: An t-alt a léamh agus an t-eolas ábhartha a aimsiú, i.e. tuairim an léirmheastóra i leith an leabhair áirithe seo nó breis eolais ar shaothar an údair go dtí seo.

Tráchtairacht

Tá an t-alt seo roinnte ina dhá leath. Is é atá sa chéad leath cineál d'achóimre ar shaol agus ar shaothar Joe Steve. Is sa dara leath a phléitear an leabhar atá á léirmheas. Seans go mbeidh **sracléamh** le déanamh ar an téacs, ag brath ar cén ghné den scéal is mó a bhfuil spéis ag an léitheoir ann.

Tá **saibhreas focal** suntasach sa téacs agus is iomaí leagan ann nach dócha a bheadh i stór focal gníomhach an fhoghlaiméora. Níor chóir gur bac ar thuiscint a bheadh ann, áfach, má tá deis ann sleachta den téacs a athléamh agus foclóirí a cheadú. D'fhéadfaí

bearna a shamhlú idir an rud a déarfadh nó a scríobhfadh an foghlaimoír agus an rud atá sa téacs.

<i>Foghlaimoír</i>	<i>Téacs</i>
go dtí seo	go nuige seo
chonaic mé é an chéad uair	leag mé féin súil i gcéaduaire air
d'oibrigh sé go crua ar son cuid mhór grúpaí	is liosta le háireamh na grúpaí ar chaith sé allas agus dúthracht ar a son
ná déan dearmad dá chuid oibre in Údarás na Gaeltachta	cár fhág tú a chuid oibre in Údarás na Gaeltachta
thug siad an-tacaíocht d'Oireachtas na Gaeltachta	...ina gcrann taca ag Oireachtas na Gaeilge
caomhnaithe/cosanta	coinnithe ar láimh shábhála
scéal arbh fhiú é a insint	scéal arbh fhiú é a ríomh
anois is arís	ó thráth go chéile
Ba é an rud is fearr faoi Bhaile an Droichid...	Ba é gaisce Bhaile an Droichid...
éileamh mór ar thicéid	sciob sceab ar thicéid
roinnt scéalta	riar scéalta
droch-Bhéarla na ngasúr	Béarla leathbhruite na ngasúr
ar éirigh thar barr leis sa deireadh	a chruthaigh thar cionn i ndeireadh na feide
iarrann Sue ar air í a phósadh	(cuireann) Sue ceiliúr pósta air

Níl saibhreas focal an téacs teoranta do chora cainte ná do nathanna traidisiúnta. Tá gnéithe den **idióileict** ('canúint aonair') sa téacs, i.e. leaganacha úrnua a chum an t-údar féin agus nach bhfuil trácht orthu i bhfoclóir ar bith. Féach, mar shampla, *cardigan seascadúil* (cairdeagan den chineál a chaitheadh daoine sna 1960í). Seans go mbeadh ionadh ar fhoghlaimoírí faoi chuid de na focail a thugtar ar iasacht díreach ón Bhéarla: *cardigan, establishment, dole, nuns, lordanna*.

Tá foclóir sainiúil na critice ann chomh maith, foclóir a bhfuil castacht agus teibíocht ag baint leis: *canóin, seánra, tóraíocht féinaitheantais agus féiniúlachta, reacaireacht, traidisiúnaíoch, fréamhú fisiciúil agus síceach, indibhid*.

Seans nach n-aithneodh an foghlaimoír gach leagan canúnach, ach go mbeifí in ann teacht ar chabhair sna leabhair thagartha, más gá. Féach, mar shampla, an fhoirm

choibhneasta den bhriathar: *a thráchtas ar an gcaoi* (= *a thráchtann ar an gcaoi*), *a théas* (= *a théann*).

Tá neart **tagairtí cultúrtha** ann. Le litríocht na Gaeilge a bhaineann cuid mhór acu. Tugtar *macghníomhartha* ar shaothar luath Joe Steve, rud a mhúsclaíonn macallaí ar mhacghníomhartha Fhinn mhic Cumhaill agus Chú Chulainn. Is as *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*, paimfléad le Máirtín Ó Cadhain, a fuarthas ‘an comhthionól fuinniúil fuinte.’ Nuair a deirtear gur sníodh saothar Joe Steve agus saothar an Chadhnaigh ‘as an nglaschloich chéanna’ is dócha go rabhtas ag smaoineamh ar bheathaisnéis Uí Chadhain *De Ghlaschloich an Oileáin*. Ar ndóigh, ní gá go gcuirfeadh na tagairtí sin as do thuiscint an léitheora, bíodh is go mbeadh sé/sí iomlán aineolach orthu. Is féidir, áfach, go rachadh léitheoirí in abar maidir le tagairtí cultúrtha áirithe. Sa phlé ar an dráma raidió *Baile an Droichid* luaitear carachtar darb ainm Parthalán agus a chuid *Gaolra*. Foghlaimeoir díograiseach é Parthalán, a bhí ag obair sa Ghaeltacht agus a raibh caint an-aisteach aige. Bhí sé an-tugtha do théarmaí nua nach raibh ar eolas ag daoine agus bhí lorg an Bhéarla go trom ar a chuid Gaeilge. Ní go rómhaith a thuigeadh daoine é, agus thug siad *Gaolra* (comhfhocal ó *Gaeilge* agus *Béarla* ar a chuid cainte). Ba dheacair don té nár chuala an clár riamh an méid sin a thuiscint.

Tá tagairtí díreacha ann do dhaoine agus do ghrúpaí polaitiúla Bobby Molloy, Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta agus araile. Is faoin léitheoir atá sé tuilleadh eolais a aimsiú fúthu sin, ag brath ar na cuspóirí a bheadh aige/aici.

9.5 Straitéisí le cuidiú le foghlaimeoirí agus iad ag léamh

- (1) *Sula léann foghlaimeoirí an téacs* ba cheart dóibh breathnú ar a leagan amach agus ar a fhormaid agus a machnamh a dhéanamh faoi chuspóir an téacs. Mar shampla, an téacs tuairimíochta é nó téacs ina ndéantar cur síos ar rud éigin? Ar ndóigh, beidh saintréithe faoi leith ag baint le gach cineál téacs. Ba chóir do na foghlaimeoirí an méid atá ar eolas acu faoin chineál téacs agus faoi ábhar an téacs a thabhairt chun cuimhne agus smaoineamh ar an eolas atá acu faoin topaic cheana féin.
- (2) Ba cheart d’fhoghlaimeoirí a bheith cinnte *cén aidhm atá acu* agus iad ag léamh an téacs áirithe seo. Cé acu is oiriúnaí don tasc: sruthléamh (*skimming*), sracléamh (*scanning*) nó grinnléitheoireacht?
- (3) *Le linn dóibh* a bheith ag obair ar théacs ba cheart d’fhoghlaimeoirí úsáid a bhaint as straitéisí mar seo a leanas (de réir mar a oireann don tasc):
 - Díriú ar fheidhm agus ar theachtaireacht fhoriomlán an téacs, nó sleachta den téacs, a thuiscint.
 - Féachaint cén gaol atá ag codanna den téacs lena chéile, mar shampla ord na n-imeachtaí ann, príomhargóintí/conclúid.
 - Úsáid a bhaint as rudaí ar nós ceannlínte, clónna difriúla, léaráidí nó a leithéidí chun cuidiú leo an téacs a thuiscint.

- Taithí a fháil ar eolas faoi leith a bhaint as an téacs agus an t-eolas sin a léirmhíniú.
 - Díriú ar conas dearcadh/tuairimí a aithint.
 - Díriú ar conas teacht ar chiall cheilte nó ciall a chuirtear in iúl le leathfhocal.
 - Luas léitheoireachta a athrú de réir an chineáil téacs atá á léamh nó de réir an taisc atá le déanamh (sruthléamh, sracléamh agus grinnléitheoireacht).
- (4) Beidh ar na foghlaimeoirí, ó am go ham, foclóirí nó áiseanna ar líne a cheadú chun teacht ar fhocail agus ar fhrásaí nach dtuigeann siad agus atá riachtanach chun an téacs a tuiscint, nó fiú éirim an téacs a thuiscint. Mar sin féin, ba chóir na háiseanna sin a úsáid ar bhealach nach gcuireann isteach ar leanúnachas na léitheoireachta. Caithfidh na foghlaimeoirí straitéisí a fhorbairt maidir le ceadú foclóirí, mar shampla cinneadh a dhéanamh i dtaobh thábhacht an fhocail/an fhrása. An féidir sciordradh thairis agus an téacs a thuiscint mar sin féin? An féidir ciall an fhocail/an fhrása a fhuascailt i gcomhthéacs an iomláin? An féidir buille faoi thuairim a thabhairt faoi chiall an fhocail/an fhrása?
- (5) **Tar éis dóibh téacs a léamh** tá sé tábhachtach go ndéanfadh foghlaimeoirí iarracht cuimhne a choinneáil ar rudaí úra a d'fhoghlaim siad agus a mheasann siad a bheadh úsáideach dóibh. Mar shampla, úsáid a bhaint as focail/frásaí sa labhairt nó i dtascanna scríbhneoireachta, liosta a dhéanamh de nathanna tábhachtacha i leabhar nótaí faoi théamaí difriúla nó faoi chatagóirí éagsúla gramadaí.

9.6 Treoracha don mhúinteoir le cuidiú le foghlaimeoirí agus iad ag léamh

- (1) Bí ag obair leis na foghlaimeoirí chun a chinntiú go mbíonn éagsúlacht sna téacsanna a mbíonn siad ag plé leo. Is é atá i gceist ná téacsanna ó fhoinsí éagsúla a roghnú atá difriúil ó chéile i dtaca le téama, réim agus foclóir de. Féach **9.3 Cineálacha téacsanna** thuas. Ar ndóigh, is faoin mhúinteoir atá sé raon téacsanna a roghnú a fhreastalaíonn ar spriocanna agus ar riachtanais oideachasúla agus gairmiúla na bhfoghlaimeoirí.
- (2) Tabhair tascanna dóibh a thugann deis do na foghlaimeoirí cineálacha éagsúla léitheoireachta a fhorbairt (sruthléamh, sracléamh agus grinnléitheoireacht).
- (3) Déan iarracht scileanna léamhthuisceana a chomhtháthú le scileanna eile. Mar shampla, (i) iarr ar fhoghlaimeoirí píosa a léamh agus eolas a aimsiú faoi ábhar faoi leith le haghaidh díospóireachta nó plé ranga (ii) an téacs a athscríobh do ghrúpa eile léitheoirí.
- (4) Bain úsáid as téacsanna dílse oiread agus is féidir. Cuimhnigh, mar sin féin, nach i gcónaí a bhíonn ábhair dhílse a bhíonn le fáil ar an Ghréasán agus in áiteanna eile cruinn ó thaobh na Gaeilge. Ba cheart an deacracht seo a phlé le foghlaimeoirí agus cuidiú leo breithiúnas a thabhairt ar ábhair scríofa chun go mbeidh sé níos éasca dóibh féin caighdeán an ábhair a aimsíonn siad féin a mheas.

- (5) Déan cinnte go mbíonn aidhm chinnte le gach tasc léitheoireachta a bhíonn le déanamh ag na foghlaimeoirí. Bain úsáid, oiread agus is féidir, as tascanna oiriúnacha sna céimeanna réamhléitheoireachta, le linn léitheoireachta agus iarléitheoireachta.
- (6) Cabhraigh leis na foghlaimeoirí eolas a chur ar na straitéisí léitheoireachta a úsáideann siad agus bí ag tacú leo agus iad ag iarraidh na straitéisí sin a chur in oiriúint do thasc ar leith. **Féach 9.5** thuas le haghaidh tuilleadh eolais faoi straitéisí léitheoireachta.
- (7) Ba chóir, oiread agus is féidir é, na mic léinn a spreagadh chun ábhair léitheoireachta i nGaeilge a bhaineann lena réimsí spéise féin a aimsiú ar irisí nó ar an Ghréasán. Féach mar shampla, www.tuairisc.ie, agus na blaganna Gaeilge atá ar an Ghréasán. Is iomaí toradh a d'fhéadfaí teacht ar a leithéid de thaighde, mar shampla cur i láthair gairid le linn an ranga nó na foghlaimeoirí féin a gcuid alt a chur ar fáil.

10. Cultúr na Gaeilge

Ba cheart go mbeadh eolas leathan ag na foghlaimeoirí ar chultúr na hÉireann, go háirithe na gnéithe sin a bhaineann leis an Ghaeilge agus leis an Ghaeltacht. Tá liosta cuimsitheach de na príomhrudaí ar cheart aird foghlaimeoirí a dhíriú orthu le fáil i Siollabas Mheánleibhéal 2 (B2), lgh 12–13. Is cinnte go luafar gnéithe eile de shaol comhaimseartha na Gaeltachta agus na Gaeilge i dtéacsanna a mbainfidh an foghlaimeoir úsáid astu agus iad ag staidéar. Moltar do mhúinteoirí úsáid a bhaint as téacsanna liteartha le feacht chultúir na bhfoghlaimeoirí a chothú. Ní gá gur téacsanna fada iad ach dánta, gearrscéalta, míreanna as drámaí agus araile.

Beidh foghlaimeoirí ann a bhfuil spéis faoi leith acu i gcúrsaí teanga agus Gaeltachta agus is dócha go gcuirfidh siad suim i roinnt de na rudaí seo a leanas:

- Ról an Choiste Téarmaíochta agus forbairt na nuathéarmaíochta sa Ghaeilge.
- An tumoideachas agus an Ghaelscolaíocht.
- Pleanáil tithíochta sa Ghaeltacht.
- Dearcadh na bpáirtithe polaitiúla i leith na teanga agus na Gaeltachta.
- Teorainneacha na Gaeltachta.
- Litríocht na Gaeilge.
- Stádas na Gaeilge san Eoraip.
- An pobal Gaeilge sna Sé Chontae.
- An pobal Gaeilge idirnáisiúnta.
- Staid chultúir na Gaeilge faoi láthair, mar shampla an drámaíocht, popcheol i nGaeilge agus araile.
- Gnéithe den tsochtheangeolaíocht, mar shampla dearcadh na nÉireannach i leith na Gaeilge, dearcadh na n-imirceach nua sa tír i leith na teanga agus araile.
- Dearcadh na n-eaglaisí i leith na teanga.

Tá tábhacht ar leith ag na rudaí seo dóibh siúd atá ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge mar ábhar acadúil.

11. An ghramadach agus cúrsaí cruinnis

11.1 Ginearálta

Bíonn cumas maith gramadaí ag foghlaimeoirí ag Ardleibhéal 1 (C1). Tá struchtúir áirithe ann a mbíonn deacrachtaí acu leo. Pléitear cuid de na struchtúir sin faoi **11.2 Struchtúir ar leith** thíos. Bíonn idir **mheancóga** (botúin a dhéantar de bharr brú ama nó easpa cúraim) agus **earráidí** (botúin a dhéantar de bharr míthuisceana ar mhoirfeolaíocht agus ar chomhréir na Gaeilge) sna hiarrachtaí a dhéanann foghlaimeoirí C1 sa labhairt agus sa scríobh. Bíodh sin mar atá, ní gnách go mbíonn an míchruinneas chomh tromchúiseach sin nach féidir iarrachtaí na bhfoghlaimeoirí a thuiscint.

Is é is tábhachtaí ag Ardleibhéal 1 (C1) ná cruinneas agus solúbthacht. Is beag ábhar gramadaí úrnua is féidir a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí ag an leibhéal seo. Tá siollabas gramadaí cuimsitheach i Siollabas Mheánleibhéal 2 (B2) ach ní féidir glacadh leis go mbeadh máistreacht iomlán bainte amach ag foghlaimeoirí Ardleibhéal 1 (C1) ar na struchtúir a liostaítear ann. Beidh deacrachtaí den chineál a phléitear sna samplaí thíos ag teacht idir na foghlaimeoirí agus an mháistreacht iomlán sin.

(a) Tagann **idirtheanga** i gceist arís, mar is faoi thionchar na máthairtheanga (an Béarla de ghnáth) a dhéantar botúin áirithe, mar shampla:

- Leagadh ag carr é./*He was knocked down by a car.* (B'fhearr *Leag carr é* mar ní féidir gníomhaí a lua le saorbhriathar).
- Bhí an tuarascáil foilsithe anuraidh./*The report was published last year.* (B'fhearr an briathar *foilsíodh* seachas an aidiacht bhriathartha, a chuireann staid in iúl).

(b) Bíonn **rócheartú** nó róghinearálú ina údar míchruinnis chomh maith:

- Shiúil sé go dtí an aonach. (*Go dtí an t-aonach* an leagan ceart, ach is cosúil gur measadh gur réamhfhocal é *go dtí* agus go gcaithfí an réamhlitir *t-* a bhaint mar a dhéanfa le *ar an aonach*).
- Conas a ndearna sé sin? (Coibhneas indíreach a leanann *cén chaoi* agus *cén dóigh*. Is cosúil gur mheas an foghlaimeoir gur coibhneas indíreach a leanann *conas* chomh maith toisc na focail sin a bheith ar comhchiall).

(c) Bíonn míthuiscintí ann maidir le **gaol na bhfocal lena chéile**:

- Níl Máire mhór le Síle níos mó. (Bheifeá ag súil le séimhiú ar *mór* tar éis an ainm *Máire* dá mba aidiacht aitreabúideach í, ach ní hea).

- Leabhar faoi Gharda Chósta na hÉireann. (Níor aithníodh an t-aonad céille. Ní leabhar faoi *the Guard of the Coast of Ireland* atá ann, ach leabhar faoi *the Irish Coast Guard* (recte *Leabhar faoi Gharda Cóstá na hÉireann*).

11.2 Struchtúir ar leith

Ba chóir na struchtúir agus na rialacha seo a leanas a chur faoi bhráid na bhfoghlaimoirí ag Ardleibhéal 1 (C1). Ní dócha go mbainfear máistreacht amach orthu i mbeagán ama. Beidh míchruinneas ann, go háirithe i gcaint na bhfoghlaimoirí. Mar sin féin, teastaíonn an t-eolas seo thíos le go mbeidh na foghlaimoirí ábalta cumarsáid chruinn éifeachtach a dhéanamh ag an leibhéal seo.

(a) **An clásal coibhneasta.** Aithneoidh na foghlaimoirí cé acu coibhneas díreach nó indéach ba chóir a bheith ann agus seachnófar leaganacha lochtacha ar nós *Sin é an fear a dhíolann a mhac carranna*. (recte *Sin é an fear a ndíolann a mhac carranna*.) Tá gnéithe eile den choibhneas le cur san áireamh:

- Úsáidtear claoninsint in áit an choibhnis i gcanúintí áirithe, mar shampla *Sin é an fear go ndíolann a mhac carranna*. Ba chóir go mbeadh na foghlaimoirí in ann éirí as an nós canúnach sin agus an nós caighdeánach a chleachtadh nuair is gá.
- Ba chóir go mbeadh na foghlaimoirí in ann ceangal coibhneasta a chur le briathra rialta agus mírialta i ngach aimsir agus, chomh maith leis sin, foirmeacha coibhneasta na copail a úsáid, mar shampla *An té ab fhearr sa rang*.
- Ba chóir go n-aithneodh na foghlaimoirí na focail sin a leanann coibhneas indéach iad nuair a bhíonn siad in úsáid go dobhriathartha, mar shampla *dóigh* agus *caoi* (*Cén chaoi a bhfuil tú?*), *fáth* agus *cad chuige*, (*Cén fáth a ndearna tú sin?*), *áit* (*Áit a mbíonn cuideachta go leor ann.*) agus araile.
- An leagan coibhneasta den bhriathar, atá ceadaithe sa Chaighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe (2012) ach nach bhfeictear mórán sa Ghaeilge scríofa, a aithint agus a thuiscint, mar shampla *Siúd í an bhean a dhéanfas an obair duit*. *Cuir glaoch orm nuair a bheas tú sa bhaile*.

(b) **Ainmfhocail a cháilíonn ainmfhocal cinnte sa ghinideach**, mar shampla *fear an tí*. Tá *fear* ag cáiliú an ainmfhocail *teach*, atá sa ghinideach anseo agus atá cinnte toisc an t-alt a bheith leis. Fiú má thagann rud ar bith roimh *fear* a chuirfeadh sa ghinideach de ghnáth é (mar shampla ainmfhocal eile, réamhfhocal comhshuite nó eile) is amhlaidh a fhanfaidh *fear* sa tuiseal ainmneach. Ní bheidh d'athrú air ach séimhiú: *hata fhear an tí*. Beidh tuilleadh eolais ag teastáil ó na foghlaimoirí le go mbeidh siad in ann an struchtúr seo a láimhseáil:

- Cad iad na rudaí a dhéanann ainmfhocal cinnte den ainmfhocal, mar shampla an t-alt, an t-ainmfhocal a bheith ina ainmfhocal dílis, an

t-ainmfhocal a bheith cáilithe ag orduimhir (*Bus a Deich*) nó ag aidiacht shealbhach (*mo theach*) agus araile.

- Fios a bheith acu cá bhfuil **an t-aonad céille** sa tsraith ainmfhocal (féach *Garda Chósta na hÉireann* thuas).
- (c) **Sraith d'ainmfhocail éiginnte i ndiaidh a chéile.** Níor chóir d'fhoghlaimoirí róginearálú a dhéanamh ar an séimhiú úd sa sampla *hata fhear an tí* ná séimhiú a chur ar **ainmfhocail éiginnte** i leaganacha mar seo a leanas: *Oifigeach Seirbhísí Faisnéise; ag léamh cnuasach filíochta; scrúdú dheireadh bliana*. Is séimhiú lochtach é sin atá thar a bheith coitianta. Molann an Coiste Téarmaíochta gan séimhiú ná infhilleadh a dhéanamh ar phéire ainmfhocal éiginnte atá ina aonad céille: *Oifigeach Seirbhísí Faisnéise; ag léamh cnuasach filíochta; scrúdú deireadh bliana*.
- (d) **An t-ainmneach in ionad an ghinidigh.** Chomh maith le struchtúir mar *hata fhear an tí* agus *scrúdú deireadh bliana* tá struchtúir eile a sháraíonn gnáthrialacha an ghinidigh.
- Ní dhéantar ainmfhocal éiginnte atá cáilithe ag aidiacht a chur sa ghinideach tar éis ainm bhriathartha, mar shampla *ag déanamh obair mhaith* nó *ag léamh leabhar leadránach*.
 - Ní infhilltear ainmfhocal atá ina chuspóir i bhfrása infinideach, mar shampla *tar éis an chatha* ach *tar éis an cath a throid*.
- (e) **An tabharthach rannaíoch vs an tuiseal ginideach.** Ba chóir go dtuigfeadh foghlaimoirí Ardleibhéal 1 (C1) cá huair is féidir an tabharthach rannaíoch *de* a úsáid in ionad an ghinidigh agus leaganacha lochtacha mar seo a leanas a sheachaint: *clúdach den leabhar* (recte *clúdach an leabhair*), *luathdhánta den fhile* (recte *luathdhánta an fhile*) agus araile.
- (f) **An aimsir ghnáthchaite.** Ní mór dealú idir an aimsir seo agus an modh coinníollach agus leaganacha lochtacha mar seo a leanas a sheachaint: *Rachainn ann go minic agus mé i mo ghasúr*. (recte *Théinn ann go minic... nó Ba ghnách liom dul ann go minic...*)
- (g) **Eisceachtaí ar shéimhiú tar éis ainmfhocal baininscigh.** Tá sraith rialacha ann maidir le séimhiú ar ainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocal baininscneach. I measc na gcomhthéacsanna ina mbíonn loime ar an ainmfhocal tá:
- Nuair a thagann DNTLS le chéile: *cúirt dúiche, bean déirce*.
 - Nuair a thosaíonn an t-ainmfhocal le *f*: *bean feasa, saoráil faisnéise*.
 - Nuair a bhíonn an t-ainmfhocal ina chuspóir ag ainm briathartha baininscneach: *buachailleacht bó, foghlaim teanga*.
 - Nuair a bhíonn an t-ainmfhocal faoi réir ag cnuasainm baininscneach: *foireann cártaí, sraith dánta*.

- Nuair a chuireann an t-ainmfhocal baininsneach cainníocht éiginnte in iúl: *easpa codlata, barraíocht cainte*.
- Tar éis na n-ainmfhocal baininsneach comhairle, *oifig, rannóg, roinn, seirbhís* agus *scéim* i dteidil oifigiúla: *Comhairle Contae, An Roinn Cosanta*.
- Nuair atá an t-ainmfhocal baininsneach ina pháirt de chorp duine nó ainmhí: *lámh duine, cos circe*.

Is é ról an mhúinteora cuidiú leis na foghlaimeoirí barr cruinnis a bhaint amach sa ghramadach, earráidí na bhfoghlaimeoirí a aithint, a n-aird a tharraingt ar shamplaí agus ar eisceachtaí, iarraidh orthusan tuilleadh samplaí a sholáthar, iad a threorú go dtí na leabhair thagartha ina bhfaighfear míniú ar riail, plé a éascú ar ghnéithe den ghramadach agus seans a thabhairt do na foghlaimeoirí a dtuiscentí féin faoi struchtúir is faoi dheacrachtaí gramadaí a nochtadh dá chéile. Féach **13. Foclóirí agus saothair thagartha a cheadú**.

12. Cumas séimeantach

12.1 Ciall focal

Is é atá i gceist le cumas séimeantach ná go mbeadh na foghlaimeoirí in ann ciall cheart an fhocail nó an natha cainte a thabhairt slán agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh. Ní gnách go mbíonn fadhbanna ag foghlaimeoirí le focail **aonchiallacha**, mar shampla *cuisneoir = fridge* nó *uairadóir = watch*. Is mó seans go ndéanfadh na foghlaimeoirí botúin má bhíonn níos mó ná léamh amháin ar chiall an fhocail. Beidh fadhbanna leis na haicmí focal seo a leanas:

(a) Comhchiallaigh, i.e. focail arb ionann ciall dóibh. Is annamh a bhíonn comhchiall fhoirfe ann ach is ionann, mórán mór, *fearthainn* agus *báisteach*. Tá an-chuid comhchiallach sa Ghaeilge a shamhlaítear le canúint ar leith, mar shampla *oiriúnach, feiliúnach, fóirsteanach*. Corruair, déanann foghlaimeoirí míléamh ar fhocail atá gaolmhar le chéile. Déantar talamh slán de gur comhchiallaigh iad. Meastar, mar shampla, gurb ionann *clann* agus *teaghlach* agus gur féidir iad a mhalartú ar a chéile. Ní hamhlaidh atá, mar is ionann *clann* agus páistí nó sliocht. Muintir an tí go léir, idir lánúin agus chlann, atá sa *teaghlach*. Botún coitianta eile is ea *graiméar* agus *gramadach* a mhalartú faoi mar is ionann ciall dóibh. Is leabhar gramadaí atá sa *graiméar*.

(b) Ilchiallach, i.e. focal amháin a bhfuil cialla éagsúla leis. Tuigtear roinnt rudaí as an fhocal choitianta *delivery*. Tuigtear gurb é atá i gceist le *to deliver a letter* ná litir a thabhairt go dtí láthair éigin (seachadadh). Rud eile ar fad a thuigtear as *to deliver a service* (seirbhís a chur ar fáil). Seans nach n-aithneodh an foghlaimeoir an difear céille, agus go n-úsáidfeadh sé/sí leagan ar nós *seachadadh seirbhíse*.

(c) **Comhainm**, i.e. focal as grúpa focal a litrítear ar an chaoi chéanna ach a bhfuil cialla éagsúla leo, mar shampla *fonn = air, tune* agus *fonn = desire, wish, inclination, urge*. Níl aon ghaol idir na focail i ngrúpa comhainmneacha. D'fhéadfá a mhaíomh gur comhtharlú atá ann iad a bheith litrithe mar a chéile. Corruair, teipeann ar fhoghlaimeoirí an focal ceart Gaeilge a mheaitseáil leis an chomhainm Béarla. Comhainm is ea an focal Béarla *forge*. Bheadh an briathar *brionnú* iomlán ceart dá mbeifí ag caint ar nótaí bréagacha airgid a tháirgeadh. Ní oireann sé do fhrásaí ar nós *to forge ahead* nó *to forge links with*.

Tugtar *contre sens* ar an locht áirithe sin, i.e. focal a úsáid sa chiall mhícheart. Ní bhíonn foghlaimeoirí ag Ardleibhéal 1 (C1) ciontach as *contre sens* atá an-fhollasach ar fad. Ní bheifeá ag súil, mar shampla, le *banc na habhann* in ionad *bruach na habhann*. Ach bíonn deacrachtaí ann de réir mar a éiríonn an teanga níos teicniúla agus níos sainiúla. Cuir i gcás go bhfuiltear ag trácht ar *mandatory registration*, i.e. go bhfuil sé riachtanach carr nó seoladh cónaithe nó rud éigin eile a chlárú. Botún tromchúiseach a bheadh ann *clárú sainordaitheach* a thabhairt air sin. Tá dhá chiall le *mandatory*: (1) 'having the nature or powers of a mandate.' (2) 'obligatory; compulsory'. Is é *sainordaitheach* an focal Gaeilge a chiallaíonn 'having the nature or powers of a mandate'. Is é *éigeantach* an focal Gaeilge a chiallaíonn 'obligatory; compulsory'. Is dócha gur *éigeantach* atá i gceist le *mandatory* sa sampla seo.

Is minic is féidir an *contre sens* a rianú siar go dtí mí-úsáid foclóirí agus liostaí téarmaíochta. Ba chóir go dtuigfeadh na foghlaimeoirí na noda a thugtar sna foclóirí agus an t-eolas a sholáthraíonn siad faoi réimse úsáide an fhocail. De réir mar a thosaíonn na foghlaimeoirí ag úsáid na Gaeilge san fhearann ghairmiúil agus san fhearann phoiblí, is mó a bheidh siad ag brath ar fhoclóirí agus liostaí téarmaíochta chun an focal ceart a aimsiú. Féach **13. Foclóirí agus saothair thagartha a cheadú**.

12.2 Scileanna eile

Tá scileanna tábhachtacha eile ann a bhaineann le húsáid focal.

Parafrása Nuair nach bhfuil focal/frása ar eolas ag na foghlaimeoirí, agus nuair nach bhfuil deis acu an t-eolas a lorg, ba chóir go mbeadh ar a gcumas parafrása nó athleagan a chumadh a thugann an chiall leis. Tá an scil seo thar a bheith tábhachtach nuair is téarma teicniúil atá de dhíth. Mura bhfuil an téarma dlí *díspeagadh cúirte* (*contempt of court*) ar eolas ag an fhoghlaimeoir (nó má mheasann sé/sí nach dtuigfí é), féadann sé/sí parafrása a úsáid ar nós *ag déanamh beag den chúirt* nó *gan meas mar is ceart a thabhairt don chúirt*.

Comhaonaid, i.e. focail a úsáidtear i gcuideachta a chéile de bharr ghnás na teanga. *Faightear* bás. *Teipeann glan* ar rudaí. Toisc iad a bheith fréamhaithe i ngnáthnósanna agus i gcultúr na teanga lena mbaineann siad, athraíonn comhaonaid go mór ó theanga go chéile. Is dúshlán mór don fhoghlaimeoir an comhaonaid ceart a aimsiú sa sprioctheanga, go háirithe i réimsí saoil atá níos sainiúla ná an ghnáthchaint. Bíonn an chontúirt ann go

n-aistreofar an comhaonad Béarla mar *calque* nó mar iasacht aistrithe. Más mian leis an fhoghlaimoír *at a reduced price* a rá, seans láidir go ndéarfadh sé/sí *ar phraghas laghdaithe* in ainneoin *ar lascaine* agus *ar lacáiste* a bheith seanbhunaithe sa Ghaeilge. Tá locht níos tromchúisí ar leithéidí *san aer oscailte* (*in the open air*) agus *na corpáin spéire* (*the heavenly bodies, the stars and planets*) mar is deacair a gciall a fhuascailt. *Amuigh faoin aer* agus *reanna neimhe* a deirtear i nGaeilge.

Is gné thábhachtach den fheasacht teanga na foghlaimoírí a chur ag smaoineamh faoi na difríochtaí seo idir gnás na Gaeilge agus gnás cibé teangacha eile a bheadh ar eolas acu. Ní hinmholta sleachta fada aistriúcháin a dhéanamh sa rang ach is mór is fiú iarraidh orthu comhaonaid choitianta a aistriú go Gaeilge. Ba cheart comhairle a chur orthu faoi conas comhaonaid a aimsiú sna foclóirí. D'fhéadfaí a fhiafraí díobh, mar shampla, 'Cén Ghaeilge atá ar *to catch red-handed*?' Thiocfadh ansin iad a threorú go dtí *red-handed* in *English-Irish Dictionary* nó ar www.focloir.ie agus na leaganacha a mholtar ansin a phlé leo. Cén chiall atá leis an leagan Béarla agus leis na leaganacha Gaeilge *rugadh maol orm* agus *rugadh san fhoghail orm*?

Réim

Ba chóir go n-aimseodh na foghlaimoírí an réim oiriúnach don réimse dioscúrsa a bhfuil siad páirteach ann. Tá réim íseal ag baint le roinnt focal sa cholún ar dheis sa tábla thíos, mar shampla *stiúg sé*. Tá roinnt focal eile nach bhfuil chomh híseal sin ar fad ach nach bhfuil iomlán oiriúnach do chomhthéacs foirmiúil, mar shampla *fear teanga*.

<i>Réim ard/neodrach</i>	<i>Réim íseal</i>
Srón	Caincín
Ar mire	Craiceáilte
Obráid	Dul faoi scian
Radharceolaí	Dochtúir na súl
Chuaigh sé ar shlí na fírinne	Stiúg sé
Instealladh a thabhairt	An biorán a thabhairt
Ateangaire	Fear/bean teanga
Toitín cannabais	Toitín draíochta
Tabhairt ar dhuine séideadh isteach san anáileadán (<i>breathalyse</i>)	An mála a chur ar dhuine

Is beag treoir a thugtar sna foclóirí agus sna liostaí téarmaíochta mar gheall ar cheist chaolchúiseach seo na réime. Ba chóir aird na bhfoghlaimoírí a dhíriú ar shamplaí ábhartha agus a dtuairimí faoi chúrsaí réime a phlé. Tá claonadh i measc foghlaimoírí

Gaeilge na leaganacha cainte 'is tíriúla' a roghnú, mar tuigtear dóibh gurb iad sin na nathanna is gaire do chaint na Gaeltachta. Ba chóir i gcónaí an réimse dioscúrsa a chur san áireamh. Scil thábhachtach eile ná go n-aithneodh na foghlaimeoirí na leaganacha sin a d'fhéadfadh a bheith maslach do chine, do chreideamh, d'aicme shóisialta ná do dhuine atá faoi chumas nó atá faoi bhac meabhrach nó fisiceach, fiú mura bhfuil aon drochrún ná dímheas i gceist ag an té a úsáideann iad, mar shampla *Albanaigh* (focal Ultach ar Phrotastúnaigh), *tincéirí* (an lucht siúil/taistil) agus araile.

13. Foclóirí agus saothair thagartha eile a cheadú

13.1 Ginearálta

Tá sé riachtanach go mbeadh na foghlaimeoirí in ann úsáid éifeachtach a bhaint as foclóirí, graiméir, bunachair ar líne agus áiseanna tagartha eile chun a n-eolas ar an Ghaeilge a bheachtú agus cibé eolas atá de dhíth orthu a aimsiú. Seo thíos liosta de na príomhfhoinsí údarásacha agus de na scileanna a theastaíonn chun lántairbhe a bhaint astu.

13.2 Foclóir *Gaeilge–Béarla* (FGB), Niall Ó Dónaill (1977)

Tá FGB le fáil mar leabhar clóite, ar díosca (faoin teideal WinGléacht) agus ar líne ag an seoladh <http://breis.focloir.ie/en/fgb>. Ba chóir go mbeadh scileanna seo a leanas ag an fhoghlaimeoir ag Ardleibhéal 1 (C1):

Eolas gramadaí agus deilbhíochta

- Teacht ar an eolas maidir le hinscne, ginideach, iolra agus réimniú na gceannfhocal.
- An fhoirm cheart den aidiacht bhriathartha agus den ainm briathartha a aimsiú.
- Breischéim agus sárchéim aidiachtaí.
- Na forainmneacha réamhfhoclacha i ngach pearsa agus uimhir.
- Stádas focal vis-à-vis an Caighdeán Oifigiúil a chinntiú, i.e. treoir a leanúint faoi leaganacha malartacha agus leaganacha caighdeánacha, mar shampla **casán** = COSÁN nó **fabhar** (Var. fábhar).
- Treoir FGB a leanúint i dtaca le hinscne, ginideach, iolra agus réimniú malartach **coláiste**, *m.* (Var: *f*); **béaloideas**, *m.* (Var: *gs. ~a*); **bonn** (*gs. & npl. boinn*) (Var: *pl. ~a(cha)*); **diúltaigh** (Var: **diúlt**).

Comhthéacs agus réimse úsáide

- Focail infhillte agus focail chlaochlaithe a chuardach go héifeachtach, mar shampla, *dathadóra* a chuardach faoi *dathadóir*.
- Réimíreanna agus iarmhíreanna a dheighilt ón fhocal atá le cuardach, mar shampla *sárfhealsamh* a chuardach faoi *fealsamh*.
- Córas na nod in FGB a thuiscint, mar shampla gur focail sheanda liteartha a chomharthaítear leis an nod *Lit*.

- Ciall na nod a chomharthaíonn réimse úsáide focal, go háirithe i gcás focal ilchiallach a mbeadh an foghlaimeoir éiginnte ina dtaobh nó a d'fhéadfaí a úsáid go breallach mura dtuigtear an nod, mar shampla 'smachtbhanna *Jur: Pol: Sanction.*' Tugann na noda sin le fios gur le réimsí an dlí agus na polaitíochta a bhaineann an focal seo. Ní fhéadfaí é a úsáid chun *cead* ná *údarás* a chur in iúl.

13.3 *New English–Irish Dictionary & English–Irish Dictionary (EID)*, Tomás de Bhaldraithe (1959)

Agus an siollabas seo á scríobh, tá an *New English–Irish Dictionary* á fhorbairt ag Foras na Gaeilge ar an suíomh Gréasáin www.focloir.ie. Bíonn iontrálacha á gcur leis an fhoclóir go tráthrialta agus táthar ag súil go mbeidh an fhoclóir iomlán ar fáil faoi dheireadh 2015, tráth a thosófar ar leagan clóite a chur ar fáil. Idir an dá linn, tá leaganacha inchuardaigh d'fhoclóirí eile curtha ar fáil ar <http://breis.focloir.ie>. Gné an-úsáideach den fhoclóir nua ná gur féidir an-chuid de na focail ann a chloisteáil trí chliceáil ar nasc le comhad fuaimne.

Tá EID le fáil mar leabhar clóite agus ar líne ag an seoladh <http://breis.focloir.ie/en/eid>. Is léir ó dháta a fhoilsithe nár cheart EID a úsáid mar fhoinsé nuathearmaíochta. Is iomaí sin gnáth-thearma de chuid na linne seo nach raibh iomrá ar bith air thiar sna 1950í, mar shampla *computer*, *AIDS*. Foclóir ginearálta atá ann, agus is minic a mholtar focail róghinearálta nach n-oireann do shainúsáid an réimse lena mbaineann siad, mar shampla **gné** = *species* agus **gné** = *gender*. B'fhearr na téarmaí aonchiallacha *speiceas* agus *inscne* faoi seach.

Ach tá EID fós ar an fhoclóir Béarla–Gaeilge is cuimsithí dá bhfuil againn. Is foinsé úsáideach i gcónaí é nuair is leagan cainte nó gnáthfhocail atá á lorg. Ní fiú leaganacha mar *near the knuckle* nó *six of one and half a dozen of the other* a lorg ar www.focal.ie mar is bunachar téarmaíochta é sin. Níos inmhólta is ea na leaganacha a fhaightear in EID a chros-seiceáil in FGB, féachaint ar bhfuil tacaíocht ann dóibh nó a ndearnadh mionleasú ar bith ar an litriú ó 1959.

Ach oiread le FGB, tá sé barrthábhachtach go dtuigfeadh na foghlaimeoirí córas na nod in EID. Mura dtuigeann siad an t-eolas faoin réimse úsáide a thugtar sna noda, is baolach go ndéanfaidh siad botúin thromchúiseacha agus iad ag plé le focail ilchiallacha, mar shampla **cabinet**, s. 1. (a) Caibinéad *m. almóir...*(b) *Pol: Comh-aireacht f.*

Dá leanfaí an treoir sin ba léir gur ball troscáin atá i gcaibinéad agus gurb é *comh-aireacht* an focal a fhreagraíonn do *cabinet* sa chiall pholaitiúil. Níor chóir, mar sin, go scríobhfaí leaganacha lochtacha den chineál seo ó shuíomh Gréasáin Roinn an Taoisigh: 'Déanann sé Airí Rialtais (nó an Caibinéad) a ainmniú...' Is fíor, áfach, nach mbíonn na noda in EID i gcónaí chomh beacht sin, agus gur minic a chaithfidh leaganacha a chros-seiceáil in FGB nó ar www.focal.ie chun an réimse úsáide a chinntiú.

13.4 An bunachar téarmaíochta www.focal.ie

Ach oiread le FGB agus EID, ba chóir go dtuigfeadh na foghlaimoirí córas na nod ar www.focal.ie agus an t-eolas a thugann siad faoin réimse úsáide gach téarma. Bíonn deacrachtaí ar leith ag foghlaimoirí leis an nuathéarmaíocht. Is deacair dóibh téarmaí Gaeilge a úsáid go comhleanúnach, cruinn. Tá míleanúnachas sna foinsí tagartha éagsúla agus is minic a chaithfidh an t-úsáideoir rogha a dhéanamh idir roinnt téarmaí éagsúla a chuireann an coincheap céanna in iúl. Tá roinnt cúiseanna leis sin:

- **Téarmaí ‘dúchasacha’ vs téarmaí idirnáisiúnta.** I dtús na hathbheochana bhí clonadh ann téarmaí ‘dúchasacha’ a chumadh, i.e. téarmaí a bhí díorthaithe as eilimintí Gaeilge, mar shampla *aibhléis* le haghaidh *electricity*. Le blianta anuas táthar ag dul i dtreo téarmaí ‘idirnáisiúnta’ atá díorthaithe as fréamhacha Laidine agus sean-Ghréigise agus a thraslitrítear go Gaeilge, mar shampla *leictreachas*. Tá gortghlanadh áirithe déanta ar na téarmaí ‘dúchasacha’ ach tá cuid mhór acu fós in úsáid, chomh maith leis an téarma idirnáisiúnta. Is minic a bhíonn rogha le déanamh ag foghlaimoir idir téarmaí mar *aibhléis* agus *leictreachas*.
- **Téarmaí ‘faofa’ vs téarmaí neamhfhaofa.** Is é atá i gceist le ‘faofa’ ná téarmaí atá molta ag ceann de na heagraíochtaí a bhfuil údarás acu i réimse na téarmaíochta, i.e. Coiste Téarmaíochta Fhoras na Gaeilge (an CT) nó Rannóg Aistriúcháin Thithe an Oireachtais. Tá roinnt téarmaí i ngnáthúsáid nach bhfuil faofa ag ceachtar den dá eagraíocht sin agus nach bhfuil aon stádas acu sa Ghaeilge fhoirmiúil, mar shampla *áisiitheoir* a úsáidtear go forleathan le haghaidh *facilitator* ach nach bhfuil tugtha in aon fhoclóir Gaeilge. *Éascaitheoir* a mholann an CT.
- **Mírér idir na hinstiúidí.** Tá roinnt difríochtaí idir na téarmaí a úsáideann Rannóg Aistriúcháin Thithe an Oireachtais agus na téarmaí a mholann an CT, mar shampla *monatóireacht* ag an CT le haghaidh *monitoring* agus *faireachán* ag an Rannóg ar an choincheap céanna. Is annamh a chuirfeadh a leithéid sin isteach ar fhoghlaimoirí ag Ardleibhéal 1 (C1). Seans, áfach, go mbeadh deacrachtaí tuisceana acu agus iad ag plé le téacs a chloíonn le téarmaíocht na Rannóige. Féach an tráchttaireacht ar an chéad téacs samplach i Léamhthuisceint.

Ba chóir do mhúinteoirí plé ar nuathéarmaíocht na Gaeilge a éascú, go háirithe nuair a bhíonn rogha le déanamh idir téarmaí éagsúla. Cén téarma is fearr a oireann don chomhthéacs? Cad is téarma maith ann, dar leo? Cén fáth a bhfuil téarmaí áirithe inghlactha agus téarmaí eile gan a bheith inghlactha? An gcaithfidh an téarma a úsáid ar chor ar bith, nó an dtiocfadh parafrása a chur ina áit?

Is iomaí gníomhaíocht a d’fhéadfaí a dhéanamh chun cur le feasacht teanga na bhfoghlaimoirí i dtaca leis an nuathéarmaíocht de.

- Tabhairt faoin Chúrsa Scileanna Foclóra atá foilsithe ar www.focal.ie
- Bearnaí i dtéacs a líonadh leis na téarmaí cuí.
- An téarma ceart a roghnú as meascán de théarmaí éagsúla.
- Aistriúcháin ghairide a dhéanamh.

Ba chóir a mheabhú do na foghlaimeoirí nár cheart dóibh a gcuid téarmaí féin a chumadh, mar ní dócha go dtuigfeadh daoine eile iad. I gcás nach bhfuil an téarma atá á lorg le fáil sna foinsí tagartha, b'fhéarr dul i gcomhairle le Coiste Téarmaíochta Fhoras na Gaeilge, ag úsáid na Foirme Fiosraithe atá foilsithe ar an suíomh ar www.focal.ie/Enquiry.aspx.

13.5 An suíomh Gréasáin www.logainm.ie

Ba chóir go mbeadh na foghlaimeoirí in ann leas a bhaint as an fhoinsé eolais údarásach seo le linn dóibh bheith ag lorg leaganacha Gaeilge ar logainmneacha Béarlaithe. Tá droch-chlaonadh ann buille faoi thuairim a thabhairt faoi logainmneacha Gaeilge, mar shampla *Oileán an Chaisleáin* a thabhairt ar *Castleisland* nuair is *Oileán Ciarraí* an leagan ceart Gaeilge. Anuas air sin, tá roinnt mhaith foinsí amaitéaracha ann nach bhfuil iontaofa. Tugtar seanleaganacha in *English–Irish Dictionary*, fiú amháin, mar shampla *Inis Coirthe* (recte *Inis Córthaidh*), *Cúil Rathain* (recte *Cúil Raithin*) agus araile. Ba chóir go mbeadh scileanna seo a leanas ag an fhoghlaimeoir ag Ardleibhéal 1 (C1):

- Gan áiteanna éagsúla a bhfuil an t-ainm céanna Béarla orthu a mheascadh le chéile, mar shampla *Blackrock* Bhaile Átha Cliath (An Charraig Dhubh) agus áiteanna den ainm céanna i gContae Lú (Na Creagacha Dubha) agus i gCorcaigh (An Dúcharraig).
- Treoir a leanúint maidir leis an tuiseal ginideach. Is minic a bhíonn seanghnásanna gramadaí ‘reuite’ sna logainmneacha, mar shampla *chun an tSraitha Báin* san áit a mbeadh Gaeilgeoirí na linne seo ag súil le *chun an tSraitha Bháin*.
- Conas foinsí eile a cheadú más rud é nach bhfuil an logainm liostaithe ar www.logainm.ie mar shampla foilseacháin an Bhrainse Logainmneacha ó dheas agus *The Northern Ireland Placename Project* ó thuaidh.

13.6 Graméir Ghaeilge

Ba chóir go mbeadh foghlaimeoirí ag Ardleibhéal 1 (C1) in ann graiméir Ghaeilge a cheadú chun teacht ar eolas faoi ghnéithe den ghramadach nó chun eolas a dheimhniú. Tugtar a lán eolais faoi ghramadach na gceannfhocal in FGB ach beidh na foghlaimeoirí ag iarraidh cur síos córasach agus míniú céim ar chéim ar phointí áirithe.

Is é an saothar tagartha is cuimsithí ná *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*, ar féidir é a cheadú ar líne ag www.scriobh.ie. Is féidir go mbeadh deacrachtaí ag foghlaimeoirí, fiú ag Ardleibhéal 1 (C1), le cuid de théarmaíocht na gramadaí sa leabhar sin, nó go mbeadh an iomarca mionsonraí sna míniúcháin a thugtar ann. B'fhéarr an cuardach a thosú i bhfoinsé eolais níos ginearálta agus níos so-úsáidte, ar nós *Cruinnscríobh na Gaeilge* le Ciarán Mac Murchaidh (Cois Life, atheagrán le CD-Rom, 2006). Seans gurbh

fharr le foghlaimeoirí go míneofaí pointí casta gramadaí ina dteanga dhúchais féin. Ní miste sin, ach caithfidh siad eolas a chur ar na téarmaí gramadaí is coitianta sa Ghaeilge chun go mbeidh siad in ann an plé sa seomra ranga a thuiscint agus páirt a ghlacadh ann.

Is iomaí bealach inar féidir le múinteoirí scileanna na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt, chun go rachaidh siad i dtaithí ar ghraiméir a cheadú go héifeachtach:

- Má bhíonn obair scríofa le déanamh ag na foghlaimeoirí, is féidir tagairt a scríobh taobh le cibé botún gramadaí a dhéanann siad, á dtreorú go dtí an chuid sin den leabhar gramadaí ina mínítear cibé riail a sáraíodh.
- Iarraidh orthu féin gné éigin den ghramadach a mhíniú don rang, mar shampla ‘An tseachtain seo chugainn beidh tú ag míniú an chláisail choibhneasta dúinn. Gheobhaidh tú cuntas air sin ar na leathanaigh seo a leanas...’
- Téarmaíocht na gramadaí a theagasc agus a úsáid. Cuimhne na bhfoghlaimeoirí a spreagadh le ceisteanna ar nós ‘Cén t-ainm a thugann lucht na gramadaí air sin?’ nó ‘An coibhneas díreach nó indíreach é sin?’

13.7 Litreoirí Gaeilge

Ní miste foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi litreoirí agus gramadóirí Gaeilge ar nós ‘Anois’ (www.cruinneog.com). Tá litreoir Gaeilge istigh sa leagan Gaeilge den fheidhmchlár próiseála focal LibreOffice (féach <https://ga.libreoffice.org>). Caithfear fainic a chur ar fhoghlaimeoirí maidir leis na huirlisí seo, áfach. Más ar an ríomhaire a bhíonn siad ag scríobh, tá an chontúirt ann go mbeadh na foghlaimeoirí ag brath ar an litreoir chun an téacs Gaeilge a sheiceáil. Cé go mbíonn an litreoir an-úsáideach, is iomaí cinneadh a bhíonn le déanamh ag an scríbhneoir féin. Caithfear bheith faichilleach le focail atá gar dá chéile maidir le litriú ach nach ionann ciall dóibh in aon chor *buile = rage vs buille = blow* nó *trial = trial vs triall = travel*. Seans go measfadh an litreoir leaganacha athráiteacha mar *go deo deo* a bheith ‘mícheart.’ Teastaíonn scileanna litrithe ó gach uile dhuine a bhíonn ag scríobh i nGaeilge.

14. Teanga na hacadúlachta

Maíodh cheana gurb iad na sainchomharthaí is suntasaí a bhaineann le hArdleibhéal 1 (C1) ná ardchumas agus solúbthacht le linn don fhoghlaimeoir bheith ag plé le dioscúrsa casta, teibí. Níl fearann ar bith is mó ina dteastaíonn na tréithe sin ná fearann na hacadúlachta. Ní leor na bunscileanna cumarsáide idirphearsanta (BICS - *Basic Interpersonal Communication Skills*) le go mbeidh an foghlaimeoir in ann eolas a chur ar ábhair acadúla agus tascanna acadúla a chur i gcrích, mar shampla aiste a scríobh, páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ranga nó páirt ghníomhach a ghlacadh i seimineár. Cuir i gcás go gcaithfear sliocht as téacsleabhar a léamh. Ní bheidh aon idirghníomhaíocht le cainteoir eile ann le linn na léitheoireachta, ná leideanna físe ach an oiread. Ó thaobh na stíle de, is dócha go measfaidh an foghlaimeoir an téacs a bheith teibí, neamhphearsanta, i.e. ní bhaineann sé le saol pearsanta ná le timpeallacht an fhoghlaimeora. Beidh trácht ann ar choincheapa sainiúla agus is féidir go mbeidh tagairtí cultúrtha ann (do charachtair

litríochta nó do phearsana staire, cuir i gcás). Ní leor eolas ar an ghnáth-theanga chun ciall iomlán an téacs a fhuascailt. Is minic a bhraitheann foghlaimeoirí go mbíonn comhthéacs in easnamh ina leithéid sin de dhioscúrsa, agus go mbíonn deacrachtaí móra acu leis, in ainneoin iad a bheith cumasach go leor sa chumarsáid idirphearsanta.

Dá bhrí sin, caithfidh inniúlacht a bhaint amach i dteanga na hacadúlachta chomh maith. Úsáidfidimid an t-acrainm coitianta CALP (*Cognitive Academic Language Proficiency*) chun cur síos ar an inniúlacht sin. Cuimsíonn CALP scileanna áirithe a bhaineann go dlúth le hArdleibhéal 1 (C1), i.e. cur i gcomparáid agus i gcodarsnacht, rangú, achoimriú, measúnú agus tátal a bhaint as an eolas a chuirtear i láthair. Tá dúshlán ag baint le CALP sa bhreis ar théarmaíocht na scoile nó na hollscoile a chur de ghlanmheabhair ach is cinnte gur gné thábhachtach de CALP eolas a chur ar an fhoclóir sprioctheanga a bhaineann le hábhair acadúla éagsúla. D'fhéadfá a rá go gcaithfear eolas a chur ar shraith nua teanga de réir mar a théitear i ngleic le hábhar staidéir nua. De réir mar a théann an foghlaimeoir in aois, agus de réir mar a éiríonn an staidéar níos sainiúla, éiríonn an teanga níos teicniúla agus níos sainiúla (mar shampla cúrsa céime, iarchéim, obair ghairmiúil). Caithfidh foghlaimeoirí ag Ardleibhéal 1 (C1) eolas a chur ar roinnt téarmaí ginearálta chomh maith le saintéarmaí a bhaineann go dlúth lena réimse oibre/staidéir féin.

Tá taighdeoirí sna mórtheangacha tar éis liostaí a thiomsú de na focail is minice a thagann aníos i dtéacsanna acadúla, bunaithe ar chorpais leictreonacha. Úsáidtear na liostaí sin le haghaidh cúrsaí ullmhúcháin d'foghlaimeoirí a bheidh á múineadh i dteanga seachas a dteanga dhúchais. Féach, mar shampla, "A New Academic Word List", a thiomsaigh an taighdeoir A. Coxhead as an Nua-Shéalainn (*TESOL Quarterly* Imleabhar. 34, Uimhir. 2, lgh.213 –238, 2000) ina bhfuil liosta de 570 focal ardmhnicíochta i mBéarla. Níl a leithéid de thiomsú eolaíoch déanta sa Ghaeilge, go bhfios dúinn, ach measaimid go bhfuil an liosta thíos oiriúnach d'Ardleibhéal 1 (C1), bíodh is nach bhfuil sé iomlán ná cuimsitheach. Is é atá ann ná 50 focal ardmhnicíochta as liosta Coxhead arna aistriú go Gaeilge.

- Is in ord aibítire seachas in ord minicíochta atá na focail ann.
- Tugtar focail chomhchiallacha idir lúibíní.
- Tugtar samplaí a léiríonn úsáid cuid de na focail is teibí sa liosta. Is sa téacsleabhar scoile *Nua-Thíreolaíocht, Tíreolaíocht an Teastais Shóisearaigh* (An Gúm 2003) a fuarthas formhór na samplaí úsáide.
- Ní leor na leaganacha seo a mhúineadh gan iad a chur i gcomhthéacs. Ba chóir na focail a dhéanann comhaonad leo a mhúineadh chomh maith, mar shampla ní leor *léargas* a mhúineadh gan insint do na foghlaimeoirí go ndéantar *léargas a thabhairt*.

airgeadas ‘Caithfidh an t-airgead a fháil ó bhainc nó ó institiúidí airgeadais eile.’

aithint ‘Is furasta cuid de na fadhbanna a aithint.’

ar leith (faoi leith) ‘Bíonn obair shéasúrach ann a chaithfidh a dhéanamh in amanna faoi leith.’

bain le ‘Tá an-tábhacht ag baint leis an chúnamh a chuireann Rialtas na hÉireann ar fáil.’

bunaigh (cuir ar bun)

bunreachtúil (de réir bunreachta)

ceist ‘báisteach aigéadach: ceist chonspóideach’.

cleachtas (gnás)

coincheap

comhthéacs

conradh

cruthaigh

cúinsí ‘Is mar gheall ar na cúinsí seo a théann daoine ar eisimirce ó réigiúin an Iarthair go dtí réigiúin níos rachmasaí san Oirthear.’

cur chuige

dáileadh

de dhíth (ag teastáil)

dlíthiúil

eacnamaíoch (nó ‘geilleagrach’ ag brath ar an chomhthéacs)

earnáil

easpórtáil (onnmhairigh)

faoin gcéad

feidhm ‘Cad iad na feidhmeanna a bhaintear as sadhlas agus as féar tirim?’

fianaise

foinse

foirmle

freagra

glac le (talamh slán a dhéanamh de)

ioncam (teacht isteach)

léirmhíniú

measúnú

modh

obair (saothair)

polasaí (nó ‘beartas’ ag brath ar an chomhthéacs)

prionsabal

próiseas

reachtaíocht

réimse

ról

sainmhíniú

sochar (tairbhe, leas) ‘Téann na seirbhísí seo chun sochair do mhuintir Bhaile Átha Cliath agus do thurasóirí araon.’

sonraí

struchtúr

suntasach ‘bochtaineacht sa Tríú Domhan a laghdú go suntasach.’

tabhair le fios ‘Tugann luachanna os cionn 0 le fios go raibh leibhéil bháistí thar an meán ann.’

taighde

tarlaigh (tit amach)

teoiric

timpeallacht (nó ‘comhshaol’ ag brath ar an chomhthéacs)

tréimhse (ré)

údarás

15. Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1)

Tá gach eolas maidir leis an scrúdú seo, páipéar samplach san áireamh, le fáil ar an suíomh www.teg.ie.

Aguisín 1: Téamaí

Úsáidtear foclóir téamach chun trácht ar dhaoine, ar rudaí, ar ghníomhartha agus araile laistigh de théama ar leith, mar shampla ‘oideachas’ nó ‘an comhshaol’. Tá stór focal ar cheann de na gnéithe den teanga a bhíonn riachtanach chun labhairt faoi thopaic nó chun gníomhú i gcomhthéacs ar leith, mar shampla clár nua ríomhaireachta a mhíniú do chomhghleacaí. Bíonn foclóir leathan ag gach uile théama, agus caithfear míreanna ar leith a roghnú de réir riachtanais agus ábhair spéise na bhfoghlaimoirí.

Rinneadh clúdach cuimsitheach i Siollabais Bhonnleibhéal 1(A1) – Siollabais Mheánleibhéal 2 (B2) ar chuid mhór de na téamaí agus topaicí sa liosta thíos. Moltar úsáid a bhaint as raon leathan téacsanna chun a chinntiú go gcuirfear na foghlaimoirí i ngleic le foclóir a oireann do Ardleibhéal 1 (C1).

Eolas pearsanta agus caidrimh phearsanta

Ainmneacha

Sloinnte

Seoltaí

Sonraí teagmhála

Aois

Teidil, mar shampla *An tUrramach, A Shoilse*

Inscne

Stádas pósta

Náisiúntacht

Áit chónaithe

An teaghlach

Cineálacha caidrimh

Grá agus gnéasacht

Cairde agus cairdeas

Mothúcháin agus tréithe

Cuma

Gnáthchúrsaí an lae

Pleananna don todhchaí

Ócáidí teaghlaigh

Comhfhreagras

Cuirí

Teach agus baile

Cineálacha lóistín

Seomraí/codanna den teach agus d’fhoirgnimh eile

Ag lorg lóistín

Ag aistriú cónaí

An taobh istigh de thithe agus d’fhoirgnimh eile

An taobh amuigh de thithe agus d’fhoirgnimh eile

Seirbhísí

Fearais agus fónais (*appliances and amenities*)

Troscán, earraí tí, leapacha agus éadaí leapa

Cúrsaí maisiúcháin
Obair dheisiúcháin agus chothabhála
Cúrsaí slándála agus árachais
Billí agus costais
Ag díol agus ag ceannach
Rudaí a ligeam amach ar cíós
Conarthaí

An comhshaol

Áit (baile, cathair, faoin tuath agus araile)
Gnéithe den tírdhreach
Feirmeoireacht agus talmhaíocht
Tionsclaíocht
Plandaí, ainmhithe, bláthanna, crainn agus araile
Éanlaith, iasc, feithidí, peataí agus fiadhúlra
Aimsir agus aeráid
Cúrsaí dúlra (Athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil, laethanta saoire ‘glasa’ agus araile)

Taisteal agus iompar

Treoracha
Modhanna iompair príobháideach
Modhanna iompair poiblí
Cineálacha feithiclí
Ticéid, cláir ama agus eolas
Slite beatha a bhaineann le taisteal agus iompar
Rialacha tráchta agus cur i bhfeidhm na rialacha sin
Tiomáint, staid na mbóithre agus páirceáil
Timpistí
Árachas
Ceisteanna a bhaineann le cúrsaí taistil (luas, costas, iontaofacht an chórais taistil phoiblí agus araile)

Taisteal le haghaidh laethanta saoire

Ag ullmhú agus ag cur rudaí in áirithe
Cineálacha laethanta saoire
Málaí taistil
Ag imeacht agus ag teacht abhaile
Cáipéisí aitheantais
Cúrsaí slándála
Custaim
Airgeadra
Ceisteanna a bhaineann le taisteal agus laethanta saoire (méadú ar chúrsaí slándála, costas, tionchar ar an chomhshaol agus araile)

Bia agus deoch

Cineálacha bia agus dí

Béilí

Nósanna a bhaineann le hithe, le hól agus le béilí

Ag siopadóireacht le haghaidh bia

Ag ullmhú béilí

Ag ithe i mbialanna

Ag ordú bia agus dí

Ceisteanna a bhaineann le bia agus deoch (Bia géinathraithe, fadhbanna meáchain is raimhre, alcólachas, rialacha maidir le tiomáint faoi lorg an óil, siopaí mearbhia agus araile)

Siopadóireacht

Cineálacha siopaí

Nósanna a bhaineann le dul ag siopadóireacht

Airgead, praghsanna agus íocaíocht

Ag siopadóireacht le haghaidh éadaí, bróg agus araile

Ag triail éadaí, bróg agus araile

Fabraicí agus cineálacha dathanna is uigeachta

Cineálacha éadaí, bróg

Cineálacha bronntanais, seodra agus oiriúintí (*accessories*)

Seirbhísí

Gnáthsheirbhísí (post, leictreachas, gás, uisce, guthán, banc, idirlíon agus araile)

Údaráis áitiúla

Seirbhísí a ordú, a chur ar ceal nó a athrú – nósanna imeachta agus doiciméid

Seirbhísí taidhleoireachta

Garáistí

An stocmhargadh agus scaireanna

An Garda Síochána/seirbhís póilíneachta

Na seirbhísí éigeandála agus na seirbhísí sóisialta

Sciamlanna agus gruagairí

An corp agus cúrsaí sláinte

Páirteanna den chorp

Cur síos ar an chorp

Gluaiseachtaí an choirp

Feidhmeanna an choirp

Ag tabhairt aire don chorp

Aclaíocht agus cúrsaí sláinte

Tinneas

Timpistí agus gortuithe

Andúil, toitíní, drugaí agus araile

Cúram leighis agus cógais leighis

Foireann leighis

Ospidéal

Obráidí agus gnáthaimh eile leighis

Coinne dochtúra agus comhairle leighis

Cógaslanna
Árachas sláinte

Cúrsaí oibre agus gairme

Cineálacha poist, gairmeacha agus áiteanna oibre
Tascanna agus gníomhaíochtaí a bhaineann le cúrsaí oibre
An struchtúr atá san áit oibre
An áit oibre agus na háiseanna atá inti
Dálaí oibre
Uaireanta oibre
Foireann oibre agus comhghleacaithe
Pá, tuarastal, árachas, cáin, pinsean agus araile
Traenáil
Ag lorg poist (ag cur isteach ar phost, teistiméireachtaí, agallaimh agus araile)
Uirlisí agus trealamh oibre
Ardú céime nó athrú poist
Ceisteanna a bhaineann le cúrsaí oibre (dífhostaíocht, rátaí pá, bulaíocht agus araile)

Oideachas agus staidéar

Cineálacha scoileanna
Imeachtaí agus gníomhaíochtaí scoile
Trealamh scoile
Institiúidí tríú leibhéal agus soláthróirí eile cúrsaí
Ag fiosrú faoi chúrsa agus ag clárú leis
Ag freastal ar chúrsa (na táillí, ábhair, comhghleacaithe, gníomhaíochtaí agus araile)
Foireann/oibríthe oideachais
Ábhair agus réimsí staidéir
Teangacha agus ag foghlaim teangacha
Leibhéal cumais
Cláir ama agus rialacha
Measúnacht, scrúduithe agus torthaí
Cineálacha cáilíochtaí
Searmanas bronnta céimeanna
Ceisteanna a bhaineann le cúrsaí oideachais

Caithimh aimsire agus cúrsaí siamsaíochta

Cineálacha caitheamh aimsire agus gníomhaíochtaí fóillíochta
Cúrsaí ceoil (cineálacha, ag éisteacht, ag seinm, ag foghlaim, uirlisí agus araile)
Cúrsaí spóirt (cineálacha, foirne, comórtais, torthaí, lucht féachana, traenáil, gortuithe agus araile)
Damhsa
Drámaíocht agus amharclanna
Pictiúrlanna
Dánlanna
Ceolchoirmeacha
Raidió agus teilifís

An tIdirlíon/an Gréasán
Léitheoireacht, litríocht agus leabhair
Na healaíona
Taisteal agus laethanta saoire
Na meáin chumarsáide agus iriseoireacht
Ballraíocht i gclubanna agus in eagraíochtaí
Ócáidí sóisialta agus ócáidí teaghlaigh
Ag eagrú imeachtaí
Ag freastal ar imeachtaí
Cuirí
Ag déanamh cur síos ar imeachtaí, ar thaispeántais, ar scannáin, ar leabhair agus araile.

An tsochaí agus cúrsaí polaitíochta

An struchtúr polaitiúil ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta
Eagraíochtaí polaitiúil ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta
Toghcháin
Páirtithe polaitiúla agus treochtaí polaitiúla
Ceisteanna polaitiúla ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta
Cúrsaí coireachta
Cogáí agus coinbhleacht
Síocháin agus réiteach coinbhleachta
Cúrsaí sóisialta (ceisteanna agus fadhbanna)
Cúrsaí gnó agus geilleagair
An t-arm
An dlí
An tsochaí agus cúrsaí polaitíochta (cúrsaí reatha áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta)

Aguisín 2: An Léamhthuiscint. Sampla 1

Cairt Cearta Teanga

a d'fhoilsigh Oifig an Choimisinéara Teanga

Ar fáil ag: <http://www.coimisineir.ie/downloads/cairt-cearta-teanga.pdf>.

CAIRT CEARTA TEANGA

Tá cosaint ar chearta teanga an phobail i mBunreacht na hÉireann agus in achtacháin éagsúla de chuid an Oireachtais, go háirithe in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("An tAcht").

Tá sé mar aidhm ag an Acht sin líon agus caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a chuireann eagraíochtaí stáit ar fáil don phobal a mhéadú, ar bhealach eagraithe, thar thréimhse ama.

Ar na cearta teanga atá dearbhaithe san Acht, tá:

Ceart freagraí a fháil i nGaeilge ó eagraíochtaí stáit ar chomhfhreagras i scríbhinn nó le ríomhpost sa teanga sin.

Ceart fáil a bheith ar dhoiciméid thábhachtacha ar leith ó eagraíochtaí stáit go comhuineach i nGaeilge agus i mBéarla, ina measc, tuarascóla bhlantúla, cuntais iniúchta, róltais straitéiseacha áirithe agus doiciméid ina bhfuil tagraí beartais phoiblí.

Ceart an Ghaeilge a úsáid in aon Chúirt nó i ngnóthai cúirteanna.

Ceart an Ghaeilge a úsáid os comhair Thithe an Oireachtais nó os comhair coistí, fochoistí agus comhchoistí de chuid an Oireachtais.

Ceart a bheith ag súil go bhfóirseofaí gach Acht de chuid an Oireachtais go comhuineach i nGaeilge agus i mBéarla a luaite agus is féidir tar éis a achtaithe.

Ceart a bheith ag súil go mbeadh fáil ar fhaisnéis (m.sh. cora poist) a chuireann eagraíochtaí stáit chuig an phobal, i scríbhinn nó le ríomhphost, i nGaeilge nó go dátheangach (Gaeilge agus Béarla).

Ceart a bheith ag súil go gclóifeadh eagraíochtaí stáit le haon rialacháin a dhéanfar faoin Acht seo i dtaca le húsáid na Gaeilge i gcomharthaíocht, stáiseanáireacht, fógraíocht agus fógraí béal.

Ceart chun fáil a bheith ar gach seirbhís trí Ghaeilge atá comhaontaithe i "scéim" faoin Acht ag eagraíochtaí stáit, san áireamh na forálacha ar leith a bhaineann le ceantair Ghaeilteacha.

Ceart le comhairle nó cúnarnh eile a fháil ó Oifig an Choimisinéara Teanga maidir le cearta teanga faoin Acht.

Ceart go bhfósródh An Coimisinéir Teanga gearáin bhallí faoi theip aon eagraíochtaí stáit cloí lena ndualgais faoin Acht nó faoi aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge.



Bunreacht na hÉireann.

Airteagal 8

1. Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.
2. Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.
3. Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d'fhonn ceachtar den dá theanga sin a bheith ina haonteanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthai oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de.



Déanann an Coimisinéir Teanga monatóireacht ar an mbealach a bhfuil forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 á gcomhlíonadh agus fiosaíonn sé gearáin ón bpobal i dtuairim shéirbhísí an Aichta nó séirbhísí ar aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge. Cuireann an Coimisinéir Teanga comhairle ar fáil freisin don phobal maidir lena gcearta teanga agus do chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais faoin Acht.




Tuairim eolais tríd an bpost, ar facs, le ríomhphost nó ar an teiléifón:

An Coimisinéir Teanga
An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Fón: 091 504006
Glao Áitúil: 1890 504006
Facs: 091 504036

eolas@coimisineir.ie
www.coimisineir.ie

An léamhthuiscint: Sampla 2

Rialacha agus Foirm Iarratais le haghaidh
Chomórtais Scríbhneoireachta Oireachtas na Gaeilge.

  	Oireachtas na Gaeilge Comórtais Liteartha 2007	DON OIFIG U. C. <input type="text"/> U. I. <input type="text"/> Admháil <input type="text"/>
---	---	--

Foirm Iontrála

Uimhir an Chomórtais: _____

Ainm an Chomórtais: _____

Teideal na hiarrachta: _____

Ainm Cleite an Údair: _____

Ainm an Údair: _____

Dáta breithe: _____

Seoladh: _____

Seoladh Riomhphoist: _____

Guthán: _____

Táille: _____

Más mian leat gan dul san iomaíocht ach don chéad duais cuir X sa bhosca seo:

Deimhnimse nach bhfuil táiocht, ná sárú ar chóipcheart, ná aon ní clúmhillteach ná scannalach san iarracht seo uaim agus téim in urraíocht ar Choiste an Oireachtais a shlánú ó imeachtaí ar bith, dlí nó eile, i leith táiochta, nó sárú ar chóipcheart, nó aon ní clúmhillteach nó scannalach a bheith san iarracht seo.

Síniú an údair: _____ Dáta: _____

RIALACHA

- 1 Is gá gach iarracht mar aon leis an táille iomaíochta a bheith ag Oifig an Oireachtais ar 1 Iúil 2007 agus ní ghlacfar le haon iarratas ina dhiaidh sin.
- 2 Is ó údair na scríbhinní a ghlacfar le hiarrachtaí mar ghnáthnós agus ní mór an Fhoirm Iarratais a bheith sínithe ag an údar féin. Glacfar le hiarrachtaí ó fhoilsitheoirí chomh maith ach ní mór fianaise scríofa a bheith leis an iarracht go raibh an t-údar sásta go n-iontrálfai í.
- 3 Ní mór do gach iarracht a bheith clóscríofa agus imeall orlach go leith a bheith fágtha bán ar an taobh chlé den script. Ní mór dhá chóip de gach iarracht a chur isteach.
- 4 Ní foláir gach iarracht a chuirtear san iomaíocht a bheith úrnua agus gur saothar bona fide é de chuid iomaitheora nár ghnóthaigh duais cheana.
- 5 Ní bhronnfar duais ar shaothar a ghnóthaigh duais Oireachtais cheana, ach sa chás go mbeadh dán, gearrscéal a bhuaigh duais cheana anois mar chuid de chnuasach. Ba chóir sonraí faoi seo a chur in éineacht leis an iarracht.
- 6 Ní foláir ainm cleite a úsáid agus é a bhreacadh síos ar an bhfoirm iarratais mar aon le hainm an chomórtais agus uimhir an chomórtais agus an fhoirm sin a sheoladh, leis an táille chuí, chuig Oifig an Oireachtais.
(Ní bhaineann an rialail seo le hábhar atá foilsithe cheana.)
- 7 Ní dhámhfar thar dhuais amháin ar aon iomaitheoir i gcomórtas ar bith. Ní ceadmhach aon iarracht iomaíochta (nó sliocht as) a chur isteach ar níos mó ná comórtas amháin.
- 8 Gabhann Coiste an Oireachtais an ceart chuige féin saothar nach dtagann le treoracha an chomórtais ina n-iontráiltear é a thógáil amach as an gcomórtas sin agus, má thagann sé faoi scáth choinníollacha aon chomórtais eile atá ar an gclár, é a iontráil sa chomórtas sin.
- 9 Tabharfar aire réasúnta do gach scríbhinn a gheofar chun iomaíochta, ach ní bheidh Coiste an Oireachtais freagrach in aon chailliúint ná damáiste a tharlódh d'aon scríbhinn acu trí chúis ar bith. Moltar d'iarrthóirí cóipeanna dá n-iarrachtaí a choimeád.
- 10 Beidh sé de cheart ag Coiste an Oireachtais duaisiarracht nó aon chuid de dhuais-iarracht a fhoilsiú.
- 11 Maidir le drámaí agus dréachtaí, beidh ar lucht buaite na nduaiseanna sin cabhrú in am a gcleachtadh, le haghaidh léirithe i gcomhar an Oireachtais, má iarrtar sin orthu.



RIALACHA



- 12 Is le Coiste an Oireachtais na cóipeanna d'aon iarracht a bhuafaidh duais sna comórtais agus ní chuirfear na cóipeanna sin ar ais chuig an iomaitheoir.
- 13 Cuirfear ar ais chuig an iomaitheoir pé scríbhinní nach ndámhfar duaiseanna ina leith.
- 14 I gcás iarracht liteartha go ndámhfar duais ina leith, bronnfar an duais sin ar an iomaitheoir ar an tuiscint go n-admhófar an duais sin ón Oireachtas go soiléir ar leathanach de pé foilseachán ar a bhfoilseofar ina dhiaidh sin é, mura bhfaightear cead a mhalairt a dhéanamh ó Choiste an Oireachtais. I gcás ina mbíonn an duais curtha ar fáil ag pátrún ní mór freisin ainm an phátrúin a lua go soiléir ar an bhfoilseachán.
- 15 Gabhann Coiste an Oireachtais an ceart chuige féin gan an chéad duais nó duais ar bith eile a dhámhachtain i gcomórtas ar bith nó duais ar bith a roinnt agus fós gan duais a ligean le hiomaitheoir a mbaineann aon ní mí-rialta lena iomaíocht.
Ní bheidh aon dul thar bhreith an Choiste maidir leis na torthaí.
- 16 Ní foláir do gach iomaitheoir a dheimhniú ar an bhfoirm chuí atá sa chlár nach bhfuil sárú ar chóipcheart ná aon tálocht déanta agus é sin a chur i dteannta gach iarracht iomaíochta chuig Stiúrthóir an Oireachtais.
- 17 Ní bheidh cead ag aon duine atá ina bhall d'Fhochoiste de chuid an Oireachtais bheith ina iomaitheoir in aon chomórtas dá mbaineann leis an bhFochoiste sin.
- 18 Ní bheidh dul thar bhreith Choiste an Oireachtais maidir le brí na rialacha.

Nóta d'Fhoilsitheoirí

Beidh cead ag foilsitheoirí,
chomh maith le húdair,
scríbhinní a iontráil le haghaidh comórtas
chomh fada agus go gcomhlíonann siad
gnáthrialacha na gcomórtas sin
agus go mbíonn fianaise scríofa leis an iarracht
a dheimhniú go raibh an t-údar sásta go n-iontrálfai i.

An léamhthuiscint: Sampla 3

The logo for 'Feasta' is displayed in a dark blue rectangular box with the word 'Feasta' written in a white, bold, sans-serif font.

Lámh Láidir

Le Joe Steve Ó Neachtain

**Cló Iar-Chonnachta,
Indreabhán, 2005.**

**Lgh. 477, €15 faoi chlúdach bog,
á mheas ag Gearóid Denver**

Ní duine amháin atá in Joe Steve Ó Neachtain ach scata daoine, pobal daoine in aon cholainn bheo amháin. Ag dearcadh ar a bhfuil curtha i gcrích aige ina shaol go nuige seo, ba mhór é an céadú cuid, ní áirím a leath. Thiar sa mbliain 1969 a leag mé féin súil i gcéadúair. Am agus láthair: feachtas olltoghcháin na bliana sin, taobh amuigh de shéipéal na Ceathrún Rua, agus muintir Chearta Sibhialta na Gaeltachta ag tabhairt dhúshlán an establishment. Fear óg, cruu, caol, gona chardigan seascadúil, agus a charbhat tanaí faiseanta ag tomhais dorn ar son a mhuintire. An paisean, an fuinneamh, an roilleadh cainte ag tíocht leis ina rabharta, focail ag titim ina gcaisí thar a chéile, an díocas le léamh ar chuile shiolla óna bhéal. Agus sin iad comharthaí sóirt gach a bhfuil déanta ag Joe ó shin, ar bhealach.

Ceannródaí pobail a bhí riamh ann ó tháinig sé in inmhe agus is liosta le háireamh na grúpaí ar chaith sé allas agus dúthracht ar a son: Cearta Sibhialta na Gaeltachta, coistí pobail, coistí uisce, Comharchumann Chois Fharraige, Aisteoirí an Spidéil, Éigse an Spidéil agus féilte go leor eile. Agus cár fhág tú a chuid oibre in Údarás na Gaeltachta agus i nGaeltarra Éireann roimhe sin. Agus cuir leis sin an stáitse náisiúnta, áit a bhfuil Joe, agus a chomhaisteoir i nDráma an Duine, Máirín, ina gcrann taca ag Oireachtas na Gaeilge agus ag an bhFéile Náisiúnta Drámaíochta le blianta fada.

Ach thar rud ar bith eile, file agus fear focal é Joe, bua a théas i bhfad siar go dtí laethanta a óige nuair ba nós leis friotal a bhualadh de réir an traidisiúin a fuair sé ó oidhreacht dúchais ar imeachtaí an tsaoil ina thimpeall. Tá tuairisc cuid de na macghníomhartha filíochta sin coinnithe ar lámh shábhála ag cara mór agus comhghleacaí cúise Joe, Timín Joe Tim Ó Curraoin, agus is scéal é arbh fhiú é a ríomh. Agus Joe ag éirí suas bhí an fhilíocht, ceird an fhocail, ina dlúthchuid de ghnáthshaol an duine i bpobal Gaeltachta Chois Fharraige. Ba é an scáthán é ina léiríodh an file imeachtaí saoil an phobail dá mhuintir féin. Mar a dhearbhaigh Filí Bhaile na mBroghach, Joe Shéamuis Sheáin Ó Donnchadha, agus é ag cur ceann ar

aoir ar an ngeaingear bóthair, An Gráinneach Mór:

Ó fuair mise an t-údar, ní baol domsa cúlú,
Ach leanfaidh mé an cúrsa go fearúil;
Is scríobhfaidh mé uachta nach féidir a phlúchadh
Ar aon teallach i ndúiche Chonamara.
(‘An Gráinneach Mór’, Duanaire an Chéid, lch. 164)

D’imigh sin agus tháinig seo. Bhí a bpobal ag na seanfhilí, ó uaisle Éireann anallód go dtí comhthionól fuinniúil fuinte Joe Shéamuis Sheáin, agus tá Joe Steve, a bhfuil dhá leabhar filíochta foilsithe aige, Fead Ghlaice (1986) agus De Dhroim Leice (1990), ar dhuine d’oidhrí na bhfilí sin ina phobal féin i saol na linne seo. Agus ní focail reoite ar phár balbh nach mbeonn an guth daonna atá i bhfilíocht seo Joe Steve, ar ndóigh, ach dánta agus amhráin atá ‘beo ar bhéalaihbh daoine’ ar an gcuma sin a shantaigh Seán Ó Ríordáin ina dhán cáiliúil ‘Fill Arís’.

Sampla maith ionadaíoch dá shaothar filíochta is ea ‘Amhrán Bobby’, a thráchtas ar an gcaoi ar thréig Bobby Molloy Fianna Fáil ar mhaithe leis an bPáirtí Daonlathach. Bhí an t-amhrán go mór i mbéal an phobail ag an am ar cumadh é agus cloistear fós é ó thráth go chéile. Is iomaí duine i nGaeltacht Chonamara, ceantar láidir Fianna Fáileach, ar ghoill an eachtra sin go mór air, agus ní hé amháin go dtéann an t-amhrán leathbharrúil seo gona shúgradh agus a dháiríre go smior ina léiriú ar dhearcadh aicme áirithe daoine ar an scéal (muintir na gCearta Sibhialta den chuid is mó), ach tugann sé léargas cruinn ar na luachanna domhaine pobail atá i gceist sa chás:

Ó, a Thiarna, is gearr a mhairfeas mé
Tá mé ‘caoineadh le trí lá,
Mar bhí Bobby ag súil go leanfainn é
Mar d’éireodh cearc dhá hál.
Bhuel, thréigfinn an creideamh Caitliceach,
Thréigfinn bean is clann,
Ach gheall m’athair do Dhia an lá ar baisteadh mé
Nach dtréigfinn Fianna Fáil.
(‘Amhrán Bobby’, Fead Ghlaice, Lch. 87)

I dteannta a chuid amhrán agus dánta, tá eolas maith ag pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ar na hagallaimh bheirte uilig atá déanta ag Joe, ar cuid anois iad de chanóin na litríochta thiar: scéal Éamonn Casey, an sagart sa bhfaoistin, cailleadh an dole agus a leithéidí a bhfuil riar acu le fáil in Fead Ghlaice. Tá cuid mhór acu ar bhéal na ndaoine i nGaeltacht Chonamara i gcónaí, agus Joe bocht céasta chuile bhliain ag daoine ag iarraidh agallamh nua air aimsir Oireachtais nó Féile.

Agus níl ansin ach a thús! Céard faoi Bhaile an Droichid? Is beag scríbhneoir i dteanga ar bith atá in ann a rá gur chum sé seánra nua ach tharla sin i gcás Bhaile an Droichid. Gallúntrach Gaeltachta, sobal a nigh chuile sheachtain muid ar feadh deich mbliana agus muid á shloigeadh in aon phlaic amháin in éineacht le dinnéar an

Domhnaigh. Agus ba é gaisce Bhaile an Droichid go mbíodh idir óg is sean ag éisteacht go rialta leis ag fanacht leis an gcéad chor glic eile a chuirfeadh Colm as, nó leis an gcéad bhlogam breá Gaorla eile ó Pharthalán.

Ar ndóigh, ní taobh leis an raidió amháin atá craoltóireacht Joe. Feictear go rialta é i bpáirt Pheadair i Ros na Rún ar TG4. Shílfeá, b'fhéidir, ar riar de na blogamacha breátha a thagann as béal cuid de na carachtair sa gelár sin nach é an scriptscríbhneoir i gcónaí máistir an fhocail! Ach ba é máistir sin an fhocail a scríobh an rídhrama sin Níor Mhaith liom do Thrioblóid, dráma a líon Taibhdhearc na Gaillimhe agus hallaí pobail ó cheann ceann na Gaeltachta níos mó ná uair amháin. Ní fhaca mé daoine ag sclamhadh a chéile agus é ina sciob sceab ar thicéid do dhráma Gaeilge ach faoi dhó ariamh: do Cré na Cille agus Níor Mhaith liom do Thrioblóid a léiríodh sa Taibhdhearc le blianta beaga anuas. Beimid ag súil leis an toradh céanna ar an gcéad dráma eile ó pheann Joe, An Té Atá Saor, atá, creidim, ionann is réidh don stáitse.

Níor bheag é an méid sin, ach tá leabhar breá gearrscéalta againn ó pheann Uí Neachtain chomh maith, Clochmhóin (1998) ina bhfuil riar scéalta a théas i ngleic le ceisteanna móra a bhaineas le saol comhaimseartha Ghaeltacht Chonamara sa Ghaeilge chraicneach thírúil sin nach bhfacthas ó aimsir an Chadhnaigh. Bhí ráchairt freisin ar a chéad úrscéal, Scream Mhaidne (2003), ar tóraíocht féinaitheantais agus féiniúlachta atá ann, é suite i bpobal beo Gaeltachta, cuid mhaith, agus ar scéal corraitheach soléite é san am céanna. Chugainn anois cloch mhór eile ar charn liteartha Joe Steve Uí Neachtain le foilsíú úrscéil nua, Lámh Láidir. Beireann an leabhar seo ort ón tús le dea-reacaireacht agus le teannas drámáit a chuid eachtraíochta. Ríomhtar ann scéal trí glúine Gael, mar a dúirt file na nDéise, Pádraig Ó Mileadha, ach gurb é pobal Chonamara atá i gceist. Feicimid na carachtair i mbun an tsaoil agus iad anonn is anall idir Éire agus Sasana, agus ríomhtar a gcuid imeachtaí idir mhaith agus an t-olc, an feall agus an ghrástúlacht i reacaireacht chumasach, agus i nGaeilge thírúil, shaibhir, dhea-shnoite. Dúirt Máirtín Ó Cadhain nach scríobhfaí leithéid Cúirt an Mheon-Oíche go brách arís agus go dtabharfadh sé féin rud ar bith ar a bheith in ann a leithéid a scríobh. Dúradh an rud céanna faoi shaothar Uí Chadhain féin freisin, ar ndóigh, agus níl aon cheist faoi ach gur as an nglaschloich chéanna a sníodh saothar seo Joe Steve.

An méid sin ráite, tá cuid den eachtraíocht in Lámh Láidir roinnt traidisiúnta nó fuinte i seánra na litríochta réigiúnaí ó An tOileánach anuas trí úrscéalta Phádraic Óig Uí Chonaire, agus as sin go dtí úrscéalta traidisiúnaíochta Ghaeltacht Chonamara le glúin anuas mar a feictear i saothar scríbhneoirí mar Mhícheál Ó Raighne, Colm Ó Ceallaigh, Séamas Ó Conghaile agus a leithéidí. As sinsearach liteartha den mhianach sin a d'eascair eachtraí áirithe in Lámh Láidir, mar shampla, an tuairisc ar an gcéad lá ar scoil agus ar bhrúidiúlacht na nuns, chomh maith leis an spraoi a baintear as Béarla leathbhruite na ngasúr. San am céanna, tá an caractrachthar a bheith beo agus éifeachtach agus tá an reacaireacht lán le gaois agus leis an tabhairt faoi deara daonna is dual don scríbhneoir ó dhúchas. Tréith eile a chuidíos go mór le seoladh na reacaireachta is ea an comhrá nádúrtha a mbíonn orlaí den ghreann tírúil ag sníomh tríd go minic. Cén t-iontas sin, a deir tú, má chuimhnítear ar fhréamhacha

liteartha Joe Steve sa litríocht thraidisiúnta bhéil agus sna seánraí nua réalraíochta úd, an drámaíocht stáitse, raidió agus teilifíse.

Éire na Gaeltachta ó na 1950í anuas go dtí urlár an lae inniu, agus scéal an duine aonair agus scéal a phobail á reic sa bhfráma sin, is ábhar do *Lámh Láidir*. Feicimid ar lámh amháin ceann faoi, náire, ísle brí, easpa muiníne agus easpa misnigh na muintire nár chleacht le hoidhreacht shinseartha ach an chos ar bolg agus an drochmheas ó na haicmí ceannais, idir dhúchasach agus allúrach. As taithí dhiúltach saoil den mhianach seo a d'eascair ráiteas Réamoinn ina leith féin san úrscéal: '... ní easpa buíochais atá ag baint chainte asam ach easpa muiníne' (103). Is í an aigne chéanna a thug ar mháthair an reacaire an chomhairle seo a chur air: 'I ngan fhios don saol is fearr a bheith ann, a mhaicín' (197). Ar an lámh eile, feicimid cumas an duine éirí os cionn na hanachaine sin d'fhonn teacht slán as an gcéapar ar fad le spleodar agus le dóchas. Is í an tsamhail is láidre, b'fhéidir, den slánú forásach sin athghabháil an Lodge, ionad cónaí na n-uasal, na lordanna a chuir an pobal thiar faoi chois, ag dream den chine dúchais nuair a cheannaigh Colm é i dtreo dheireadh na hinsinte. Fíoraítear trína bhithin sin miotas bunúil an Chonamaraigh a chuaigh go Sasana ina dhearg-ghasúr beo bocht, a d'oibrigh go cruu ach go cneasta, agus a chruthaigh thar cionn i ndeireadh na feide. Dá réir sin, fabhailscéal ar nua-aoisiú shaol iarthar na hÉireann atá sa leabhar seo ar go leor bealaí sa méid agus go bhfeiceann an léitheoir an ghluaiseacht shoiléir ó sheansaol chomhthionól fuinniúil fuinte Uí Chadhain go dtí ré nua an tíogair cheiltigh.

Cuid bhunúsach de scéal an duine agus a phobail san úrscéal seo agus i saothar Joe Steve fré chéile is ea an fréamhú fisiciúil agus síceach a déantar ar an duine ina áit féin. Ach an oiread le saothar Uí Chadhain, leis na húrscéalta traidisiúnaíocha thuasluaite agus le bunáite na filíochta a cumadh i nGaeltacht Chonamara le glúin anuas, idir fhilíocht liteartha agus fhilíocht bhéil, suitear an duine go lán-chomhfhiosach ina dhúiche féin in *Lámh Láidir*. Labhrann an t-úrscéal seo, i bhfriotal chleamhnaí Joe Steve, Seán Ó Curraoin, 'le glór údarásach ó gharannta beaga' a cheantair féin. I gcuid de na radharcanna is tábhachtaí sa leabhar, na radharcanna sin ina n-aimsíonn carachtair tuiscint dhomhain orthu féin nó ina dtarlaíonn cor cinniúnach sa reacaireacht, tugtar suntas ar leith don suíomh tíreolaíoch. Ar an gcuma seo, is geall le liodán dinnseanchais cuntas an reacaire ar a shiúlóid lena leannán, Sue, tar éis sochraid Réamoinn:

Fad ár n-amhairc d'áilleacht ag síneadh ón gCaoláire Rua go dtí gaineamh geal Bhaile Chonghaile. Na Sceirdí mar a bheadh starróga fiacla ag gardáil Iorras Aithneach. Trí Oileán Árann ar snámh i mbéal Loch Lurgan agus Ailltreacha an Mhothair chomh ríoga le pálás Dé amach uaim ó dheas. Radharc a chuirfeadh aoibhneas ar an gcroí ba dhuirce, nó gur ghiorraigh m'amharc agus gur thosaigh mo shúile ag dul ó chrois go crois sa reilig thíos fúinn. (Lch., 373)

Is le linn an nóiméid ardaithe seo a chuireas Sue ceiliúr pósta ar an reacaire, agus go gairid ina dhiaidh sin déantar ionannú, geall leis, idir paisean an ghrá áite seo agus

paisean grá na lánúine:

Bhí an baile ar fad le feiceáil go sámh sócúlach thíos fúm. Díreach mar a shamhlaigh mé go minic é nuair a luíodh mé ar mo leaba i lár na Breataine. Fad m’amhairc den fharraige mhór le feiceáil i bhfad siar uaim. Líon mo chroí le grá agus bhí a fhios agam ag an nóiméad sin nach bhfágfainn an nádúr seo aríst ar ór ná ar airgead. D’fháisc Sue a barróg orm mar a bheadh sí tar éis m’intinn a léamh, grá ag spréacharnaíl ina dhá súil. Phóg muid a chéile go paiseanta agus go fíochmhar, drogall orm scaradh le blas a béil nuair a thosaigh an dá mhada ag miontafann inár dtimpeall mar a bheidís ár saighdeadh ina chéile. (Lch. 416)

Seo é an duine ar a nádúr agus ar a chompord ina thimpeallacht dhúchasach féin, idir fhisiciúil, chultúrtha agus fiú teangúil. Gné bhunúsach ghaolmhar den scéal seo ar fad cúrsaí teanga freisin. Bíonn an reacaireacht anonn is anall go rialta idir Gaeilge agus Béarla agus feictear riar carachtar ag sealbhú na Gaeilge mar bhealach isteach sa phobal nó sin mar athshealbhú ar oidhreacht dúchais – leithéidí an bhithiúnaigh, Barrett, agus bhean an reacaire, Sue, cuir i gcás. Níor mhiste a mheabhrú mar aguisín leis an méid sin gur téama leanúnach lárnach i saothar Joe Steve an mórtas teanga seo agus gur comhartha láidir féiniúlachta agus sainiúlachta an Ghaeilge féin don duine mar indibhid agus mar bhall dá phobal.

Fearacht go leor eile de shaothar Joe Steve, insítear scéal Lámh Láidir ar fad ar bhealach a chinnteos nach mbeidh tú in ann an leabhar a leagan uait, go gcoinneoidh tú ort ag léamh díreach lena fháil amach céard a tharlós, céard is cor do na carachtair éagsúla. Sin bua atá ó nádúr ag Joe Steve. Scéalaí atá ann, agus tá scéal aige len inseacht. Agus nach breá sin i gcomhthéacs cuid de scríbhneoireacht na linne seo – i nGaeilge agus i dteangacha eile – nuair nach léir go minic do scríbhneoirí céard é scéal ní áirím iad a bheith in ann scéal maith a inseacht. Ach insíonn Joe níos mó ná scéal an leabhair féin anseo. Ar bhealach insíonn sé a scéal féin, scéal a mhuintire, scéal a phobail, scéal a cheantair agus lorg an cheantair sin ar an duine le linn a aistear saoil ó chliabhán go cónra. Agus sin sainmharc de chuid saothar liteartha Joe Steve, an duine ar a nádúr ina chraiceann féin, ina dhúiche féin, idir dhúiche cholainne agus dhúiche anama. Mar a dúirt an deoraí in agallamh beirte leis:

Is é nádúr gach neach
Ná filleadh ar a nead
Ní bhíonn na cnoic leath chomh glas tar éis píosa;
Ach dá mbeadh botháinín agamsa
Ina gcodlóinn go sámh
I mBoston ní fheicfí aríst choíchin mé.
(‘Filleadh an Deoraí’, Fead Ghlaice, Lch. 34)

Cuid den chompord sin an teanga féin, ní hamháin mar earra cultúrtha agus oidhreachta ach mar chosaint ar an dorchadas mór sin amuigh a sháraíos agus a sháinníos an duine go minic ach gur féidir é a chloí más go sealadach féin scaití le fíréantacht an fhocail. Agus léiríonn críoch Lámh Láidir ceann cúrsa dóchasach sin an

duine ainneoin na n-ainneoin ... ach más mian libh an rún a scaoileadh, ceannaigí an leabhar!

Feasta, Lúnasa, 2005

Aguisín 3: Gluais de na príomhthéarmaí

acrainm *acronym*

aiceann *stress*

aiseolas *feedback*

áitiú *persuasion*

aonchiallach *monosemous* Bíonn focal aonchiallach má chuireann sé coincheap amháin in iúl gan aon athbhrí, m.sh. *teileafón*.

béim *emphasis*

caolchúis *subtlety*

carball *hard palate*

ciúta stíle *stylistic device*

coguas *soft palate*

comhréir *syntax*

comhthéacsú *contexting*

comhainm *homonym* Comhainmneacha is ea focail a litrítear mar a chéile ach a bhfuil ciall agus sanas ar leith acu, m.sh. *fraoch = heather* agus *fraoch = fury*.

comhchiallach *synonym* Bíonn focal comhchiallach má tá sé ar aon chiall, nó gar do bheith ar aon chiall, le focal eile, m.sh. *fanacht* agus *feitheamh*.

comhfhiosach (go) *consciously*

consan homorgánach *homorganic consonant* Tugtar *consain homorgánacha* ar leithéidí *t, d, n* toisc gur mar a chéile a bhíonn suíomh na mball urlabhra le linn do gach consan sa ghrúpa a bheith á dhéanamh.

cor cainte *idiom, turn of phrase*

cumas séimeantach *semantic ability* Cumas an fhoghlaimora i dtaca le focail agus ciall focal, m.sh. gan focal a úsáid sa chiall mhícheart.

cumarsáid idirphearsanta *interpersonal communication*

cur chuige comhtháite *integrated approach* Déantar na scileanna éagsúla a fhí isteach le chéile le linn an teagaisc, m.sh. léitheoireacht agus labhairt, léitheoireacht, éisteacht agus scríbhneoireacht agus araile.

débhriocht *ambiguity* Bíonn débhríocht i bhfocal nó i bhfrása a d'fhéadfaí a thuiscint ar níos mó ná slí amháin.

díorthaithe *derived*

doiléire *obscurity*

earráid *error* Botún a dhéantar de bharr míthuisceana ar mhoirfeolaíocht agus ar chomhréir na sprioctheanga. Féach **meancóg** chomh maith.

éiginnteacht *uncertainty*

éirim *gist*

eochairfhocal *key word*

fearann *domain* An réimse saoil nó gníomhaíochta ina n-úsáidtear an teanga, m.sh. an fearann príobháideach, poiblí nó oideachais.

feasacht mheititheangeolaíoch *metalinguistic awareness* Cumas chun machnamh, breathnú agus cur síos ar nádúr teanga faoi leith nó ar nádúr teangacha go ginearálta.

feasacht teanga *language awareness* An tuiscint atá ag foghlaimoirí ar a n-eispéireas foghlama féin agus ar ghnéithe eile ar nós stair agus cultúr na sprioctheanga, cosúlachtaí agus difríochtaí le teangacha eile, áit na teanga sa tsochaí agus araile.

feidhmeanna *functions* Na cuspóirí cumarsáide a bhíonn ag daoine agus iad ag úsáid na teanga, mar shampla, ag déanamh comparáide, ag glacadh le cuireadh, ag cur comhairle agus araile.

focal ardmhínicíochta *high frequency word*

foghlaim féinriartha *autonomous learning* ‘Essentially, autonomy is a *capacity* for detachment, critical reflection, decision making and independent action. It presupposes, but also entails, that the learner will develop a particular type of psychological relation to the process and content of his learning. The capacity for autonomy will be displayed both in the way the learner learns and in the way he or she transfers what has been learned to wider contexts.’ Little, D. 1991. *Learner Autonomy. 1: Definitions, Issues and Problems*. Dublin, Authentik, lch 4.

friotal aeistéitiúil *aesthetic language* Friotal a úsáidtear chun tionchar ealaíne a imirt ar an éisteoir/an léitheoir, m.sh. íoróin, meafair agus araile.

friotal foirmleach *formulaic language* Friotal coinbhinsiúnach a úsáidtear ar ócáidí agus i gcomhthéacsanna ar leith, m.sh. *Ní maith liom do thrioblóid*.

gothaí *gestures*

grinnléitheoireacht *close reading*

hipitéis *hypothesis*

idirtheanga *interlanguage* Leaganacha den sprioctheanga a chuireann an foghlaimeoir ar fáil ag céimeanna éagsúla den phróiseas foghlamtha agus a bhíonn a bheagán nó a mhórán faoi thionchar mháthairtheanga an fhoghlaimeora maidir le comhréir, foghraíocht agus araile.

ilchiallach *polysemous* Bíonn focal ilchiallach má tá cialla éagsúla ann agus na cialla sin a bheith gaolmhar dá chéile, mar atá i gcás *ceann* sna habairtí seo a leanas: 1. Ghortaigh sé a cheann. (= cloigeann) 2. Ag ceann an staighre. (= barr) 3. Is tusa an ceann teaghlaigh anois. (= ceannaire).

imeartas focal *wordplay*

inchiall *implication*

infeiriú *inference, inferring*

infhilleadh *inflexion*

inniúlacht *competence*

ionchur *input*

íoróin *irony*

leagan malartach *variant* Leagan a sholáthraítear mar fhoirm chanúnach in *Foclóir Gaeilge–Béarla*.

leathfocal *hint, something not fully expressed*

leid físe *visual clue*

leid neamhbhriathartha *nonverbal clue*

léirmhíniú pearsanta *personal interpretation*

meancóg *mistake* Botún a dhéantar de bharr brú ama nó easpa cúraim. Féach chomh maith **earráid**.

míleanúnachas *inconsistency*

nascfhocal *linkword*

oideolaíoch *pedagogical*

parafrása *paraphrase*

poncaíocht *punctuation*

próiseas sealbhaithe teanga *language acquisition process*

réim *register* An cineál teanga a úsáidtear i gcomhthéacs sóisialta ar leith.

rócheartú *hypercorrection* Bíonn rócheartú ann nuair a dhéanann cainteoir é/í féin a ‘mhícheartú’ trí mhíthuiscint ar rialacha nó ar choinbhinsiúin teanga.

róghinearálú *overgeneralization*

saintréithe *distinctive characteristics*

saintreorach *prescriptive* A thugann rialacha, treoracha nó orduithe. Féach chomh maith **tuairisciúil**.

seaná *genre*

sméideadh *nod*

sofhríotal *euphemism* Focal neodrach, seachantach a úsáidtear ag tagairt do rud míthaitneamhach nó toirmisce.

solúbthacht *flexibility*

spontáineach *spontaneous*

spriocléitheoir *target reader*

sracléamh *scanning* Cineál léitheoireachta a dhéantar nuair is mian eolas faoi leith a aimsiú go tapa.

sruthléamh *skimming* Cineál léitheoireachta a dhéantar nuair is mian éirim an téacs a thuiscint go tapa.

stór focal gníomhach *active vocabulary*

téarma faofa *approved term* Téarma a cheap institiúid údarásach mar an Coiste Téarmaíochta nó Rannóg an Aistriúcháin.

teibíocht *abstraction*

timchaint *circumlocution* Bealach fadálach, indíreach le rud éigin a chur in iúl.

D’fhéadfadh sé nach raibh an duine ag iarraidh rud éigin a rá amach glan nó d’fhéadfadh sé nach bhfuil focal nó frása faoi leith ar eolas aige.

ton cainte *tone of voice*

tuairisciúil *descriptive* A thugann tuairisc nó cur síos ar an teanga mar atá. Féach chomh maith **saintreorach**.

tuar (ciall a thuar) *to predict (to predict meaning)*

tuin chainte *intonation*

urlabhra *speech, diction*